Bonneagar Iompair Éireann

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

# Luas (Fionnghlas):



# TMTT
# Achoimre Neamh-Theicniúil

BARRY TRANSPORTATION

egis

# Leathanach Rialúcháin Cáipéisí

| | |
|---|---|
| **Cliant:** | **Bonneagar Iompair Éireann** |
| **Teideal an Tionscadail:** | Réamhdhearadh & Próiseas Reachtúil Luas Fhionnghlaise |
| **Teideal na Cáipéise:** | Non Technical Summary |
| **Ainm an Chomhaid:** | LDD101-BEV-GN-ROUT-XX-RP-LE-00053 |
| **Oiriúnacht:** | Suitable for review and comment |

| **Clár na nÁbhar** ***(Y/N san áireamh)*** | **Liosta na dTáblaí** *(Y/N san áireamh)* | **Liosta na bhFíoracha** ***(Y/N san áireamh)*** | **Leathanaigh Téacs** ***(Uimh.)*** | **Aguisíní** ***(Uimh.)*** |
|---|---|---|---|---|
| Y | Y | Y | 89 | 0 |

| **Faisnéis na Cáipéise:** | | **Dearbhú:** | **Ainm:** |
|---|---|---|---|
| **Athbhreithniú:** | *P04.03* | Údar | *AP.Castro* |
| **Cur Síos:** | *For TII Approval* | Seiceálaí Cáilíochta | *AP.Castro* |
| **Dáta:** | *2024-09-30* | Ceadaitheoir | *E.Daly* |

# Clár na nÁbhar

GLUAIS NA dTÉARMAÍ COITIANTA ........ iv
**SECTION 1: INTREOIR ........ 1**
1.1 Cuspóir na Tuarascála seo ........ 1
1.2 Luas (Fionnghlas): ........ 1
1.3 Cuspóirí Luas Fhionnghlaise ........ 2
1.4 Ról Bhonneagar Iompair Éireann ........ 2
**SECTION 2: PRÓISEAS MEASÚNACHTA TIONCHAIR TIMPEALLACHTA ........ 3**
2.1 Próiseas Measúnachta Tionchair Timpeallachta ........ 3
**SECTION 3: PRÓISEAS AN ORDAITHE IARNRÓID ........ 5**
**SECTION 4: AN GÁ ATÁ LE LUAS FHIONNGHLAISE ........ 6**
4.1 Comhthéacs ........ 6
4.2 Tionscadal Éireann 2040 – Plean Forbartha Náisiúnta 2021 -2030 ........ 6
4.3 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 ........ 6
4.4 Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ........ 7
**SECTION 5: ROGHANNA EILE A MEASADH ........ 8**
5.1 Roghanna Straitéiseacha Eile ........ 9
5.2 Gan Dada a Dhéanamh ........ 10
5.3 Dearadh na Slí agus Roghanna Eile ........ 10
5.3.1 Rogha Bealaigh ........ 11
5.4 Roghanna Dearaidh Eile ........ 11
**SECTION 6: COMHAIRLIÚCHÁN ........ 12**
6.1 Gníomhaíochtaí Comhairliúcháin ........ 12
6.1.1 Comhairliúchán maidir leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar ........ 12
6.1.2 Comhairliúchán maidir leis an Rogha Bealaigh ........ 12
6.1.3 Comhairliúchán Neamhreachtúil maidir le Meas Scóipe na Measúnachta Tionchair Timpeallachta ........ 13
6.1.4 Comhairliúchán le hÚinéirí Talún ........ 13
6.1.5 Comhairliúchán le Muintir na hÁite agus Grúpaí Gnó ........ 13
6.1.6 Comhairliúchán le Grúpaí Míchumais ........ 13
6.1.7 Comhairliúchán Réamhiarratais ........ 13
**SECTION 7: CUR SÍOS AR AN SCÉIM BHEARTAITHE ........ 14**
7.1 Limistéar 30 - Stáisiún Dhroichead Broome ........ 14
7.2 Limistéar 31 - Droichead Broome go Bóthar Ghleann na Tulchann ........ 16
7.3 Limistéar 32- Bóthar Ghleann na Tulchann go dtí Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise ........ 20
7.4 Limistéar 33 - Taobh ó thuaidh de Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise go dtí an stáisiún ceann aistir (Stad Bhaile Chathail). ........ 24
**SECTION 8: LUAS FHIONNGHLAISE A THÓGÁIL ........ 30**
8.1 Sláinte agus Sábháilteacht Tógála ........ 31
8.2 Plean Bainistíochta Tógála Timpeallachta ........ 31
8.3 Compúin Fhoirgníochta ........ 32
8.3.1 Suíomhanna na gCompún Foirgníochta ........ 32
8.4 Oibreacha Cumasúcháin ........ 33
8.5 Amanna Oibre ........ 33
**SECTION 9: LUAS FHIONNGHLAISE A OIBRIÚ ........ 34**
**SECTION 10: TIONCHAR AR AN GCOMHSHAOL AGUS MAOLÚ ........ 35**
10.1 Sláinte an Duine ........ 36
10.2 Daonra ........ 38
10.3 An bhithéagsúlacht ........ 40
10.4 Uisce 42

10.5 Talamh agus Ithreacha: Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht ....44
10.6 Tógáil Talún ....46
10.7 Cáilíocht Aeir ....47
10.8 Aeráid ....48
10.9 Torann agus Creathadh ....49
10.10 Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach agus Cur isteach ....50
10.11 Sócmhainní Ábhartha: Bonneagar agus Fóntais ....51
10.12 Sócmhainní Ábhartha: Trácht agus Iompar ....53
10.13 Sócmhainní Ábhartha: Bainistíocht Acmhainní agus Dramhaíola ....55
10.14 Oidhreacht Chultúrtha ....56
10.15 Taitneamhacht Tírdhreacha agus Amhairc ....58
10.16 Rioscaí a bhaineann le Mórthionóiscí agus Tubaistí ....60
10.17 Idirghníomhaíochtaí idir na Gnéithe Comhshaoil Éagsúla....62
10.18 Tionchair Charnacha ....64

**SECTION 11: CAD A THARLÓIDH ANOIS? ....66**

# Liosta na bhFíoracha

Fíor 2-1: Próiseas MTT (Foinse: GCC, 2022) .... 3
Fíor 7-1: Limistéar 30 Suíomh Stáblaíochta Stáisiún Dhroichead Broome, lonnaithe ar an taobh ó dheas den Chanáil Ríoga / Líne Iarnróid Mhá Nuad ....15
Fíor 7-2: Íomhá 3T den síneadh molta ar Shuíomh Stáblaíochta Stáisiún Dhroichead Broome ag breathnú ó dheas (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)....16
Fíor 7-3: Limistéar 31 - Droichead Broome go Bóthar Ghleann na Tulchann ....17
Fíor 7-4: Íomhá 3T ag droichead beartaithe iarnróid na Canálach Ríoga, ag breathnú soir ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála) ....17
Fíor 7-5: Íomhá 3T den athailíniú beartaithe ar Bhóthar Dhroichead Broome (ag breathnú ó thuaidh) agus an droichead ráille beartaithe ag an gCanáil Ríoga ar dheis (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)....18
Fíor 7-6: Léirshamhlú den droichead beartaithe i bPáirc Ghleann na Tulchann, ag breathnú soir (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála) ....19
Fíor 7-7: Íomhá 3T ag Páirc Ghleann na Tulchann atá beartaithe (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)....19
Fíor 7-8: Limistéar 32- Bóthar Ghleann na Tulchann go dtí Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise ....20
Fíor 7-9: Íomhá 3T ag Stad San Eiléana beartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála) ....21
Fíor 7-10: Íomhá 3T ag Páirc Fhearnáin atá beartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)....22
Fíor 7-11: Íomhá 3T ag Bóthar Chaisleán Chairdif beartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála) ....23
Fíor 7-12: Íomhá 3T ag Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise atá beartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)....23
Fíor 7-13:Limistéar 33 Taobh ó thuaidh de Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise go dtí an Stáisiún Ceann Aistir ag Stad Bhaile Chathail ....24
Fíor 7-14: Amharc ón aer ar an droichead atá ann cheana féin ag Páirc Uí Mhaoilíosa, ag breathnú soir ó thuaidh (foinse: Google Earth) ....25
Fíor 7-15: Íomhá 3T ag Páirc Uí Mhaoilíosa bheartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)....26
Fíor 7-16: Íomhá 3T ag Stad San Maighréad beartaithe ag breathnú ó dheas (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)....26
Fíor 7-17: Páirceáil & Taisteal beartaithe le socruithe dul isteach/amach via an Bóthar Thuaidh, ag breathnú soir ó dheas (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)....27
Fíor 7-18: Íomhá 3T ag Bóthar San Maighréad beartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)....28

Fíor 7-19: Íomhá 3T ag Stad Bhaile Chathail beartaithe ag breathnú soir (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála) ....29
Fíor 8-1: Gníomhaíochtaí Tógála don Scéim bheartaithe ....30
Fíor 8-2 Clár Tógála ....31
Fíor 11-1: Treochlár Luas Fhionnghlaise ....66

# Liosta na dTáblaí

Tábla 5-1: Achoimre ar na Roghanna Réasúnta eile a measadh agus an Scéim bheartaithe á cur le chéile .... 8
Tábla 8-1 Suíomh na gCompún Láithreáin ....32
Tábla 8-2 Gnáth-Amanna Oibre ....33
Tábla 10-1: Maitrís Idirghníomhaíochtaí Comhshaoil ....63

# Aguisíní

**Fíor Léaráide 1: Léaráid Luas Fhionnghlaise**

**Fíor Léaráide 2: Gníomhaíochtaí Tógála**

# GLUAIS NA dTÉARMAÍ COITIANTA

| Acrainm | Téarma |
|---|---|
| AA | Measúnú Cuí |
| AC | Sruthanna Ailtéarnacha |
| BIÉ | Bonneagar Iompair Éireann |
| CAP | Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide |
| CEMP | Plean Bainistíochta Tógála Timpeallachta |
| CLG | Cumann Lúthchleas Gael |
| DC | Sruthanna Díreacha |
| DCC | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| DECC | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| DMURanna | Lámhleabhar Deartha do Bhóithre & do Shráideanna Uirbeacha |
| DoT | An Roinn Iompair |
| EMC | Cumas Leictreamaighnéadach |
| EMF | Réimsí Leictreamaighnéadacha |
| EMRA | Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre |
| EPR | An Bealach is Dealraithí a Roghnófar |
| FCC | Comhairle Contae Fhine Gall |
| GAC | Measúnú de réir Critéir Inaistrithe |
| GCC | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| GCT | Gás Ceaptha Teasa |
| GDA | Mórcheantar Bhaile Átha Cliath |
| ICW | Bogach Tógtha Comhtháite |
| MTT | Measúnacht Tionchair Timpeallachta |
| LLCA | Limistéir Áitiúla Nádúir Tírdhreacha |
| LRT | Iarnród Éadrom Idirthurais |
| LRV | Feithicil Iarnróid Éadrom |
| NIS | Ráiteas Tionchair *Natura* |
| NMUnna | Úsáideoirí Gan Inneall |
| NPF | An Creat Náisiúnta Pleanála |
| NTA | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| NTS | Achoimre Neamh-Theicniúil |
| OCS | Córais Teagmhála Lasnairde |
| PAH | Hidreacarbóin Iltimthriallacha Aramatacha |
| PCB | Défheinil Pholaclóirínithe |
| PR | Rogha Bealaigh |
| RF | Radaimhinicíocht |
| RO | Ordú Iarnróid |
| SVOC | Comhdhúil Orgánach Sách So-Ghalaithe |

| Acrainm | Téarma |
|---|---|
| TMTT | Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta |
| TPH | Hidreacarbón Peitriliam Iomlán |
| VOC | Comhdhúil Orgánach So-Ghalaithe |

# SECTION 1: INTREOIR

## 1.1 Cuspóir na Tuarascála seo

Is Achoimre Neamh-Theicniúil (NTS) é an doiciméad seo ar Thuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta (TMTT) maidir le Luas Fhionnghlaise (a nglaofar an "Scéim bheartaithe" air as seo amach).

Déantar achoimre sa doiciméad seo ar an EIAR i dteanga neamh-theicniúil, lena n-áirítear an tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith aige, na bearta maolaithe agus monatóireachta molta, agus aon éifeacht iarmharach a thagann chun cinn ón Scéim bheartaithe. Sainaithníodh na sonraí seo le linn na gCéimeanna Tógála agus Oibríochta chun bonn eolais a chur faoi phróiseas iarratais an Ordaithe Iarnróid (RO). Cuireadh an EIAR le chéile chun dul leis an iarratas ar RO don Scéim bheartaithe le cur faoi bhráid An Bhoird Phleanála (a dtabharfar "an Bord" air as seo amach).

Tugadh faoin measúnú tionchair timpeallachta (EIA) de réir Threoir EIA, bunaithe ar na treoirlínte a thugtar sna *'Treoirlínte maidir leis an Eolas atá le cur sna TMTTanna'* de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA, 2022), mar aon le treoir ábhartha eile.

## 1.2 Luas (Fionnghlas):

Is í an Scéim bheartaithe, atá le feiceáil i bhFíor Léaráide 1, an chéad chéim eile d'fhorbairt líonra iarnróid éadroim Bhaile Átha Cliath. Tá sé 3.9km ar fad agus rachaidh sé chomh fada leis an Líne Uaine Luas ó thuaidh ón stáisiún ceann aistir reatha i nDroichead Broome, chuig stáisiún ceann aistir nua i mBaile Shéarlais. Tá an Scéim bheartaithe deighilte de réir na leibhéal agus lonnaithe go príomha laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC), seachas an stáisiún ceann aistir molta i mBaile Shéarlais, atá i limistéar riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall (FCC).

Tá an Scéim bheartaithe mar chuid den réiteach iompair chomhtháite a bhfuil MetroLink, BusConnects agus DART+ mar chuid de freisin, gnéithe a chlúdaítear faoi Thionscadal Éireann 2040. Beidh gréasán iompartha poiblí ar féidir brath air, atá inbhuanaithe, inacmhainne, comhtháite agus a thacaíonn leis an ngeilleagar mar chuid de na tionscadail seo. Anuas air sin, cabhróidh siad spriocanna na hÉireann a bhaint amach maidir leis an athrú aeráide, de réir Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (CAP24) agus beidh sé níos éasca cónaí i mBaile Átha Cliath, a bheidh ina cheantar inbhuanaithe dá bharr sin. Cé gur chuid lárnach den chóras iompair chomhtháite mholta do Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) í an Scéim bheartaithe, is tionscadal neamhspleách é nach bhfuil ag brath ar aon tionscadal eile lena sheachadadh nó lena fheidhmiú go héifeachtach.

Beidh éileamh ar chóras iompartha poiblí ar féidir brath air, ardtoillte paisinéirí, inbhuanaithe mar gheall ar an daonra atá ag fás agus ar an tithíocht ard-dlúis. Ach an Scéim bheartaithe a chur i bhfeidhm, leanfaidh Éire ag baint amach na ngealltanas a thug sí maidir le neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050. Rinneadh an-chuid anailíse ar an ngá le cur leis an toilleadh paisinéirí ar an gcóras iompartha poiblí i gceantar Fhionnghlaise, lena n-áirítear Staidéar ar an gConair Thiar Thuaidh, a thacaigh leis an gcéad leagan de Straitéis Iompair GDA. Ba é tátal an staidéir go raibh gá le hIarnród Éadrom Idirthurais (LRT) le cois an ghréasáin bhus chun tacú le fás inbhuanaithe an cheantair.

Tacóidh an Scéim bheartaithe le húsáid inbhuanaithe, chomhtháite an iompair le feabhas ar an mbonneagar don iarnróid éadrom agus don taisteal gníomhach (siúl agus rothaíocht araon).

Tacaítear leis an ngá don Scéim bheartaithe sa bheartas reatha, go náisiúnta agus go háitiúil araon, ina measc sin:

- Tionscadal Éireann 2040: An Creat Náisiúnta Pleanála (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2018);
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 (An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe, 2021);
- An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe (An Roinn Iompair, 2022);

- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (CAP23) (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2022);
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (CAP24) (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2024);
- Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn (NIFTI) (An Roinn Iompair, 2021);
- Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 (An tÚdarás Náisiúnta Iompair, 2022);
- Straitéis Réigiúnach Spáis & Eacnamaíochta do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, 2019– 2031 (EMRA, 2019));
- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028 (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2022); agus
- Plean Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall 2023-2029 (Comhairle Contae Fhine Gall, 2023)

## 1.3 Cuspóirí Luas Fhionnghlaise

Cruthaíodh cuspóirí trí chéile chun a chinntiú go dtugtar aghaidh sa Scéim bheartaithe ar na dúshláin a bhaineann le hiompar poiblí atá roimh cheantar Fhionnghlaise agus a thagann le beartais an rialtais mar a pléadh.

Is iad seo a leanas cuspóirí uileghabhálacha na Scéime beartaithe:

- Freastal ar an éileamh ar iompar poiblí agus ar an éileamh amach anseo;
- Nasc iompair phoiblí sábháilte, rialta, éifeachtach, inbhuanaithe, ar féidir brath air, idir Baile Shéarlais agus Bóthar San Maighréad (a bheidh ina áis straitéiseach Páirceála & Taistil chomh maith) chuig lár na cathrach, via Fionnghlas;
- An t-am a ghlactar taisteal ar an gcóras iompair phoiblí idir Baile Shéarlais, Fionnghlas agus lár na cathrach a laghdú, i gcomparáid le turais phríobháideacha sa charr;
- Cur le spriocanna an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide chun an córas iompair phoiblí a dhícharbónú; agus
- An fás geilleagrach a chur chun cinn do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí Bhaile Shéarlais, Fhionnghlaise agus do na ceantair máguaird.

Beidh na torthaí seo a leanas ar an Scéim bheartaithe:

- Gréasán iompartha poiblí mealltach, láidir, cothrom, le nasc níos fearr idir pobail agus feabhas ar an rochtain ar an obair, ar an oideachas agus ar ghníomhaíochtaí sóisialta;
- Líonra bonneagair iompair á éascú, ina dtugtar tús áite don aistriú córa iompair chuig an gcóras iompair phoiblí agus ina gcuirtear an rothaíocht agus an siúl chun cinn; agus
- Tacú le cumas eacnamaíoch agus sóisialta níos fearr, le húsáid chomhtháite na talún agus na pleanála iompair chun ualach ama an taistil a laghdú.

## 1.4 Ról Bhonneagar Iompair Éireann

Is comhlacht reachtúil, neamhthráchtála é Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), a fheidhmíonn faoi choimirce an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (NRA). Bunaíodh BIÉ nuair a cumascadh an NRA agus an Ghníomhaireacht um Iarnród Éireann faoin Acht um Bóithre 2015.

I gcás na Scéime beartaithe, áirítear le feidhmeanna BIÉ an próiseas deartha agus pleanála, lorgtha (agus fála) gach ceada fhorbartha, na ceaduithe fála riachtanacha ábhartha ón mBord san áireamh, agus an Scéim bheartaithe a chur le chéile, ag brath ar chead infheidhmithe RO agus an aire a fháil le tabhairt faoin obair, chomh maith lena feidhmiú agus í a chaomhnú le socrú conartha mar chuid den líonra Luas trí chéile.

# SECTION 2: PRÓISEAS MEASÚNACHTA TIONCHAIR TIMPEALLACHTA

## 2.1 Próiseas Measúnachta Tionchair Timpeallachta

Is próiseas córasach, cuimsitheach é MTT, a dhéanann measúnú ar an tionchar suntasach a d’fhéadfadh a bheith ag tionscadal ar an timpeallacht. Bunaítear bearta deartha agus maolaithe cuí chun aon tionchar a d’fhéadfadh a bheith ar an timpeallacht a sheachaint, a laghdú nó a chúiteamh. Tugtar achoimre san NTS seo ar na sainchaibidlí atá sa TMTT, príomhghnéithe na Scéime beartaithe san áireamh, mar aon le tionchar tábhachtach dearfach agus diúltach a bhaineann le hábhar.

Cuireadh an TMTT le chéile ionas gur féidir leis an mBord cinneadh feasach a dhéanamh, cé acu ar cheart nó nár cheart an RO a bhronnadh don Scéim bheartaithe. Cuirtear faisnéis san áireamh a chuirtear le chéile sa mheasúnú ag an deasc, sna suirbhéanna allamuigh agus ón gcomhairliúchán leis an bpobal, leis na páirtithe leasmhara cuí agus le comhlachtaí ar leith. Tugtar léargas ginearálta ar chéimeanna phróiseas MTT i Fíor 2-1 thíos.




**Fíor 2-1: Próiseas MTT (Foinse: GCC, 2022)**

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí TMTT:

- Cur síos a dhéanamh ar na cúinsí bonnlíne (reatha) sula gcuirtear tús le haon obair ar an Scéim bheartaithe;
- Cur síos a dhéanamh ar roghanna eile réasúnta a fiosraíodh agus an Scéim bheartaithe á cur le chéile agus na príomhchúiseanna gur roghnaíodh an Scéim bheartaithe, lena n-áirítear comparáid idir na héifeachtaí comhshaoil;
- Cur síos a dhéanamh ar an Scéim bheartaithe, lena n-áirítear na hoibreacha tógála is gá chun an Scéim bheartaithe a thógáil agus a fheidhmiú;
- Cur síos a dhéanamh ar na modheolaíochtaí a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an Scéim bheartaithe ar an gcomhshaol;
- Cur síos a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol agus aon tionchar suntasach a d'fhéadfadh teacht aníos le linn thógáil agus fheidhmiú na Scéime beartaithe;
- Bearta maolaithe a mholadh chun aon tionchar suntasach a d'fhéadfadh teacht aníos le linn thógáil agus fheidhmiú na Scéime beartaithe a mhaolú nó a sheachaint;
- Cur síos a dhéanamh ar an tionchar iarmharach tar éis na bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, chomh maith leis an tionchar carnach le haghaidh gach gné den chomhshaol; agus
- Cláir mhonatóireachta a chur le chéile chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chothabháil na mbeart maolaithe molta, agus a n-éifeachtúlacht, lena chinntiú nach mbíonn aon tionchar do-ghlactha aige.

Rinneadh gach measúnú de réir an dea-chleachtais agus na dtreoirlínte infheidhme. Baineann roinnt caibidlí an TMTT leas as treoirlínte ar leith a bhaineann leis an disciplín sin amháin.

Roinneadh doiciméid TMTT sna hImleabhair seo a leanas ionas go mbeadh sé níos éasca iad a úsáid:

- Imleabhar 1 – NTS (an doicimēad seo);
- Imleabhar 2 – Intreoir and Cur Síos ar an Scéim;
- Imleabhar 3 – Bonnlíne agus Measúnú Timpeallachta;
- Imleabhar 4 – Fíoracha, agus
- Imleabhar 5 – Aguisíní.

# SECTION 3: PRÓISEAS AN ORDAITHE IARNRÓID

Tá na hoibreacha iarnróid nua faoi rialú an Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001 (arna leasú), Foráiltear san Acht seo do BIÉ iarratas RO a chur faoi bhráid An Bhoird. Rangaítear an Scéim bheartaithe mar Fhorbairt Straitéiseach Bhonneagair (SID) faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach), 2006 arna leasú. Tá próiseas iarratais RO cosúil go leor le próisis iarratais phleanála SID eile. Leagtar amach an próiseas atá riachtanach chun iarratas ar RO a dhéanamh in Alt 37 go 47F den Acht Iompair [Bonneagar Iarnróid], 2001 (arna leasú ag an Acht um Pleanáil agus Forbairt [Bonneagar Straitéiseach] 2006, an tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2021 [Orduithe Iarnróid] [Measúnacht Tionchair Timpeallachta] [arna leasú] [I.R. Uimh.743/2021]). Deir Alt 37(3) gur, *'cheart iarratas faoi Fho-alt (1) a dhéanamh i scríbhinn, i bhfoirm a shaineodh an tAire agus ní mór don mhéid seo a leanas a chur leis:*

- *dréacht den ordú molta;*
- *plean de na hoibreacha iarnróid atá beartaithe;*
- *sa chás go ndéanann Gníomhaireacht nó duine le cead na Gníomhaireachta an t-iarratas, plean d'aon fhorbairt thráchtála mholta a dhéanamh ar an talamh in aice leis na hoibreacha molta iarnróid;*
- *leabhar tagartha do phlean riachtanach faoin bhfo-alt seo (ina léirítear céannacht úinéirí agus áititheoirí na dtailte a thuairiscítear sa phlean); agus*
- *ráiteas ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an timpeallacht (dá ndéanfar tagairt sa Chuid seo mar 'tuarascáil measúnachta tionchair timpeallachta ina dhiaidh seo') maidir leis na hoibreacha iarnróid atá molta'.*

Ionas go gcomhlíonfar na ceanglais seo, beidh roinnt sceideal san iarratas RO, agus pictiúir ina léirítear sonraí na Scéime beartaithe. Beidh TMTT agus aguisíní bainteacha san iarratas chomh maith. Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar an ábhar seo agus ar an aiseolas/na haighneachtaí a fuarthas le linn na tréimhse reachtúla ina ndéantar comhairliúchán poiblí (a gcuirfear tús leis tar éis an t-iarratas RO a chur isteach) agus déanfaidh sé é a mheas. Is dócha faoin gcéim seo go gcuirfidh an Bord Éisteacht Ó Bhéal ar bun sula ndéanfar cinneadh maidir leis an iarratas RO. Is próiseas é an Éisteacht Ó Bhéal, ina dtugtar deis do BIÉ agus dá shaineolaithe fianaise a chur i láthair maidir leis an Scéim bheartaithe agus na haighneachtaí a fuarthas. Tá deis ann freisin don Bhord agus do dhaoine a chuir aighneachtaí isteach le linn an phróisis chomhairliúcháin reachtúil, ceisteanna a chur ar BIÉ agus ar na saineolaithe. I ndiaidh an phróisis seo agus bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil don Bhord, beidh orthu cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas.

# SECTION 4: AN GÁ ATÁ LE LUAS FHIONNGHLAISE

## 4.1 Comhthéacs

Bíonn an-chuid brú tráchta ann mar gheall ar charranna príobháideacha, a mbíonn tionchar aige ar an gcaighdeán saoil, ar an timpeallacht uirbeach agus ar an tsábháilteacht ar bhóithre. Toisc go meastar go méadóidh daonra Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath go beagnach 1.5 milliún faoi 2040, beidh tuilleadh éilimh ar thaisteal ar bhóithre, nach bhfuil spás orthu do thuilleadh tráchta faoi láthair. Dá bharr sin, tá gá le roghanna taistil atá níos inbhuanaithe.

Mura ngníomhaítear ina leith seo, beidh turais choisithe, rothaíochta agus bhus níos faide, nach féidir brath orthu ar fud an réigiúin, agus beidh tionchar aige seo ar chaighdeán saoil daoine. Léirítear san anailís, go méadófar úsáid an toillte iompair faoi 50% nuair a osclaítear Luas Fhionnghlaise in 2035, do thurais ó dheas chun lár na cathrach le linn bhuaicthráth tráchta na maidine. I gcomparáid leis sin, cabhraíonn bonneagar inbhuanaithe iompair pobail níos inbhuanaithe agus áiteanna níos sláintiúla a chruthú, fad is atá an fhorbairt gheilleagrach á spreagadh ag an am céanna. Cuireann sé leis an tsláinte mhaith agus leis an bhfolláine nuair a dhéantar i gceart é.

Dá bharr sin, tá sé d'aidhm ag an Scéim bheartaithe, nasc iompair phoiblí sábháilte, rialta, éifeachtach, inbhuanaithe, ar féidir brath air, a chur ar fáil idir Baile Shéarlais agus Bóthar San Maighréad (a bheidh ina áis straitéiseach Páirceála & Taistil chomh maith) chuig lár na cathrach, via Fionnghlas.

## 4.2 Tionscadal Éireann 2040 – Plean Forbartha Náisiúnta 2021 -2030

Straitéis lárnach sheanbhunaithe de chuid rialtas na hÉireann is ea Tionscadal Éireann 2040, go mbeadh Éire ina tír níos fearr do chách agus chun a bheith ag obair i dtreo todhchaí níos láidre agus níos inbhuanaithe. Tagraítear go sonrach don Scéim bheartaithe faoi alt 2.4 Gluaiseacht Inbhuanaithe i dTionscadal Éireann 2040. Cinntíonn an straitéis go dtagann na pleananna infheistíochta leis na Cuspóirí Straitéiseacha Náisiúnta luaite do 2040 ar bhealach meáite, comhtháite, faoi leith. Is ionann an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 le chéile Tionscadal Éireann 2040.

Leagtar amach rogha tionscadal i gCaibidil 9 den Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030: Gluaiseacht Inbhuanaithe mar 'Thosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí', ina luaitear an Scéim bheartaithe. Meastar gur phríomhghné den Tosaíocht Infheistíochta Straitéisí í an Scéim bheartaithe, atá mar chuid den iarracht an toilleadh Luas a fhorbairt laistigh den líonra Iarnróid Éadroim trí chéile. Áirítear infheistíocht ghealltа leis seo agus meastar go bhfuil sé ríthábhachtach chun spriocanna fhís an Chreata Náisiúnta Pleanála a bhaint amach. Nuair a thugtar faoin Scéim bheartaithe, cuirfear an bonneagar riachtanach ar fáil ionas nach mbeidh muintir na hÉireann ag brath go mór ar charranna príobháideacha agus go dtosófar ag siúl, ag rothaíocht agus ag baint leas as an gcóras iompair phoiblí.

## 4.3 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024

Is tuarascáil bhliantúil é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide ina leagtar amach, ar leibhéal náisiúnta, conas atáthar ceaptha astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoina leath faoi 2030 (51%) agus neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050. Is treochlár é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun uaillmhian aeráide na hÉireann a bhaint amach.

Baineann Roinn 15 de Phlean 2024 leis an gcóras iompair phoiblí, ina leagtar béim ar an earnáil iompair agus gurb í an earnáil is cúis le sciar suntasach de Gháis Ceaptha Teasa (GCT) na hÉireann, mar shampla astaíochtaí Dé-Ocsaíde Carbóin ($CO_2$), Meatáin ($CH_4$), agus Ocsaíde Nítriúla ($N_2O$). Anuas air sin, deirtear sa phlean *'go mbeidh gá le hathrú ó bhonn agus gníomhú níos sciobtha ar fud na bpríomhbhealaí dícharbónaithe uilig chun na spriocanna laghdaithe iompair 2030 a bhaint amach.'*

Is iad seo a leanas na príomhspriocanna atá le fanacht laistigh den uasteorainn astaíochtaí earnála: laghdú 20% ar iomlán na gciliméadar feithicle a taistealaíodh maidir leis an ngnó mar is gnách; laghdú 50% ar úsáid na mbreoslaí iontaise; athrú suntasach ar an iompraíocht ó úsáid carranna príobháideacha chun cur le líon

iomlán na dturas siúlta, rothaithe nó ar an gcóras iompair phoiblí, agus coinneáil orainn ag leictriú ár bhflíteanna feithicle.

Tá an creat Seachana-Athraithe-Feabhais don inbhuanaitheacht iompair a tugadh isteach in CAP23 fós le fáil in CAP24 chun gach gníomh a rangú. Leagtar béim sa chreat seo ar ról lárnach na pleanála spáis agus úsáide talún agus córais iompair á ndearadh ar féidir leo tacú lenár n-uaillmhian neodrachta carbóin. Meastar gurb é an toradh a bheidh ar CAP24 ná go dtógfar ar CAP23 go mbainfidh Éire an chéad agus an dara buiséad carbóin amach.

Tá gá leis an Scéim bheartaithe chun cur go dearfach leis an athrú ó bhonn ar an earnáil iompair a mholtar in CAP24, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta sainaitheanta (KPInna) chun riachtanais laghdaithe a sholáthar, mar shampla cur go suntasach le líon na dturas iompair inbhuanaithe agus cur le líon na ndaoine a bhaineann leas as na modhanna iompair sin. Léiríonn sé méadú ar an tseirbhís iarnróid leictrithe, a chúiteodh an laghdú ar úsáid na gcarranna agus an bhreosla, fad is atáthar ag cur le líon na dturas laethúil ar an gcóras iompair phoiblí.

## 4.4 Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Foilsithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), tugtar creat sa straitéis iompair seo maidir leis an mbonneagar agus seirbhísí iompair a phleanáil agus a sholáthar i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath as seo go ceann fiche bliain. Aidhm fhoriomlán na straitéise is ea *'córas iompair atá inbhuanaithe, inrochtana agus éifeachtach a chur ar fáil do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, a chomhlíonann riachtanais athraithe aeráide an réigiúin, a fhreastalaíonn ar riachtanais na bpobal uirbeach agus tuaithe, agus a thacaíonn leis an ngeilleagar réigiúnach'* (National Transport Authority, 2022). Tá sé seo bunaithe ar cheithre chuspóir straitéise, is é sin:

- Timpeallacht Nádúrtha agus Thógtha Feabhsaithe;
- Pobail Nasctha agus Caighdeán Saoil Níos Fearr;
- Geilleagar Inbhuanaithe Láidir; agus
- Córas Iompar Poiblí Ionchuimsitheach.

Dearbhaíonn Roinn 4.3.1 de Straitéis Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath go bhfuil na príomhthionscadail shainaitheanta iarnróid atá leagtha amach sa Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath i measc na n-áisitheoirí fáis amach anseo don Chreat Náisiúnta Pleanála.

Tá an Straitéis Iompair tiomanta do thionscadail chlaochlaitheacha eile atá á bhforbairt, mar shampla BusConnects, DART+ agus MetroLink, chomh maith leis an Scéim bheartaithe. Tacaíonn an beart ar leith seo a leanas leis an Scéim bheartaithe:

Beart LRT3 – Luas Fhionnghlaise: *'Tá sé i gceist againn síneadh a chur le Líne Uaine Luas ó thuaidh go Fionnghlas, áis páirceála agus taistil san áireamh, ag an stáisiún ceann aistir nó gar dó.'*

Cuirtear an méid seo leis sa téacs tacúil:

*'Osclaíodh síneadh Líne Uaine go Droichead Broome (Luas Traschathrach) do sheirbhís paisinéirí in 2017. Bhíothas ag pleanáil le fada go gcuirfí síneadh leis an líne seo chun freastal ar an éileamh taistil ó Fhionnghlas, áis páirceála agus taistil san áireamh, ag an stáisiún ceann aistir nó gar dó. Le blianta beaga anuas, rinne an NTA agus BIÉ iarracht Bealach is Dealraithí a Roghnófar a shainaithint don tionscadal seo agus foilsíodh sonraí de in 2020. Tá sé i gceist againn dearadh mionsonraithe agus plean a chur i gcrích sna blianta amach romhainn agus tús a chur le céim tógála na scéime.'*

# SECTION 5: ROGHANNA EILE A MEASADH

Tugtar léargas ginearálta sa chuid seo ar na roghanna réasúnta eile a measadh le linn gach céime d'fhorbairt na Scéime beartaithe ar mhaithe le hachoimre shoiléir a thabhairt ar an méid seo a leanas:

- An próiseas láidir cinnteoireachta a raibh forbairt na Scéime beartaithe mar thoradh air;
- Conas a imeascadh an anailís timpeallachta i bhforbairt Luas Fhionnghlaise ó thús na Scéime beartaithe;
- Na príomhchúiseanna, timpeallachta agus eile, a bhí le Luas Fhionnghlaise nó an ghné ar leith den Scéim bheartaithe a roghnú, seachas na roghanna réasúnta eile a bhí ann
- Forbairt dhóchúil ar staid reatha na timpeallachta gan an Scéim bheartaithe a chur i bhfeidhm (an cás gan dada a dhéanamh).

Tugtar achoimre ar na roghanna réasúnta a measadh agus ar an measúnú féin i Tábla 5-1 thíos.

**Tábla 5-1: Achoimre ar na Roghanna Réasúnta eile a measadh agus an Scéim bheartaithe á cur le chéile**

| Roghanna Eile a Measadh | Cur Síos |
|---|---|
| **Seanstaidéir** | |
| Líne Luas D1 – Droichead Broome go dtí an Meitreo Thiar via Fionnghlas | Tuarascáil ar Shainaithint an Phasáiste agus ar an Indéantacht. (Féach cuid 5.1) |
| Líne Luas D | Anailís ar na Roghanna Bealaigh (Féach roinn 5.3) |
| **Straitéis / Polasaí inar measadh Roghanna eile ar an Luas** | |
| Staidéar Iompair Fhine Gall Bhaile Átha Cliath Thuaidh / Staidéar Pasáiste Thiar Thuaidh / Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath | Achoimre ar mheas na roghanna eile, ag cuimhneamh ar an tionchar timpeallachta mar a thagraítear dó i Staidéar Iompair Fhine Gall Bhaile Átha Cliath Thuaidh 2015, Staidéar Pasáiste Thiar Thuaidh 2015, mar a cuireadh bonn eolais faoi Straitéis Iompair GDA 2016 – 2035 agus Straitéis Iompair GDA nuashonraithe 2022 – 2042. |
| **An Rogha Gan Dada a Dhéanamh** | |
| An Cás 'Gan Dada a Dhéanamh' | Is cur síos ginearálta é seo ar an bpríomhthionchar timpeallachta nach mbeifí ag súil leo sa chás Gan Dada a Dhéanamh, mura dtugtar faoin Scéim bheartaithe. (Féach roinn 5.2) |
| **An Bealach is Dealraithí a Roghnófar á Shainaithint (EPR) (2020)** | |
| Roghanna eile don Scéim bheartaithe (Céim 1 agus Céim 2) | Tugtar achoimre sa chuid seo ar na roghanna eile ar an Scéim bheartaithe, a bhfuil an Bealach is Dealraithí a Roghnófar mar thoradh orthu, tar éis machnamh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an timpeallacht. (Féach roinn 5.3) |
| **An Rogha Bealaigh (PR) (2021) á Sainaithint agus athruithe eile ar an dearadh** | |
| Tuilleadh measúnaithe ar roghanna eile don Scéim bheartaithe | Déantar achoimre ar an gcuid seo ar mheasúnú a rinneadh ar roghanna eile leis an Rogha Bealaigh a chinneadh, ag cuimhneamh ar an aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí. (Féach roinn 5.3.1) |
| Dearadh Leibhéal na Scéime Malartaí | Tugtar achoimre sa roinn seo ar na roghanna eile ar an Scéim bheartaithe a measadh, agus machnamh á dhéanamh ar an tionchar timpeallachta. Mínítear freisin conas a chuaigh an machnamh seo i bhfeidhm ar na príomhchinntí a rinneadh maidir le dearadh na Scéime beartaithe.<br>▪ Suíomh ina gCoimeádfar an Luas;<br>▪ Ascaill Mhic Aoidh / Dearadh Acomhal Bhóthar San Maighréad; agus<br>▪ Suíomh fhostáisiún ESBN. |
| Teicneolaíochtaí Malartacha | Plé ar na teicneolaíochtaí malartacha, agus machnamh á dhéanamh ar an tionchar timpeallachta. Mínítear freisin an chaoi a ndeachaigh an machnamh seo i bhfeidhm ar na príomhchinntí a rinneadh maidir le dearadh na Scéime beartaithe, ina measc sin: |

| Roghanna Eile a Measadh | Cur Síos |
|---|---|
| | ▪ Moltaí ráillí eile (raon féir, raon leabaithe, etc.)<br>(Féach roinn 5.4) |
| Dearaí Malartacha Droichid | ▪ Droichead Broome ceangailte isteach;<br>▪ Droichead Broome;<br>▪ Droichead Pháirc Ghleann na Tulchann; agus<br>▪ Dearadh Thardhroichead do Choisithe.<br>(Féach roinn 5.4) |
| Ailíniúcháin Mhalartacha | Roghanna ailíniúcháin eile a measadh, agus machnamh á dhéanamh ar an tionchar timpeallachta chun an t-ailíniú is fearr don Scéim a shocrú:<br>▪ Athailíniú Dhroichead Broome;<br>▪ Athailíniú beag ar Pháirc Ghleann na Tulchann;<br>▪ Ailíniú Pháirc Chorrán Fhearnáin;<br>▪ Bóthar Mhic Easmainn & Plás Thobar Phádraig;<br>▪ Ailíniú *Uí Mhaoilíosa;*<br>▪ Bealach Isteach Eile ar Chúirt Charraig na bhFiach; agus<br>▪ Cúirt San Maighréad.<br>(Féach roinn 5.4) |
| Suíomh na stadanna agus leagan amach | Plé maidir le conas a tháinig suíomh na stadanna ar leith agus an leagan amach chun cinn, bunaithe ar na cinntí dearaidh a rinneadh don Scéim bheartaithe le linn na céime EPR agus PR, ag cuimhneamh ar shrianta gach suímh agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an timpeallacht:<br>▪ Stad *St Helena*; agus<br>▪ Stad Pháirc Uí Mhaoilíosa.<br>(Féach roinn 5.4) |
| Suíomh agus leagan amach Páirceála & Taistil | Plé maidir le conas a tháinig na suíomhanna Páirceála & Taistil ar leith agus an leagan amach chun cinn, bunaithe ar na cinntí dearaidh a rinneadh don Scéim bheartaithe le linn na céime EPR agus PR, ag cuimhneamh ar shrianta gach suímh agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an timpeallacht. (Féach roinn 5.4) |
| **Roghanna eile don Chéim Tógála** | |
| Compúin Fhoirgníochta | Sa roinn seo, pléitear na roghanna eile do Chéim Tógála na Scéime beartaithe, ag díriú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an timpeallacht:<br>▪ Suíomh na gCompún Foirgníochta. |

## 5.1 Roghanna Straitéiseacha Eile

In 2014, choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair Staidéar Iompair Fhine Gall / Bhaile Átha Cliath Thuaidh (NTA, 2015) chun teacht ar an réiteach fadtéarmach is fearr don chóras iompair phoiblí, le trí phríomhcheantar a nascadh le chéile, is iad sin Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Sord, ag rith ó thuaidh/ ó dheas trí cheantar na an-údarás áitiúil i bhFine Gall agus i gCathair Bhaile Átha Cliath. Thug AECOM faoin staidéar, chun réitigh dhifriúla ar an gcóras iompair phoiblí a fhiosrú, maidir le bonneagar iompair a sholáthar don bhliain 2035. Aithníodh sa mheasúnú gurb é MetroLink an tionscadal meántéarmach agus fadtéarmach is fearr don chóras iompair phoiblí don GDA. É sin ráite, ba é ceann de na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh seo ná go mbeadh an deis ann cur le Luas Traschathrach, chomh fada le Fionnghlas.

Ag an am céanna, rinneadh anailís i staidéar eile ar thug an NTA faoi, 'Staidéar ar an gConair Thiar Thuaidh' (NWCS) (NTA, 2015)' ar an éileamh ar iompar poiblí in iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath. Ba é tátal an staidéir ná go gcaithfeadh LRT cur leis an ngréasán bus chun tacú le fás inbhuanaithe an cheantair. Sa Straitéis Iompair don GDA 2016-2035 a rinneadh ina dhiaidh sin (agus an ceann is deireanaí le haghaidh 2022-2042), sainaithníodh gur príomhbheart é cur leis an Luas ó Dhroichead Broome go Fionnghlas chun feabhas a chur ar na naisc iompair phoiblí sa cheantar. Pleanáladh Luas Traschathrach, a thug an Luas ó Fhaiche Stiabhna go Droichead Broome mar chéim i bhforbairt líonra iarnróid éadroim Bhaile Átha Cliath. Tógadh é chun síneadh a chur leis trí Fhionnghlas amach anseo.

Tacaíonn an Straitéis Iompair don GDA 2022-2042, a foilsíodh i mí Eanáir 2023, le torthaí na Straitéise Iompair GDA 2016-2035, agus tá sé tiomanta do thionscadail chlaochlaitheacha reatha atá á bhforbairt, lena n-áirítear Luas Fhionnghlaise.

## 5.2 Gan Dada a Dhéanamh

Roghanna eile a mheas, lena n-áirítear an Cás 'Gan Dada a Dhéanamh'. Sa chás seo ní thógfaí an Scéim bheartaithe. Sa chás 'Gan Dada a Dhéanamh' ní chuirtear feabhas ar na córais iompair phoiblí reatha agus dá bharr sin, coinneoidh an brú tráchta air ag fás. Mar thoradh air seo, beidh turas níos faide ag comaitéirí agus beidh tionchar ar éifeachtúlacht an chórais iompair phoiblí atá ríthábhachtach don gheilleagar, chomh maith le tuilleadh truaillithe agus astaíochtaí GCT. Dá bharr sin, ní féidir glacadh leis an gCás Gan Dada a Dhéanamh.

## 5.3 Dearadh na Slí agus Roghanna Eile

Agus an Scéim bheartaithe á dearadh, rinneadh roghanna réasúnta difriúla ar an tslí a mheas go mór, chun a chinntiú go roghnaítear an réiteach is éifeachtaí. Cuireadh plean bainistíochta na bpáirtithe leasmhara le chéile chun dul i dteagmháil leo agus chun cumarsáid a dhéanamh leo, ag tabhairt aghaidh ar imní atá orthu agus ar na leasanna atá acu i rith an tionscadail. Beachtaíodh an próiseas dearaidh a thuilleadh nuair a glacadh an t-aiseolas isteach agus an t-eolas nua a bailíodh le linn gach céime den chomhairliúchán poiblí, chomh maith le hanailís a dhéanamh ar shonraí timpeallachta, sonraí iompair, faisnéis gheoiteicniúil, agus suirbhéanna a rinne Foireann Luas.

Tháinig an Scéim bheartaithe chun cinn leis na céimeanna seo a leanas:

- Cuireadh Tuairisc Indéantachta agus Roghanna (**Céim 1 Thuairisc Roghnú Roghanna** Luas Fhionnghlaise) i gcrích in 2019, ag leagan amach na chéad roghanna slí don Scéim bheartaithe;
- Ag tógáil ar thorthaí Chéim 1, cuireadh **an dara céim den Tuairisc Roghnú Roghanna** le chéile in 2020 leis an EPR feadh cheantar Fhionnghlaise a fháil amach;
- Tugadh faoin **gcéad bhabhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil** maidir leis an EPR ón 28 Iúil 2020 go dtí an 17 Meán Fómhair 2020;
- **Forbairt na Rogha Bealaigh** (Mí Mheán Fómhair 2020 go Mí na Nollag 2021). Bunaithe ar aiseolas ón gcéad bhabhta den chomhairliúchán poiblí, rannpháirteachas na bpáirtithe leasmhara agus an phobail, agus infhaighteacht na faisnéise breise maidir leis an dearadh, forbraíodh dearadh an EPR le tuilleadh roghanna measta;
- Tugadh faoin **dara babhta de Chomhairliúchán Poiblí neamhreachtúil** maidir leis an Rogha Bealaigh ón 7 Nollaig 2021 go dtí an 31 Eanáir 2022. Bunaithe ar aiseolas ó phróiseas an chomhairliúcháin phoiblí trí chéile, rannpháirteachas leanúnach na bpáirtithe leasmhara agus infhaighteacht na faisnéise breise maidir leis an dearadh, cuireadh an PR i gcrích; agus
- Chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt TMTT, ullmhaíodh **Tuairisc Scóipe MTT**, ina dtugtar achoimre den scóip mholta, na modhanna, an struchtúr, agus ábhar TMTT. Lorgaíodh tuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara reachtúla agus neamhreachtúla, leis an tuairisc a eisíodh ar an 12 Aibreán 2022, ag cur fáilte roimh a n-aiseolais.

Bhí líonra idir Droichead Broome agus Baile Chathail i gceist leis na chéad roghanna eile ar an tslí. Laghdaíodh é seo ag baint úsáid as modh cáilíochtúil ardleibhéil bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil agus tuiscint ghinearálta ar chúinsí fisiciúla atá ann cheana / srianta lena n-áirítear machnamh timpeallachta laistigh den réimse staidéir.

Rinneadh na roghanna eile maidir leis an tslí a mheas faoi na critéir seo a leanas:

- An Comhshaol;
- Sábháilteacht;
- Comhtháthú;
- Inrochtaineacht agus Ionchuimsiú Sóisialta;
- An Geilleagar; agus
- Ailíniú agus céim chuaire.

Bhí sé ríthábhachtach roghanna rotharbhealaí eile a mheas agus an Bealach is Dealraithí a Roghnófar á leagan amach.

Bhí an Bealach is Dealraithí a Roghnófar ag brath ar chomhairliúcháin neamhreachtúla phoiblí in 2020. Rinneadh anailís chúramach ar aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara agus an phobail le linn na gcomhairliúchán poiblí. Rinneadh athrú agus cuireadh feabhas ar an dearadh mar gheall ar an méid a thug na páirtithe leasmhara faoi deara.

Is féidir sonraí faoin mBealach is Dealraithí a Roghnófar a aimsiú sa roinn 6.1.1 thíos.

### 5.3.1 Rogha Bealaigh

Agus an comhairliúchán maidir leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar thart, athraíodh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar chun dul i ngleic leis an méid a thug na páirtithe leasmhara faoi deara agus chun athruithe agus feabhas ar fhorbairt an dearaidh a chuimsiú. Mar thoradh air seo, forbraíodh Rogha Bealaigh don Scéim bheartaithe.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir le measúnú mionsonraithe na roghanna eile a raibh an Scéim bheartaithe mar thoradh air, i gCaibidil 4 - Roghanna Eile a Measadh sa TMTT seo.

## 5.4 Roghanna Dearaidh Eile

I ndiaidh don phróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil maidir leis an Rogha Bealaigh a bheith curtha i gcrích, rinneadh leasuithe éagsúla ar mholtaí na scéime chun dul i ngleic le cuid de na ceisteanna a tháinig aníos sna haighneachtaí, lena n-áirítear moltaí a chuimsiú ó áititheoirí, grúpaí pobail, gnólachtaí, ionadaithe tofa, agus páirtithe leasmhara, agus / nó ag teacht aníos ó infhaighteacht na faisnéise breise. Cuimsíodh na leasuithe seo sna dearaí agus bunaíodh dearadh na Scéime beartaithe orthu, a cuireadh chun cinn agus a forbraíodh. Is iad seo a leanas roinnt roghanna dearaidh eile a measadh le linn phróiseas an mheasúnaithe slí: fad, cuaire, agus suíomh na stadanna, na n-iostaí agus na dteicneolaíochtaí.

Plé ar na teicneolaíochtaí malartacha, agus machnamh á dhéanamh ar an tionchar timpeallachta. Mínítear freisin an chaoi a ndeachaigh an machnamh seo i bhfeidhm ar na príomhchinntí a rinneadh maidir le dearadh na Scéime beartaithe, ina measc sin:

- Moltaí ráillí eile (raon féir, raon leabaithe, etc.)

É sin ráite, níor measadh ach na réitigh maidir leis na ráillí a oireann don líonra reatha agus a chomhlíonann na riachtanais ar leith don Scéim bheartaithe.

Chuir measúnú na roghanna eile an tionchar ar an timpeallacht san áireamh, chomh maith le cúinsí ábhartha eile, mar shampla an geilleagar, an tsábháilteacht, agus an rochtain, chun an Scéim bheartaithe a fhorbairt.

# SECTION 6: COMHAIRLIÚCHÁN

Bhí rannpháirteachas an phobail ina chuid lárnach den Scéim bheartaithe ón tús ar fad. Tugadh faoi chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil chun an pobal agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas faoin Scéim bheartaithe ón tús agus aiseolas agus rannpháirtíocht a lorg agus an Scéim á forbairt.

Tugadh faoi chomhairliúchán cuimsitheach agus próiseas rannpháirteachais le páirtithe leasmhara, úinéirí talún, agus baill an phobail. Chinntigh an próiseas comhairliúchán go gcuirfí tuairimí na ngrúpaí éagsúla, na ndaoine aonair agus na bpáirtithe leasmhara san áireamh agus an Scéim bheartaithe á forbairt agus le linn don TMTT seo a bheith á cur le chéile.

Chabhraigh an próiseas comhairliúcháin neamhreachtúil leis an méid seo a leanas:

- Bonnlíne timpeallachta sách láidir a bhunú don Scéim bheartaithe agus don timpeallacht bhonnlíne ghlactha;
- Deis a thabhairt do bhaill an phobail agus do pháirtithe leasmhara eile páirt a ghlacadh sa phróiseas agus aon eolas tacaíochta ábhartha eile a roinnt leis an bhFoireann Luas, atá le meas sa phróiseas dearaidh. Ceadaíonn sé seo tionchar suntasach a shainaithint go luath agus anailís spriocdhírithe a dhéanamh air; agus
- Ról cuí na bpáirtithe leasmhara reachtúla agus neamhreachtúla sa dearadh agus sa mheasúnú a chinntiú.

## 6.1 Gníomhaíochtaí Comhairliúcháin

### 6.1.1 Comhairliúchán maidir leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar

Fógraíodh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar ar an 28 Iúil 2020, leis an gcéad chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir le forbairt an EPR thar thréimhse trí seachtaine, ón 28 Iúil 2020 go dtí an 17 Meán Fómhair 2020 agus thacaigh clár gníomhaíochtaí rannpháirtíochta leis, le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal.

Bhí sé i gceist ag BIÉ i dtosach an comhairliúchán seo a reáchtáil ag baint úsáid as modhanna éagsúla, lena n-áirítear imeachtaí comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh. É sin ráite, de bharr na srianta maidir le scaradh sóisialta a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar phaindéim COVID-19 (2020-2021), níorbh fhéidir gníomhaíochtaí a reáchtáil ar an láthair níos mó. Ina ainneoin seo, bheartaigh BIÉ tabhairt faoi chomhairliúchán ar líne ionas go ritear an scéim de réir an sceidil, agus tugadh deis luath do dhaoine aiseolas a thabhairt maidir leis na moltaí agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Reáchtáladh cúpla cruinniú aghaidh ar aghaidh ina raibh lucht an chruinnithe scartha go sóisialta, de réir mar a d'éiligh muintir na háite iad.

Rinneadh na ceisteanna a tháinig aníos le linn an chéad phróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil a mheas mar chuid den phróiseas measúnaithe ar roghanna slí agus an Rogha Bealaigh á deimhniú. Leasaíodh na moltaí maidir leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar chun dul i ngleic leis na ceisteanna a tháinig aníos sna haighneachtaí nuair ab fhéidir, ag cuimsiú moltaí ó áititheoirí, grúpaí pobail, grúpaí úsáideoirí faoi mhíchumas, ionadaithe tofa agus páirtithe leasmhara, nuair ba chuí. Cuimsíodh na leasuithe seo sna dearaí agus bunaíodh dearadh-forbairt na Rogha Bealaigh orthu, a foilsíodh ina dhiaidh sin don chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil.

### 6.1.2 Comhairliúchán maidir leis an Rogha Bealaigh

Reáchtáladh an comhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis an Rogha Bealaigh thar thréimhse ocht seachtaine ón 7 Nollaig 2021 go dtí an 31 Eanáir 2022.

Cuireadh fáilte roimh an bpobal aighneachtaí scríofa a chur isteach maidir leis na moltaí foilsithe do BIÉ, trí fhoirm ar líne, ar ríomhphost nó sa phost.

De bharr na srianta maidir leis an scaradh sóisialta le linn an chomhairliúcháin phoiblí, níorbh fhéidir imeachtaí comhairliúcháin a chur ar bun. É sin ráite, mar fhreagairt ar iarratais ó ghrúpaí áitritheoirí nó óna

n-ionadaithe, ionadaithe tofa an phobail agus ionadaithe na n-eagraíochtaí pobail, bhí tuilleadh rannpháirteachais ann via cruinnithe ar líne.

Measadh na ceisteanna a tháinig aníos le linn an dara babhta den chomhairliúchán poiblí mar chuid den Rogha Bealaigh deiridh agus cruthaíodh bunús don dearadh tosaigh.

### 6.1.3 Comhairliúchán Neamhreachtúil maidir le Meas Scóipe na Measúnachta Tionchair Timpeallachta

Le cois an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an Scéim bheartaithe, thug an Fhoireann Luas faoi chomhairliúchán le linn ullmhú / fhorbairt TMTT le comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla agus leis na comhairlí reachtúil cuí.

Le linn fhorbairt TMTT, tugadh tuairisc, an 12 Aibreán 2022, do chomhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla (lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide [DECC], an Roinn Iompair [DoT]), FCC agus DCC, agus don chomhairlí neamhreachtúil cuí, ina leagadh amach an cur chuige molta i leith na measúnachta timpeallachta agus cuireadh fáilte roimh thráchtanna. Baineadh leas as aiseolas ón gcomhairliúchán seo chun bonn eolais a chur faoin TMTT agus na chéad mholtaí dearaidh.

### 6.1.4 Comhairliúchán le hÚinéirí Talún

Táthar i dteagmháil le húinéirí talún a bhfuil tionchar ar a gcuid réadmhaoine, nó a bhféadfadh tionchar a bheith uirthi, go rialta, de réir mar a fhorbraítear dearadh na scéime beartaithe, ón tús in 2019 go dtí 2024. Bhí an rannpháirtíocht seo ar siúl ag an am céanna leis na comhairliúcháin phoiblí a bhí ar siúl i mí Iúil 2020 agus mí na Nollag 2021.

Chuathas i dteagmháil go speisialta le húinéirí talún a bhfuil tionchar ag an scéim bheartaithe orthu, idir 2022 agus 2024, chun tuilleadh rannpháirtíochta a thairiscint. Thar thréimhse na rannpháirtíochtaí, bhí an deis ag úinéirí réadmhaoine plé a dhéanamh ar ghnéithe difriúla na Scéime beartaithe leis an bhfoireann deartha. Bhí tuilleadh comhairliúcháin phoiblí ar siúl le linn 2024.

### 6.1.5 Comhairliúchán le Muintir na hÁite agus Grúpaí Gnó

Le linn phróiseas fhorbairt dhearadh na Scéime beartaithe, ó thosú an chéad chomhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil i mí Iúil 2020, d'éascaigh BIÉ comhairliúchán nuair a iarradh é le grúpa beag daoine áitiúla agus gnólachtaí a bhfuil spéiseanna acu ar / feadh na slí. D'éascaigh imeachtaí dá leithéid plé maidir leis an dearadh don Scéim bheartaithe agus tugadh deis dóibh siúd a d'fhreastail orthu ceisteanna a chur ar an bhFoireann Luas agus aiseolas a thabhairt.

### 6.1.6 Comhairliúchán le Grúpaí Míchumais

De réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, d'éascaigh BIÉ comhairliúchán maidir leis an Scéim bheartaithe le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, mar shampla *Voice of Vision Impairment.* Bhí BIÉ i mbun comhairliúcháin ar bhonn leanúnach leis an Údarás Náisiúnta Míchumais, agus le húsáideoirí agus soláthraithe na seirbhíse, tríd an nGrúpa Úsáideoirí Luas, ag spreagadh aiseolais sa phróiseas dearaidh.

### 6.1.7 Comhairliúchán Réamhiarratais

Sular cuireadh an RO isteach, reáchtáladh cruinniú comhairliúcháin réamhiarratais ar an 26 Bealtaine 2023 leis an mBord. Cheadaigh an cruinniú seo don Fhoireann Luas léargas ginearálta a thabhairt ar an Scéim bheartaithe agus achoimre a thabhairt maidir leis na príomhcheisteanna comhshaoil atá á meas sa TMTT. Anuas air sin, aontaíodh próisis nós imeachta agus cúrsaí leis an mBord, ag cuimhneamh ar chur isteach an Iarratais RO sa dara cruinniú a reáchtáladh ar an 15 Márta 2024.

# SECTION 7: CUR SÍOS AR AN SCÉIM BHEARTAITHE

Forbraíodh dearadh na Scéime beartaithe trí atriallta cuimsitheacha dearaidh, le béim ar leith ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an timpeallacht a laghdú an oiread agus is féidir, más indéanta, fad is a chinntítear go bhfuil cuspóirí na Scéime beartaithe á mbaint amach. Chomh maith leis sin, más cuí, cuimsíodh an t-aiseolas a fuarthas ó chlár cuimsitheach comhairliúcháin, ar tugadh faoi le linn na bpróiseas roghnúcháin agus forbartha dearaidh.

Is síneadh ó thuaidh ar an Líne Uaine Luas atá ann cheana ón stáisiún ceann aistir reatha i nDroichead Broome atá sa Scéim bheartaithe. Tá an tslí mholta 3.9km ar fad agus beidh ceithre Stad nua ann, rotharbhealaí agus cosáin feadh na slí, áis Páirceála & Taistil in aice le bóthar San Maighréad, dhá dhroichead (ag an Tulcha agus thar iarnród Líne Mhá Nuad agus an Chanáil Ríoga) agus síneadh le limistéar stórála na bhFeithiclí Iarnróid Éadroma (LRV) ag an gceantar stórais *Hamilton* atá ann cheana féin ag an Líne Uaine Luas i nDroichead Broome.

Tá iarnród éadrom ardtoillte paisinéirí, ardmhinicíochta a ritheann ó Dhroichead Broome go Baile Chathail i gceist leis an Scéim bheartaithe, atá lonnaithe go hiomlán laistigh de cheantair riaracháin FCC agus DCC. Nascann an Scéim bheartaithe Fionnghlas agus na ceantair mháguaird le gréasán iompartha poiblí Bhaile Átha Cliath trí chéile, leis an tseirbhís iompair phoiblí éifeachtach a chuirtear ar fáil do lár na cathrach via Droichead Broome.

Dearadh an Scéim bheartaithe chun nascadh le gnéithe reatha agus amach anseo an ghréasáin iompair, ionas gur féidir aistriú go héasca go dtí an gréasán bus ag gach stad nua agus go dtí an phríomhlíne iarnróid ag Droichead Broome. Anuas air sin, tá sé i gceist ag an Scéim bheartaithe, le cuimsiú na rotharbhealaí agus an bhonneagair rothaíochta a nascann an Scéim bheartaithe le líonra rothaíochta GDA, éascaíocht a dhéanamh ar "thurais rothaíochta-LRT ilmhódacha" mar phríomhghné den Scéim bheartaithe.

Tógfar formhór na slí ag baint úsáid as raon féir, ar nuálaíocht álainn, inbhuanaithe í don iompar uirbeach in Éirinn.

Tá gá le dhá fhostáisiún greama chun cumhacht a sholáthar don Scéim bheartaithe, a bheidh lonnaithe ag Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise agus ag Stad Bhóthar San Maighréad. Tá fostáisiún eile lonnaithe laistigh den áis Páirceála & Taistil go mbeadh a fhoinse cumhachta féin via painéil fhótavoltacha (PV) chomh maith le soláthar leictreachais do luchtphointí na bhfeithiclí leictreacha (EV) atá á gcur ar fáil mar chuid den Scéim bheartaithe.

Baintear úsáid as na codanna tíreolaíochta seo a leanas chun cur síos a dhéanamh ar an Scéim bheartaithe ón deisceart go dtí an tuaisceart:

- Limistéar 30 - Stáisiún Dhroichead Broome (roinn 7.1);
- Limistéar 31 - Droichead Broome go Gleann na Tulchann (roinn 7.2);
- Limistéar 32- Bóthar Ghleann na Tulchann go dtí Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise (roinn 7.3); agus
- Limistéar 33 - Taobh ó thuaidh de Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise go dtí stáisiún ceann aistir Bhaile Chathail (roinn 7.4).

## 7.1 Limistéar 30 - Stáisiún Dhroichead Broome

Tá an ceantar seo lonnaithe ar an taobh ó thuaidh den Líne Uaine Luas atá ann cheana féin, ar an taobh theas den Chanáil Ríoga agus de líne iarnróid Mhá Nuad. Tá na saoráidí stáblaíochta reatha in iosta *Hamilton* Dhroichead Broome ar lánacmhainneacht, agus dá bharr sin ní mór lánaí stáblaíochta nua a chur ar fáil ionas gur féidir tuilleadh feithiclí a fháil don Scéim bheartaithe. Is le DCC an talamh atá díreach in aice leis an gceantar molta don stáblaíocht agus reáchtáladh neart comhairliúchán le DCC, a bhfuil sé mar aidhm acu tithe a thógáil ar an talamh sin, go mbeadh an dearadh ag teacht leis sin. I ndiaidh dóibh an dearadh a bharrfheabhsú, socraíodh gur ceithre lána atá in achar an cheantair stáblaíochta. Tá tionchar dearfach aige seo ar thógáil talún ó DCC a laghdú, agus laghdófar an tionchar dá bharr sin ar fhorbairt fhéideartha na réadmhaoine DCC in aice láimhe. Féach Fíor 7-1 agus Fíor 7-2.

Tá trí raon ballasta sa cheantar leathnaithe den stáblaíocht agus is lána raon leabaithe sa talamh é an ceathrú ceann chun éascaíocht a dhéanamh ar rochtain feithiclí. Beifear ábalta ocht LRV eile a stóráil agus a fheidhmiú sa cheantar stáblaíochta. Tá gá le Limistéar 30 a dhéanamh cothrom arís agus sconsa teorann nua a thógáil ar an taobh ó dheas mar chuid de thógáil na Scéime beartaithe.




**Fíor 7-1: Limistéar 30 Suíomh Stáblaíochta Stáisiún Dhroichead Broome, lonnaithe ar an taobh ó dheas den Chanáil Ríoga / Líne Iarnróid Mhá Nuad**



**Fíor 7-2: Íomhá 3T den síneadh molta ar Shuíomh Stáblaíochta Stáisiún Dhroichead Broome ag breathnú ó dheas (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

## 7.2 Limistéar 31 - Droichead Broome go Bóthar Ghleann na Tulchann

Tá an limistéar seo timpeall 850m ar fad, ag síneadh amach ón Líne Uaine Luas atá ann cheana ag Droichead Broome go dtí Bóthar Ghleann na Tulchann. Beidh dhá struchtúr mhóra sa chuid seo: bealach trasna líne Iarnróid Mhá Nuad atá ann cheana, an Chanáil Ríoga agus an Glasbhealach; agus bealach trasna Pháirc Ghleann na Tulchann agus na Tulchann. Níl aon Stad Luas nua sa chuid seo. Féach Fíor 7-3.



**Fíor 7-3: Limistéar 31 - Droichead Broome go Bóthar Ghleann na Tulchann**

Tosóidh an raon nua ag ardú ar struchtúr nua, tréan rampa, ar an taobh thiar d'ardán Stad Dhroichead Broome. Nascann an rampa seo leis an droichead molta os cionn líne iarnróid Mhá Nuad agus na Canálach Ríoga. Socraíodh airde urlár an droichid leis na riachtanais imréitigh don líne chanálach agus iarnróid, ag cur leictriú líne Mhá Nuad amach anseo san áireamh. Bainfear leas as an gceantar beag thíos faoi, in aice le teannta theas an droichid, chun saoráid stórála rothar a chruthú a fhreastalóidh ar thurais rothaíochta-LRT agus a spreagfaidh iad.

Dearadh droichead molta iarnróid LRT na Canálach Ríoga le hionchur ó Uiscebhealaí Éireann agus Iarnród Éireann, chomh maith le haiseolas ó chomhairliúcháin le DCC. Déantar an struchtúr oidhreachta atá ann cheana féin a mheas ann, Droichead Broome, agus an tionchar ar an radharc, fad is atáthar dírithe ar shainchomhartha a chruthú a bhfuil cuma dheas air.

Clúdaíonn droichead molta iarnróid na Canálach Ríoga an líne iarnróid agus an chanáil araon, le sraith chéanna ar an taobh ó dheas, in aice le hardáin Iarnróid Éireann (agus oscailt stuach á cruthú go mbeadh rochtain ag daoine ar ardáin Iarnróid Éireann), chomh maith le sraith chéanna ar an taobh ó thuaidh díreach níos faide ná ballaí sciatháin Dhroichead Broome stairiúil atá ann cheana féin. Tugtar rochtain faoi urlár an droichid ar an taobh seo d'fheithiclí cothabhála Uiscebhealaí Éireann agus do choisithe agus rothaithe araon, atá ag baint úsáid as cosán tarraingthe agus glasbhealach na canálach. Ní féidir ach le LRT an droichead molta a úsáid agus ní féidir le coisithe ná le rothaithe é a úsáid.




**Fíor 7-4: Íomhá 3T ag droichead beartaithe iarnróid na Canálach Ríoga, ag breathnú soir ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Leanann struchtúr droichid iarnróid bheartaithe na Canálach Ríoga atá 212.5m ar fad, feadh theorainn thiar na n-áitreabh tionsclaíoch in aice láimhe *(Colorman).* Féach Fíor 7-4. Tá rochtain nua d'fheithiclí le cur ar fáil don áitreabh gnó faoin droichead. Tá struchtúr tréan rampa ag deireadh an struchtúir, ar an taobh dheas de Bhóthar an Lagáin, áit a bhfuil an raon cothrom le leibhéal na talún atá ann cheana féin, chun dul ar aghaidh ó thuaidh via acomhail nua a bhfuil soilse tráchta orthu. Leanann an t-ailíniú ar aghaidh thar an gcéad áitreabh tionsclaíoch eile (Fashionflo) áit a bhfuil na ballaí teorann le hathlonnú. Beartaítear balla coinneála atá ann cheana féin ag áitreabh Westrock a leagan agus balla nua a thógáil níos gaire don fhoirgneamh. Tá roinnt oibreacha modhnaithe ag teastáil chun rochtain ar ghnólachtaí a chur ar fáil d'fheithiclí earraí agus do bhaill foirne, lena n-áirítear geataí rochtana nua ar Bhóthar an Lagáin. Is é atá i

gceist le tógáil raonta sa limistéar seo ná tógáil raonta leac le haghaidh struchtúr, raonta leabaithe le haghaidh crosairí bóthair, agus raon féir in áiteanna eile.

Áireofar le hoibreacha bóthair ar Bhóthar Dhroichead Broome athailíniú cothrománach agus ingearach chun freastal ar an ailíniú raoin agus rochtain ar na réadmhaoine in aice láimhe. Tá leathnú breise ag teastáil chun na lánaí rothar, cosáin agus criosanna maolánacha tírdhreacha riachtanacha a sholáthar. Féach Fíor 7-5. Tá athruithe ar na socruithe rochtana agus ballaí teorann ar an dá thaobh de Bhóthar Dhroichead Broome san áireamh sa Scéim bheartaithe. Déanfar acomhal tosaíochta den mhion-thimpeallán ag an mbealach isteach chuig Eastát Tionsclaíochta Glen agus cuirfear bearta i bhfeidhm ag acomhal Bhóthar an Lagáin lena chur in iúl do thiománaithe go bhfuil srian ar rochtain ar an droichead ag dul ó dheas, agus úsáid á baint as cóireáil dhromchla, comharthaí agus tírdhreachú. Mar gheall ar leibhéil dhifriúla, beidh gá le balla nua coinneála a thógáil ar feadh aghaidh áitreabh Eastát Tionsclaíochta Glen ar an taobh ó dheas den bhealach isteach atá ann faoi láthair. Beidh gá le foirgneamh in Eastát Tionsclaíochta Glen ar an taobh ó thuaidh den bhealach isteach reatha a leagan mar gheall ar leathnú an bhóthair. Níos faide ó thuaidh, beidh teorainneacha nua agus leagan Aonad 124, Clós Dhroichead Broome i measc na n-oibreacha.



**Fíor 7-5: Íomhá 3T den athailíniú beartaithe ar Bhóthar Dhroichead Broome (ag breathnú ó thuaidh) agus an droichead ráille beartaithe ag an gCanáil Ríoga ar dheis (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Trasnaíonn an Scéim bheartaithe Bóthar Bhaile Uí Bhogáin ar chomhréidh trí acomhal nua a bhfuil comharthaí ann agus téann sí isteach i bPáirc Ghleann na Tulchann ansin. Bainfear na geataí rochtana atá ann faoi láthair agus cuirtear pointe rochtana níos oscailte ar fáil.

Trasnaíonn an Scéim bheartaithe an Tulcha via droichead na Tulchann nua a mbeidh féar nó deic ghlas air. Féach Fíor 7-6. Cuirtear lána rothar comhthreomhar thar an droichead ar fáil freisin. Tá an droichead 65m ar fad, tá réise láir 45m air agus réise 10m ag an dá thaobh. Tá taobh-bhallaí ag na réisí 10m ag an dá thaobh a bhlocálann an spás fúthu. Tá an piara ó dheas thart ar 5m ó bhruach na habhann ach tá an piara ó thuaidh lonnaithe thart ar 22m siar ó bhruach na habhann chun an tionchar ar an mBogach Tógtha Comhtháite (ICW) atá ann cheana féin a íoslaghdú. Is gá roinnt modhnaithe a dhéanamh ar an mBogach Tógtha Comhtháite ós rud é go gcaillfidh sé roinnt feidhmiúlachta mar gheall ar an scáil a chaithfidh an droichead nua air.



**Fíor 7-6: Léirshamhlú den droichead beartaithe i bPáirc Ghleann na Tulchann, ag breathnú soir (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Leanann an Scéim bheartaithe ar aghaidh ó thuaidh, i dtreo Bhóthar Ghleann na Tulchann. Téann an Scéim bheartaithe trí limistéar talún éillithe anseo, limistéar a úsáideadh mar líonadh talún cathrach roimhe seo. Téann an Scéim bheartaithe faoi shraith cáblaí ardteannais ESBN ag dhá áit freisin. Beidh modhnuithe ar na cosáin agus lána rothar atá ann cheana féin sa pháirc ag teastáil chun pointí trasnaithe sábháilte agus inrochtana a chinntiú do choisithe agus do rothaithe. Féach Fíor 7-7.



**Fíor 7-7: Íomhá 3T ag Páirc Ghleann na Tulchann atá beartaithe (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Trasnaíonn an Scéim bheartaithe Bóthar Ghleann na Tulchann ar chomhréidh ag crosaire nua a bhfuil comharthaí ann. Déanfar modhnú ar na ráillí atá ann cheana féin timpeall na páirce chun an trasrian LRT a éascú agus soláthrófar leagan amach agus gnéithe tírdhreacha nua.

## 7.3 Limistéar 32- Bóthar Ghleann na Tulchann go dtí Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise

Tá an limistéar seo thart ar 1.45km ar fad agus cuimsíonn sé Bóthar San Eiléana, Plás Thobar Phádraig agus Bóthar Uí Mhaoilíosa. Tá dhá Stad nua beartaithe sa limistéar seo: Stad San Eiléana agus Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise. Féach Fíor 7-8. Tá an chéad cheann de dhá fhostáisiún tharraingthe a theastaíonn chun an córas a leathnú suite sa limistéar seo freisin.




**Fíor 7-8: Limistéar 32- Bóthar Ghleann na Tulchann go dtí Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise**

Ardaíonn an rian beartaithe mar fhreagra ar athruithe ar leibhéil na talún idir Bóthar Ghleann na Tulchann agus Bóthar San Eiléana, áit a mbíodh gleann ann roimhe seo (ar a dtugtar 'an Gleann') ina mbíodh Sruth Choill Fhionnghlaise atá ina lintéar inlíonta anois. Beartaítear an lintéar seo a chur ar mhalairt treo mar chuid den Scéim bheartaithe. Comhthreomhar leis an ailíniú, tá cosáin nua agus lána rothar, a dearadh chun inrochtaineacht, sábháilteacht an phobail, turais ar an LRT agus ar rothar agus saincheisteanna amhail iompar frithshóisialta a chur san áireamh.

Tá an chéad Stad ar an Scéim bheartaithe lonnaithe beagán ar an taobh ó dheas de Bhóthar San Eiléana, in aice le hIonad Acmhainní Teaghlaigh San Eiléana agus Ionad Cúraim Leanaí San Eiléana. Féach Fíor 7-9. Cuireadh rochtain do choisithe agus idirmhalartú bus le seirbhísí ar Bhóthar San Eiléana san áireamh nuair a lonnaíodh an Stad. Tá limistéir thírdhreachaithe, limistéar cruastad agus struchtúr beag pailliúin sa Stad ionas go mbainfidh an pobal úsáid as an spás timpeall ar Stad San Eiléana.




**Fíor 7-9: Íomhá 3T ag Stad San Eiléana beartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Chun trasnú níos sábháilte ag an acomhal idir an líne Luas agus Bóthar San Eiléana a éascú, déanfar modhnú ar na socruithe rochtana don Ionad Acmhainní agus don Ionad Cúraim Leanaí ionas go mbeidh an rochtain go léir d'fheithiclí ag an síneadh ag Céide Fhearnáin. Tá leagan amach inmheánach an Ionaid Acmhainní agus an Ionaid Cúraim Leanaí á athchumrú chun iad a chur in oiriúint don athrú sin. Beartaítear áit bheag le casadh timpeall a chur ag deireadh an tsínidh ag Céide Fhearnáin do thuismitheoirí na leanaí a fhreastalaíonn ar bhunscoil Mhaolmhaodhóg. Déanfar an síneadh ag Céide Fhearnáin a atheagrú chun an fheidhm atá aige a athchothromú i dtreo riachtanais úsáideoirí bóthair leochaileacha agus mar gheall ar a shuíomh in aice le scoil.

Cruthaítear acomhal nua faoi rialú comharthaí ar Bhóthar San Eiléana agus as sin, trasnaíonn an Scéim bheartaithe isteach i limistéar pháirceanna imeartha Fhearnáin agus téann sí comhthreomhar le Céide Fhearnáin. Tá dhá pháirc imeartha ag an suíomh seo. Chun soláthar a dhéanamh don Scéim bheartaithe, tá na páirceanna imeartha le modhnú agus le hathlonnú. De bharr srianta spáis, beidh cosaint ó líonta chun liathróidí a stopadh ag cúinní pháirc imeartha Chumann Lúthchleas Gael (CLG). Tá an t-ailíniú ardaithe beagán os cionn leibhéal na páirce imeartha agus cuirfidh an claífort a chruthófar dá bharr sin áit féachana shábháilte ar fáil don phobal. Laistigh de limistéir na bpáirceanna imeartha bainfear amach an cosán atá ann cheana féin idir na páirceanna imeartha reatha agus déanfar an limistéar go léir a athchothromú. Tá pointí trasnaithe sábháilte do choisithe curtha ar fáil ag an ailíniú agus ag Céide Fhearnáin chun rochtain ar

chlub CLG Erin's Isle a éascú. Beartaítear struchtúr beag chun trealamh a stóráil ann a chur ag an suíomh seo. Féach Fíor 7-10.



**Fíor 7-10: Íomhá 3T ag Páirc Fhearnáin atá beartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Ar an taobh ó thuaidh de pháirceanna imeartha Fhearnáin, leanann an rian ar aghaidh tríd an bhfearann páirce le taobh Bhóthar Mhic Easmainn chuig crosaire rialaithe ag Bóthar Chnocán an Tobair. Leanann an t-ailíniú ar aghaidh ó thuaidh trí Phlás Thobar Phádraig, áit a bhfuil an bóthar atá ann cheana féin le hathailíniú siar chun soláthar a dhéanamh don Scéim bheartaithe laistigh den chonair atá ann cheana féin. Tá gnéithe seandálaíochta sa limistéar seo (múir chosanta Rí Liam) agus beidh gá le monatóireacht chúramach a dhéanamh orthu le linn na tógála. Leanann an t-ailíniú ar aghaidh ansin le dul trasna Bhóthar Cheapaí ag acomhal nua faoi rialú comharthaí. Téann an t-ailíniú ar aghaidh ar chomhréidh comhthreomhar le Bóthar Chaisleán Chairdif agus ansin trasnaíonn sé an bealach isteach chuig Cúirt na bhFiach, coimpléacs cónaithe de 12 aonad. Féach Fíor 7-11. I measc na n-oibreacha beartaithe anseo tá athlonnú an bhalla teorann atá ann cheana féin agus athruithe ar an mbealach isteach chuig an gcoimpléacs chun idirléargas agus trasnú sábháilte na Scéime beartaithe a chinntiú.

As sin, téann an t-ailíniú trí Stáisiún Gardaí Fhionnghlaise, áit a roinneann sé an limistéar páirceála reatha ina dhá chuid, go héifeachtach. Beidh gá le foirgneamh ag cúl an stáisiúin a leagan mar chuid den Scéim bheartaithe. Ag an bpointe seo, cruthófar sráid nua a nascfaidh Bóthar Chaisleán Chairdif le Bóthar Uí Mhaoilíosa leis an Scéim bheartaithe, agus soláthrófar cosán le taobh agus trasna an ailínithe.



**Fíor 7-11: Íomhá 3T ag Bóthar Chaisleán Chairdif beartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Trasnaíonn an Scéim bheartaithe Bóthar Uí Mhaoilíosa ag acomhal nua faoi rialú comharthaí agus casann soir go géar chun Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise a bhaint amach. Tá Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise suite comhthreomhar le Bóthar Uí Mhaoilíosa agus tá sé ionchorpraithe i bplás cathartha nua lena bhfeabhsófar rochtain ar na háiseanna pobail in aice láimhe. Soláthraíonn suíomh Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise nascacht níos fearr leis na seirbhísí bus atá ann cheana féin ar feadh Bhóthar Uí Mhaoilíosa agus beidh radharc níos dírí ar lár shráidbhaile Fhionnghlaise uaidh. Féach Fíor 7-12. Cuirtear áis páirceála rothar shlán ar fáil ag an suíomh seo agus arís, déanfaidh sé sin soláthar do thurais ar an LRT agus ar rothar.




**Fíor 7-12: Íomhá 3T ag Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise atá beartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Fágann an t-ailíniú Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise, casann sé go géar ó thuaidh agus leanann ar aghaidh go dtí teorainn Pháirc Uí Mhaoilíosa. Mar gheall ar chuaire an ailínithe, is gá limistéar seachtrach stórála a athchumrú agus fál teorann ag iar-theach an Stiúrthóra Páirce, a úsáidtear mar oifig seirbhísí comhairle anois, a athlonnú. Tá an dara ceann de dhá fhostáisiún tharraingthe suite sa limistéar seo.

## 7.4 Limistéar 33 - Taobh ó thuaidh de Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise go dtí an stáisiún ceann aistir (Stad Bhaile Chathail).




**Fíor 7-13:Limistéar 33 Taobh ó thuaidh de Stad Shráidbhaile Fhionnghlaise go dtí an Stáisiún Ceann Aistir ag Stad Bhaile Chathail**

Tá an limistéar seo thart ar 1.42km ar fad agus tá Bóthar San Maighréad mar chuid de. Tá dhá Stad sa limistéar seo: Bóthar San Maighréad agus stáisiún ceann aistir Bhaile Chathail. Féach Fíor 7-13. Tá príomh-acomhal bóthair leis an N2 agus an chuid ar feadh Bhóthar San Maighréad sa limistéar seo freisin. Bunófar áis nua Páirceála & Taistil gar do Bhóthar San Maighréad. Téann an Scéim bheartaithe isteach i bPáirc Uí Mhaoilíosa ag an taobh ó dheas in aice stáisiún pumpála Uisce Éireann atá ann cheana féin. Tá trasnasc lonnaithe díreach ó dheas ón bpointe seo le go bhféadfaidh LRV casadh siar i gcás práinne nó ar chúiseanna oibríochtúla. Téann an Scéim bheartaithe ar aghaidh ó thuaidh ar an taobh thoir de Pháirc Uí Mhaoilíosa agus córas raoin féir á úsáid aige. Tá gá le coigeartú beag a dhéanamh ar an bpáirc imeartha sacair i bPáirc Uí Mhaoilíosa chun soláthar a dhéanamh don ailíniú LRT agus don chosán in aice leis. Tagann an Scéim bheartaithe chuig an droichead do choisithe atá ann cheana féin gar do ghairdín cuimhneacháin Liam Uí Mhaoilíosa. Féach Fíor 7-14. Tá an droichead seo i gcoimhlint leis an Scéim bheartaithe agus ní bheidh gá leis nuair a thabharfar isteach an crosaire ar chomhréidh ag Bóthar Fhionnghlaise/an Bóthar Thuaidh, agus mar sin leagfar é.




**Fíor 7-14: Amharc ón aer ar an droichead atá ann cheana féin ag Páirc Uí Mhaoilíosa, ag breathnú soir ó thuaidh (foinse: Google Earth)**




**Fíor 7-15: Íomhá 3T ag Páirc Uí Mhaoilíosa bheartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Déantar athchumrú ar Bhóthar Fhionnghlaise/an Bóthar Thuaidh chun acomhal faoi rialú comharthaí a sholáthar leis an LRT, agus cuirfear trasnuithe do choisithe isteach sa seicheamh comharthaí. Féach Fíor 7-15. I ndiaidh dul trasna Bhóthar Fhionnghlaise/an Bhóthair Thuaidh, téann an Scéim bheartaithe ar aghaidh feadh Bhóthar San Maighréad áit a bhfuil Stad San Maighréad lonnaithe.



**Fíor 7-16: Íomhá 3T ag Stad San Maighréad beartaithe ag breathnú ó dheas (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Tá Stad San Maighréad suite idir acomhal Bhóthar Fhionnghlaise/an Bhóthair Thuaidh agus acomhal Ascaill Mhic Aoidh. Féach Fíor 7-16. Is timpeallán é acomhal Ascaill Mhic Aoidh faoi láthair agus athrófar é go dtí acomhal faoi rialú comharthaí. Tá Stad San Maighréad ar chuar beag mar gheall ar chineál srianta an láithreáin. Cuirtear spás ar fáil do phlás poiblí timpeall ar an Stad agus naisc chuig an áis Páirceála & Taistil bheartaithe, a lonnófar trasna Bhóthar San Maighréad. Féach Fíor 7-17. Tá spás do 350 gluaisteán agus páirceáil shlán do rothair sa struchtúr Páirceála & Taistil, chomh maith le luchtú d'fheithiclí leictreacha, painéil fhótavoltacha chun leictreachas a ghiniúint agus aeróg raidió. Tá fostáisiún tiomnaithe taobh istigh chun cumhacht a thabhairt don fhoirgneamh agus don bhonneagar luchtaithe d'fheithiclí leictreacha.

Tá na naisc a bheartaítear a bheith ann sa todhchaí mar chuid den athfhorbairt ar Pháirc Ghnó Bhaile Shéamais curtha san áireamh sa Scéim bheartaithe, lena n-áirítear rochtain ar Ascaill Mhic Aoidh. Cuirtear idirmhalartú bus ar fáil do bhealaí BusConnects beartaithe, chomh maith le stadanna cóistí ar Bhóthar Fhionnghlaise/an Bóthar Thuaidh. Déantar soláthar do stóráil rothar agus naisc chuig an líonra rothar GDA a bheartaíonn an ÚNI chun turais ar an LRT agus ar rothar a spreagadh.




**Fíor 7-17: Páirceáil & Taisteal beartaithe le socruithe dul isteach/amach via an Bóthar Thuaidh, ag breathnú soir ó dheas (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Tá an dara fostáisiún beartaithe beagán ó dheas den Stad. Tá sé le tógáil laistigh d'achar talún iarmharach ó leagan beartaithe an rampa bhísigh ar an taobh thoir thuaidh den tardhroichead do choisithe dá dtagraítear thuas. Beidh rochtain ar an bhfostáisiún ón sean-Bhóthar Thuaidh a chríochnaíonn ag cul-de-sac in aice an tsuímh.

Tá rochtain curtha ar fáil ar chúl Stad San Maighréad chun rochtain a thabhairt ar an talamh a scartar leis an Scéim bheartaithe. Beartaítear áis stórála rothar a lonnú ar chúl an Stad seo.

I ndiaidh dul trasna Ascaill Mhic Aoidh, téann an Scéim bheartaithe ar aghaidh ó thuaidh ar an taobh thoir de Bhóthar San Maighréad. Is gá spás a chur ar fáil le haghaidh níos mó limistéar tírdhreachaithe agus áiseanna rothaíochta, rud a mbeidh tionchar aige ar réadmhaoine agus ar bhallaí teorann ar an dá thaobh den bhóthar. Leis an Scéim bheartaithe, is gá fostáisiún leictreachais atá ann cheana féin ag áitreabh Manhattan Peanuts a leagan agus a athlonnú. Beartaítear leis an scéim deireadh a chur le rochtain chun tosaigh ar roinnt áitreabh miondíola ar feadh Bhóthar San Maighréad agus tá bóthar rochtana ar chúl beartaithe ionas go mbeidh rochtain ag feithiclí ar na gnólachtaí sin i gcónaí. Déanfar an rochtain mhalartach sin a chomhtháthú leis an mbonneagar i Máistirphlean Bhaile Shéamais atá á fhorbairt ag DCC faoi láthair. Féach Fíor 7-18.




**Fíor 7-18: Íomhá 3T ag Bóthar San Maighréad beartaithe ag breathnú ó thuaidh (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

Beidh tionchar díreach ar cheithre theach phríobháideacha i gCúirt San Maighréad sa chaoi is go n-athlonnófar a spásanna páirceála atá chun tosaigh faoi láthair agus cuirfear deireadh le rochtain ag feithiclí ó Bhóthar San Maighréad ar na tithe taobh thiar tríd an taobh-bhóthar. Cuirfear rochtain mhalartach nua ar fáil ón mbóthar isteach go dtí Páirc Ghnó Bhaile Shéamais agus cuirfear páirceáil mhalartach ar fáil ar chúl na dtithe. Bainfear feidhm nua as achar beag de spás glas don pháirceáil bhreise agus déanfar *cul-de-sac* i gcomhair páirceála den bhóthar rochtana bunaidh ar Chúirt San Maighréad. Tá bealach ag teacht as an acomhal seo cheana féin ar Bhóthar Mhic Ghiolla Bhuí agus ar an taobh thiar, beagán níos faide ó thuaidh, tá rochtain ar Ascaill Mhic Ghiolla Buí agus amach aisti. Beartaítear deireadh a chur le rochtain feithiclí ar Bhóthar Mhic Ghiolla Bhuí agus áit le casadh timpeall a chur ag bun Bhóthar Mhic Ghiolla Bhuí. Déanfaidh sé sin castacht an acomhail agus na gcéimeanna comharthaíochta a laghdú go mór. Coimeádtar rochtain ag feithiclí cónaitheoirí ar Bhóthar Mhic Ghiolla Bhuí trí Ascaill Mhic Ghiolla Bhuí. Tá tionchar beag ar ghairdíní ar an taobh thiar de San Maighréad agus beartaítear cúrsaí páirceála ar Bhóthar San Maighréad a athchumrú beagán.

Leanann an Scéim bheartaithe ar aghaidh ó thuaidh chun dul trasna an bhóthair rochtana chuig áitreabh ESBN. Déantar athchumrú beag ar an rochtain seo ionas go mbeidh sé níos sábháilte dul trasna an LRT agus chun spás scuaine/feithimh a sholáthar do thrácht a bheidh ag dul isteach sa láithreán agus ag teacht amach as.

Leanfaidh an Scéim bheartaithe ar aghaidh ó thuaidh go dtí go sroichfidh sí an stad ceann aistir ag Baile Chathail, atá lonnaithe beagán ó dheas ó Bhóthar Uí Mhaoilmhichíl. Beidh tacar lasc trasnaisc ann chun bealach isteach nó amach ag ceachtar den dá ardán ag an stáisiún ceann aistir a éascú. Tá athchumrú déanta ar an acomhal ag an suíomh seo - tá laghdú ar an líon lánaí agus rochtain níos fearr ag coisithe agus rothaithe ag teacht leis na prionsabail sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre & do Shráideanna Uirbeacha (DMURS). Cuirfear idirmhalartú bus ar fáil agus beartaítear páirceáil do rothair a chur in aice an Stad chun turais ar an LRT agus ar rothar a spreagadh agus a éascú.




**Fíor 7-19: Íomhá 3T ag Stad Bhaile Chathail beartaithe ag breathnú soir (15 bliana i ndiaidh an dáta tógála)**

# SECTION 8: LUAS FHIONNGHLAISE A THÓGÁIL

Forbraíodh clár tógála na Scéime beartaithe chun an Chéim Tógála is gaire agus is féidir a bhaint amach, chun an fad a mhairfeadh tionchair fhéideartha ar an gcomhshaol a íoslaghdú, agus ag an am céanna chun a chinntiú go mbeidh na limistéir timpeall ar na láithreáin oibre ag obair agus i bhfeidhm i gcónaí.

Tá thart ar bhliain amháin de chonarthaí Oibreacha Cumasúcháin sa chlár tógála don Scéim bheartaithe, agus meastar go mbeadh thart ar 3.5 bliana i gceist le Príomh-Oibreacha na Scéime beartaithe, lena n-áirítear tástáil agus coimisiúnú. Meastar go mbeadh thart ar 4.5 bliana i gceist chun an amlíne tógála iomlán don Scéim bheartaithe a thabhairt chun críche. Tá an chairt Gantt, a léiríonn amlíne tionscadail na Scéime beartaithe, le fáil i Fíor 8-2 thíos.

Beidh na gníomhaíochtaí a leanas mar chuid de thógáil na Scéime beartaithe (Féach Fíor 8-1):

**Enabling Works Activities**

- Demolitions;
- Utility Diversion;
- Archaeological & Heritage Works (likely to be progressed as a component of other Enabling Works packages mentioned in this list);
- Modification of integrated constructed wetland (ICW) at Tolka Valley Park;
- Road modifications;
- Farnham Playing Pitch Modifications;
- An Garda Síochána PEM building demolition & internal/boundary reconfiguration works; and
- Tree Relocations

**Main Works Activities**

- Tracks [trackbed and rails];
- Luas Stops at St Helena's, Finglas Village, St Margaret's Road and Charlestown;
- Broombridge Stabling Site Works;
- Archaeological and Heritage Works;
- Site Clearance and Demolitions required to progress during main works;
- Fencing;
- Earthworks;
- Removal of contaminated spoil at Tolka Valley Park;
- Royal Canal and Rail Overbridge;
- Tolka Valley Park Bridge;
- Cycle storage buildings;
- Temporary Traffic Management arrangements;
- Haul roads and Works Compounds; Park & Ride facilities at St Margaret's Road;
- Utility Diversions required to progress during main works;
- Retaining walls and boundary treatments;
- Road realignments and modifications;
- Road furniture and equipment;
- Pedestrian and Cycling facilities;
- Track and road traffic signalling;
- Public lighting;
- Accommodation Works;
- Soft and Hard landscaping;
- Reinstatement Works;
- Overhead Contact System (OCS);
- Power and Systems infrastructure; and
- Stops furniture and equipment

**Site Finalisation Works**

- Removing construction compounds;
- Reinstatements including parks;
- Planting, landscaping & finalising boundaries

**Systems Testing & Commissioning**

- Testing the track systems;
- Commissioning the track;
- Trial running

**Fíor 8-1: Gníomhaíochtaí Tógála don Scéim bheartaithe**

Cuirfear compúin fhoirgníochta i mbun oibre sula ndéanfar dul chun cinn ar na hoibreacha tógála sna limistéir ghaolmhara agus cuirfear áiseanna don Chonraitheoir, d'Ionadaithe an Fhostóra agus le haghaidh stóráil shealadach ábhar ar fáil iontu. Beidh trí phríomh-chompún foirgníochta ann: péire a bheidh lonnaithe ar an taobh thiar de Bhóthar Dhroichead Broome agus ceann amháin a bheidh lonnaithe ag na réimeanna thuaidh de Pháirc Uí Mhaoilíosa. Ina theannta sin, tá suíomhanna ann do chompúin ag láithreáin thánaisteacha le haghaidh oibreacha beaga nó stórála.




**Fíor 8-2 Clár Tógála**

## 8.1 Sláinte agus Sábháilteacht Tógála

Déanfar an obair thógála go léir a bhaineann leis an Scéim bheartaithe de réir na reachtaíochta agus an dea-chleachtais ábhartha maidir le sláinte agus sábháilteacht. Mar a cheanglaítear leis na Rialacháin, tabharfar plean maidir le sláinte agus sábháilteacht cothrom le dáta de réir a chéile ón gcéim dearaidh go dtí na céimeanna tógála agus cothabhála.

## 8.2 Plean Bainistíochta Tógála Timpeallachta

Tugtar tuairisc sa Phlean Bainistíochta Tógála Timpeallachta (CEMP) ar chreat uileghabhálach chun tionchair ar an gcomhshaol a bhainistiú le linn na Céime Tógála. Leagtar amach ann an chaoi a bhféadtar na hoibreacha tógála a dhéanamh i seicheamh loighciúil, ciallmhar, agus sábháilte. Sa phlean seo, áirítear na rialuithe sonracha comhshaoil a chinnteoidh cosaint an chomhshaoil le linn na Céime Tógála.

Is iad na príomhghnéithe sa CEMP a leagtar amach sa TMTT:

- Bainistiú dramhaíola ag an gCéim Tógála;
- Bearta maolaithe maidir le huisce stoirme agus sceitheadh a ritheann chun srutha;
- Deannach a íoslaghdú;
- Bearta maolaithe maidir le socrú talún;
- Torann tógála agus foinsí creathaidh agus bearta maolaithe maidir leo; agus
- Trácht agus iompar le linn na tógála agus bearta maolaithe maidir leo.

Ach ceanglais an CEMP a chur i bhfeidhm, cinnteofar go ndéanfar Céim Tógála na Scéime beartaithe de réir na ngealltanas agus na mbeart maolaithe a leagtar amach sa CEMP, atá mar chuid den EIAR atá le cur ar aghaidh chuig an mBord leis an iarratas RO.

Is doiciméad beo é an CEMP agus tabharfaidh an Conraitheoir chun críche é ar a cheapachán agus sula gcuirfear tús leis na hoibreacha ar an láithreán. Cuirfidh an Conraitheoir a cheapfar an t-ábhar go léir sa

CEMP seo i bhfeidhm go hiomlán agus ní dhéanfaidh a chur i gcrích difear do stóinseacht agus leordhóthanacht na faisnéise a chuirtear i láthair anseo agus a bhfuiltear ag brath uirthi sa TMTT seo.

Toisc gur dhoiciméad beo é an CEMP, cinnteoidh an Conraitheoir a cheapfar go mbeidh sé cothrom le dáta fós ar feadh na tréimhse tógála. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an CEMP a athrú le linn shaolré na tréimhse tógála chun torthaí monatóireachta, athruithe reachtacha, torthaí na gcomhairliúchán tríú páirtí etc. a chur san áireamh. Féadfar aguisíní breise a chur leis an CEMP chun freastal ar thorthaí monatóireachta, ceadanna, etc. Mar sin féin, ní dhéanfaidh an bhailchríoch agus an nuashonrú a dhéanfaidh an Conraitheoir a cheapfar ar an CEMP difear do stóinseacht agus leordhóthanacht na faisnéise a chuirtear i láthair anseo agus a bhfuiltear ag brath uirthi sa TMTT seo.

## 8.3 Compúin Fhoirgníochta

Mar chuid de na hoibreacha ullmhúcháin, bunófar compúin fhoirgníochta, lena n-áirítear áiseanna riachtanacha a shuiteáil, amhail oifig láithreáin agus conláistí folláine. Cuirfear rochtain rialaithe i bhfeidhm, cuirfear fálú in airde agus suiteálfar soilsiú. Suiteálfar teilifís ciorcaid iata (CCTV) san ionad chun stóráil shlán gach ábhair, gléasra agus píosa trealaimh a chinntiú. Tá forálacha do na compúin fhoirgníochta atá beartaithe sa CEMP, mar a luaitear thuas, agus déanfaidh an conraitheoir tógála tuilleadh forbartha air sula dtosóidh an Chéim Tógála.

### 8.3.1 Suíomhanna na gCompún Foirgníochta

Sainaithníodh suíomhanna do na compúin ar feadh bhealach na Scéime beartaithe. Tá measúnú déanta ar shuíomhanna na gCompún mar chuid den TMTT maidir le hoiriúnacht agus measúnú ar thionchar na tógála. Tá na suíomhanna sin le feiceáil sa léarscáil i bhFíor 2.

Féach Tábla 8-1 chun suíomhanna na gcompún foirgníochta beartaithe a fheiceáil. Sainaithnítear iad sin mar chompúin Phríomha nó Thánaisteacha.

**Tábla 8-1 Suíomh na gCompún Láithreáin**

| Uimh. | Limistéar/ Roinn | Suíomh | Úsáid (Príomha/Tánaisteach) | Méid an Chompúin |
|---|---|---|---|---|
| C-31A | S31.1 | Siar ó Bhóthar Dhroichead Broome - ar an taobh ó dheas den chrosaire iarnróid agus canála in aice an bhealaigh isteach chuig an stáisiún. | T | 2036m$^2$ |
| C-31B | S31.1 | Siar ó Bhóthar Dhroichead Broome - úsáid le baint as an limistéar glas ó thuaidh ón iarnród. | P | 3427m$^2$ |
| C-31C | S31.1 | Siar ó Bhóthar Dhroichead Broome - úsáid le baint as aonad 124 Clós Dhroichead Broome in Eastát Tionsclaíochta Glen sula leagfar é. | P | 1522m$^2$ |
| C-31D | S31.3 | Páirc na Tulchann – Foirgneamh na Páirce | T | 2519m$^2$ |
| C-32A | S32.1 | In aice Stad San Eiléana | T | 5448m$^2$ |
| C-32B | S32.2 | An cúinne thiar thuaidh ag crosaire Bhóthar Chnocán an Tobair. | T | 1034m$^2$ |
| C-33A | S33.1 | Iar-theach an Stiúrthóra Páirce agus an talamh ó thuaidh in aice le stáisiún dóiteáin Fhionnghlaise. | T | 1829m$^2$ |
| C-33B | S33.3 | Na réimeanna thuaidh de Pháirc Uí Mhaoilíosa. | P | 2017m$^2$ |
| C-33C | S33.3 | Acomhal San Maighréad / Ascaill Mhic Aoidh | T | 948m$^2$ |

Sa deireadh thiar thall, is é an Conraitheoir atá freagrach as leagan amach mionsonraithe na gcompún foirgníochta a theastaíonn don Scéim bheartaithe a chur i gcrích laistigh de na suíomhanna a sainaithníodh.

## 8.4 Oibreacha Cumasúcháin

Tá Oibreacha Cumasúcháin san áireamh le soláthar BIÉ don Scéim bheartaithe, ar oibreacha iad a fhéadtar a dhéanamh faoi chonradh amháin nó níos mó, a chuimseoidh bearta maolaithe ón TMTT agus aon choinníollacha ó cheadú an Bhoird. Níl oibreacha chun láithreáin a ullmhú san áireamh leis na réamh-oibreacha sin atá riachtanach chun an bonneagar Luas a thógáil agus chun sceideal na bPríomh-Oibreacha a bharrfheabhsú. Déanfar na hoibreacha ullmhúcháin níos déanaí. Tá roinnt príomhghníomhaíochtaí san áireamh sna hOibreacha Cumasúcháin, a ndearnadh measúnú orthu le haghaidh tionchar ar an gcomhshaol sa TMTT: leagan straitéiseach foirgneamh (e.g. ar Bhóthar Dhroichead Broome), atreoruithe fóntas chun bealaí tógála a fhágáil saor ó bhacainní agus chun seirbhísí leictreachais chuig fostáisiúin tharraingthe a sholáthar, bearta maolaithe don Bhogach Tógtha Comhtháite i bPáirc Ghleann na Tulchann, athchumrú páirceanna imeartha spóirt ag Fearnán, agus tascanna féideartha eile amhail modhnuithe ar bhóithre agus coigeartuithe ar fhoirgneamh an Gharda Síochána. Ina theannta sin, beartaítear plandlann crann lasmuigh den láithreán chun tírdhreach aibí a chinntiú ar chur i gcrích na Scéime.

## 8.5 Amanna Oibre

Is iad na gnáthuaireanta oibre, mar a leagtar amach i Tábla 8-2, ón 07:00 go dtí an 19:00 i rith na seachtaine (gan laethanta saoire bainc agus poiblí san áireamh) agus ón 07:00 go dtí an 13:00 ar an Satharn. Tá gnáth-uaireanta seachadta chuig na láithreáin tógála san áireamh leis sin.

**Tábla 8-2 Gnáth-Amanna Oibre**

| Laethanta | Uaireanta |
|---|---|
| Luan go hAoine | 07:00 go dtí 19:00 (áirítear leis sin leathuair an chloig chun an láithreán a ullmhú ag tús agus deireadh an lae, mar sin 11 uair an chloig ag obair: 07:30 go dtí 18:30) |
| Dé Sathairn | 07:00 go dtí 13:00 (áirítear leis sin leathuair an chloig chun an láithreán a ullmhú ag tús agus deireadh an lae, mar sin 5 uair an chloig ag obair: 07:30 go dtí 12:30) |
| Dé Domhnaigh / Laethanta saoire poiblí, imeachtaí bliantúla agus neamhghnácha ina measc | Dada (ach amháin mar eisceacht - féach liosta gníomhaíochtaí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre) |

Beidh gnáthuaireanta oibre san áireamh i gCeanglais na nOibreacha agus beidh aird sa tógáil ar limistéir íogaire, go háirithe aon cheantair chónaithe in aice láimhe. Cuirfear srian le huaireanta oibre ar bhóithre a mbeidh gá le lánaí a dhúnadh orthu chun an tionchar ar an trácht ag buaicamanna a íoslaghdú. Beidh na srianta bainistíochta tráchta sin san áireamh sna Ceanglais Oibreacha.

# SECTION 9: LUAS FHIONNGHLAISE A OIBRIÚ

Chomh luath agus a bheidh sé i bhfeidhm, tá coinne leis go mbeidh an Scéim bheartaithe in ann LRV a oibriú gach 7.5 nóiméad agus is 30 nóiméad a thógfaidh an turas ó Bhaile Chathail go dtí Coláiste na Tríonóide. Oibreoidh na LRVanna ar luasanna idir 15 agus 50 ciliméadar san uair agus rithfidh siad ón 6r.n. go dtí an 1r.n. de ghnáth, cé go mbeidh laghdú mór ar an minicíocht i ndiaidh an 10i.n. Soláthróidh an Scéim bheartaithe laghdú thart ar 14 nóiméad ar amanna taistil ag buaic-amanna, i gcomparáid le gluaisteáin. Go fadtéarmach, d'fhéadfaí an t-idirachar ag buaic-amanna a laghdú go dtí 5 nóiméad dá mbeadh 6 LRV breise i bhfeidhm. Breithníodh sé sin sna measúnuithe comhshaoil.

Lena chinntiú go rithfidh an Scéim bheartaithe go héifeachtach i gcónaí, beidh gá le cothabháil a dhéanamh go tráthrialta ar an líne.

# SECTION 10: TIONCHAR AR AN GCOMHSHAOL AGUS MAOLÚ

Tugann an próiseas EIA deis luachmhar chun éifeachtaí féideartha ar an gcomhshaol a laghdú trí mhionchoigeartuithe dearaidh. Tugann an Scéim bheartaithe tosaíocht do chúrsaí comhshaoil; íoslaghdaítear an tionchar agus ag an am céanna comhlíontar cuspóirí an tionscadail trí phróiseas dearaidh atriallach. Cuimsíodh an t-aiseolas a fuarthas ón gclár cuimsitheach comhairliúcháin ar tugadh faoi le linn an chláir roghnúcháin agus forbartha dearaidh, nuair ba chuí.

Tá dearadh na Scéime beartaithe forbartha go dtí céim inar féidir na tionchair fhéideartha go léir ar an gcomhshaol a shainaithint, agus inar féidir EIA lán-eolasach a dhéanamh.

Ní mór don Chonraitheoir a cheapfar agus a chuirfidh an Scéim bheartaithe i gcrích a chinntiú go gcomhlíonfar na bearta maolaithe go léir a shainaithnítear sa TMTT seo, chomh maith le bearta breise a theastaíonn de bhun na gcoinníollacha a chuirfear le haon chinneadh chun an tOrdú Iarnróid a dheonú. Chun an Conraitheoir a fháil, cinnfear go mbeidh an Conraitheoir a cheapfar inniúil chun na hoibreacha a dhéanamh, lena n-áirítear cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeart maolaithe.

Déantar meastóireacht sa TMTT ar na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheidh ar an gcomhshaol agus ar na bearta maolaithe agus monatóireachta is infheidhme a bhaineann leis an gCéim Tógála agus leis an gCéim Oibriúcháin, bunaithe ar an dearadh reatha. Beidh an TMTT mar bhonn agus mar thaca do chinneadh an Bhoird maidir leis an Scéim bheartaithe.

Tugtar achoimre sna míreanna a leanas ar an measúnú ar thionchair maidir le gach ábhar comhshaoil agus leagtar amach na héifeachtaí iarmharacha is dócha a bheidh ann mar thoradh ar thógáil agus oibriú na Scéime beartaithe. Pléitear na hábhair chomhshaoil a leanas:

- Caibidil 7 - Sláinte an Duine;
- Caibidil 8 - Daonra;
- Caibidil 9 - Bithéagsúlacht;
- Caibidil 10 - Uisce;
- Caibidil 11 - Tailte agus Ithreacha; Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht;
- Caibidil 12 - Tógáil Talún;
- Caibidil 13 - Cáilíocht Aeir;
- Caibidil 14 - Aeráid;
- Caibidil 15 - Torann agus Creathadh;
- Caibidil 16 - Comhoiriúnacht agus Trasnaíocht Leictreamaighnéadach;
- Caibidil 17 - Bonneagar agus Fóntais;
- Caibidil 18 - Trácht agus Iompar;
- Caibidil 19 - Bainistíocht Acmhainní agus Dramhaíola;
- Caibidil 20 - Oidhreacht Chultúrtha;
- Caibidil 21 - Taitneamhacht Tírdhreacha agus Amhairc;
- Caibidil 22 - Rioscaí Mórthionóiscí agus Tubaistí;
- Caibidil 23 - Idirghníomhaíochtaí; agus
- Caibidil 24 - Tionchair Charnacha.

## 10.1 Sláinte an Duine

Is é is aidhm don mheasúnú ar shláinte an duine tionchair sláinte fhéideartha mar thoradh ar thionchair chomhshaoil le linn na Céime Tógála agus na Céime Oibriúcháin den Scéim bheartaithe a shainaithint. Bíonn tionchar ag idirghníomhú cúinsí amhail saintréithe an duine, stíl bheatha agus na 'deitéarmanaint sláinte níos leithne' amhail an timpeallacht fhisiceach, shóisialta agus eacnamaíoch ar shláinte an duine. Meastar gur cheist ghaolmhar é neamhionannais shóisialta maidir le sláinte, is é sin, difríochtaí éagóracha sa stádas sláinte i ngrúpaí éagsúla den tsochaí. Dírítear sa mheasúnú ar an gcaoi a bhféadfadh an Scéim bheartaithe tionchar a imirt ar na deitéarmanaint níos leithne sin agus an bhaint atá acu le torthaí sláinte.

Déantar meastóireacht ar stádas sláinte ginearálta an daonra gar don Scéim bheartaithe sa mheasúnú. Faoi láthair, tá sláinte mhuintir Bhaile Átha Cliath níos fearr ná an meán náisiúnta, agus tá na rátaí mortlaíochta níos ísle. Tugtar le tuiscint i bPlean Straitéiseach Fhine Gall Sláintiúil 2021-2025 go bhfuil táscairí sláinte Fhine Gall ag an meán náisiúnta nó os a chionn. Cé go dtéann an Scéim bheartaithe trí limistéir ghlasa den chuid is mó, is limistéar uirbeach/fo-uirbeach é an limistéar staidéir ina bhfuil dlús ard daonra, agus tugtar le tuiscint go bhfuil roinnt mhaith limistéar ann a d'fhéadfadh a bheith íogair agus a d'fhéadfadh a bheith leochaileach do dhrochthionchair sláinte. Glactar cur chuige coimeádach sa mheasúnú agus glactar leis go bhfuil na limistéir go léir íogair. Tugtar aird faoi leith ar shaoráidí cúraim sláinte agus oideachais.

Sa mheasúnú deisce seo déantar athbhreithniú ar an litríocht atá ar fáil d'Fhine Gall agus do na limistéir timpeall air, agus braitear ar aschuir mheasúnuithe TMTT eile ina bhféadfadh astaíochtaí comhshaoil tionchar a imirt ar shláinte an duine. D'fhéadfadh torann agus creathadh, astaíochtaí isteach san aer, astaíochtaí isteach san uisce agus ithreacha éillithe a bheith sna hastaíochtaí féideartha sin. Cabhróidh bearta maolaithe do na tionchair chomhshaoil sin le héifeachtaí gaolmhara ar an tsláinte a laghdú.

Tagann leibhéil ardaithe torainn as brú tráchta, go háirithe le linn buaic-thréimhsí, do chónaitheoirí ar feadh na mbealaí tráchta sin. Cé go dtagann méadú ar astaíochtaí isteach san aer le linn buaic-thréimhsí, fanann siad faoi bhun theorainneacha an Aontais Eorpaigh le haghaidh dé-ocsaíde nítrigine agus ábhar cáithníneach, de ghnáth. Is é an meánleibhéal bliantúil don timpeallacht bhonnlíne le haghaidh PM10 (10.6 µg/m³) agus PM2.5 (6.5 µg/m³) ná 73.5% agus 67.5% faoi bhun theorainneacha an Aontais Eorpaigh, faoi seach. Fuarthas sa mheasúnú ar thrácht le linn na Céime Tógála go mbeidh sreabhadh tráchta níos lú ná 200 feithicil tromshaothair bhreise in aghaidh an lae ar an ngréasán bóithre atá ann cheana féin, rud a chiallaíonn nach mbeidh tionchar mór ag an trácht tógála ar an gcáilíocht aeir go háitiúil.

Is dócha go mbeidh frustrachas ar dhaoine mar gheall ar an mbrú tráchta sealadach a thiocfaidh as bearta bainistíochta tráchta agus atreoruithe tráchta, go háirithe i gcás comaitéirí agus daoine a bheidh ag taisteal chuig coinní. D'fhéadfadh torann, creathadh agus deannach ón obair thógála cónaitheoirí agus oibrithe in aice láimhe a chrá, ach ós rud é gur tionchair shealadacha nó ghearrthéarmacha iad, ní dócha go mbeidh aon tionchar fadtéarmach ar an tsláinte acu. Is gá roinnt oibreacha a dhéanamh san oíche, timpeall ar réadmhaoin Iarnród Éireann go sonrach, agus dá bharr sin is dócha go gcuirfear isteach go sealadach ar chodladh na ndaoine a chónaíonn cóngarach, mar gheall ar an torann tógála. Tá baol ann go gcuirfear isteach ar chodladh seal-oibrithe i rith an lae freisin, mar gheall ar an torann tógála.

D'fhéadfadh méadú teacht ar an mbaol imbhuailtí mar gheall ar an ngá le hatreoruithe do choisithe agus rothaithe timpeall ar oibreacha tógála, agus mar sin leagtar amach sa phlean bainistíochta tráchta don tréimhse tógála na bearta a mheastar a bheidh ag teastáil chun coisithe, rothaithe agus daoine faoi mhíchumas a chosaint i ngach suíomh sa Scéim bheartaithe. Ós rud é go mbeidh na hoibreacha tógála sealadach agus gearrthéarmach ar an iomlán, agus go mbeidh siad faoi réir ag cur i bhfeidhm bhearta maolaithe, ní dócha go dtiocfaidh nochtadh breise ar riosca do choisithe agus rothaithe, a bheadh níos airde ná na treochtaí riosca sa timpeallacht sráide reatha, as an Scéim bheartaithe.

Leis na straitéisí maolaithe a dtugtar mionsonraí fúthu i gCaibidlí an TMTT, tabharfar aghaidh ar rioscaí do shláinte an duine go héifeachtach agus ní bheidh gá le bearta breise. Áirítear leis na straitéisí sin pleananna bainistíochta éagsúla amhail an CEMP, Plean Bainistíochta maidir le Torann agus Creathadh Tógála, Plean Bainistíochta maidir le Trácht Tógála (CTMP), Plean Bainistíochta maidir le Deannach, agus Plean

Bainistíochta maidir le hUisce Dromchla (SWMP). Ina theannta sin, cuirfear cláir monatóireachta maidir le deannach, uisce, torann agus creathadh i bhfeidhm le linn na Céime Tógála.

Ní mheastar go mbeidh aon éifeachtaí suntasacha ar an tsláinte ann mar gheall ar an gCéim Tógála den Scéim bheartaithe.

Meastar gur éifeachtaí dearfacha ar an iomlán a bheidh sna héifeachtaí féideartha ar shláinte an duine le linn na Céime Oibriúcháin den Scéim bheartaithe. Baineann sé sin le feabhas ar an mbonneagar iompair, feabhas ar rochtain ar sheirbhísí agus laghdú ar neamhionannais shóisialta. Trí chóras iompair éifeachtach a bheith ann, tabharfar buntáistí díreacha agus indíreacha do shláinte fhisiciúil agus shíceolaíoch an duine mar rannchuidiú dearfach de bharr laghdú ar astaíochtaí comhshaoil.

Cruthaítear deiseanna do ghníomhaíocht fhisiciúil rialta faoin Scéim bheartaithe, trí áiseanna níos fearr do choisithe agus do rothaithe, chomh maith leis an deis siúl chuig Stadanna LRT agus uathu, as a leanfaidh torthaí dearfacha sláinte. Cuirfear rochtain níos sábháilte agus níos cothroime ar fáil do dhaoine nach bhfuil gluaisteán acu trí iompar poiblí a sholáthar a mbeidh idirmhalartú bus maith agus bonneagar taistil ghníomhaithe níos fearr aige. Soláthróidh sé buntáistí socheacnamaíocha freisin agus tuilleadh deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíbhuntáiste sóisialta trí naisc iompair inacmhainne ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur ar fáil. Chuirfí feabhas ar an timpeallacht uirbeach agus bheadh sí níos éasca le húsáid ag raon leathan coisithe, daoine lagamhairc, úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus daoine nach bhfuil an tsoghluaisteacht ach go lag acu ina measc.

Cuirfidh amanna turais níos fearr agus iontaofacht an iompair phoiblí feabhas ar mheabhairshláinte trí strus a laghdú agus rochtain ar sheirbhísí sláinte, fostaíochta, oideachais agus fóillíochta a fheabhsú. Is dócha go spreagfar idirghníomhú sóisialta trí laghduithe ar thréthrácht, bonneagar níos fearr do choisithe agus feabhsúcháin ar shráid-dreacha, rud a chuirfidh le folláine mheabhrach.

Cé go bhféadfaidh sé go gcloisfidh roinnt cónaitheoirí gar do Stadanna LRT nua foinsí torainn nua, ní bheidh aon athrú inbhraite ar an torann timpeallachta i gcás formhór na ndaoine. Is é a bheidh i gceist leis na bearta chun torann agus creathadh a laghdú sa Chéim Oibriúcháin ná bacainní fuaim-mhaolaithe agus ‘rian leac ar foluain’ a shuiteáil chun an méid torainn agus creathaidh ó oibriú na Scéime beartaithe a laghdú, nuair is gá. Mar gheall ar na bearta sin, níl coinne le haon drochéifeachtaí sláinte.

Níor sainaithníodh aon tionchair sláinte eile ná aon torthaí sláinte dóchúla eile a bheadh ábhartha do Chéim Oibriúcháin na Scéime beartaithe.

## 10.2 Daonra

Baineann an measúnú daonra le hanailís ar na tionchair fhéideartha ar an daonra áitiúil mar fhreagra ar athruithe sainaitheanta timpeallachta agus fisiceacha le linn na Céime Tógála agus na Céime Oibriúcháin den Scéime bheartaithe. Tá tionchar suntasach ag idirghníomhú dheitéarmanaint níos leithne an daonra (an timpeallacht fhisiceach, shóisialta agus eacnamaíoch) ar dhinimic an daonra. Is é is aidhm don mheasúnú seo ná saintréithe níos leithne an daonra is dócha a ndéanfaidh an Scéim bheartaithe difear dóibh, agus suntas na dtionchar sin, a shainaithint.

Tá an measúnú ar thionchair áitiúla déanta laistigh de chonair 500m ó ailíniú na Scéime beartaithe, go ginearálta, agus áirítear ann na Toghranna An Chabrach Thiar A, An Chabrach Thiar B, An Chabrach Thoir A, Fionnghlas Theas A, Fionnghlas Theas B, Fionnghlas Theas C, Fionnghlas Thuaidh A, Fionnghlas Thuaidh C agus Baile Gall A, atá lonnaithe sna paróistí Fionnghlas, Fionnghlas Thiar, Rivermount agus Baile Gall. Tá measúnú déanta ar an bhfaisnéis sin chun tionchar an tionscadail ar réadmhaoin phríobháideach, talamh cónaithe, áiseanna pobail, talamh pobail, gnólachtaí tráchtála, talamh tráchtála, fostaíocht, eacnamaíocht shóisialta agus aistir laistigh den Limistéar Staidéir a chinneadh.

Is limistéar cónaithe ina bhfuil dlús íseal daonra é an limistéar staidéir, ach tá roinnt mhaith áiseanna pobail, gnólachtaí agus spásanna glasa ann, lena n-áirítear trí pháirc: Páirc Ghleann na Tulchann, Páirc Chorrán Fhearnáin agus Páirc Uí Mhaoilíosa. Tá áiseanna pobail, lena n-áirítear scoileanna agus coláistí, lonnaithe in aice an bhealaigh beartaithe. Beidh daoine áitiúla in ann rochtain i bhfad níos éasca a fháil ar áiseanna pobail, coláistí agus áiteanna fostaíochta in achar ama i bhfad níos giorra, mar gheall ar chur i bhfeidhm na Scéime beartaithe.

Baineadh úsáid as suirbhéanna, lena n-áirítear réamhshuirbhé agus suirbhé Jan Gehl, chun sonraí faoi aois, inscne agus comhaireamh gluaiseachta daoine a dhéanamh. Thángthas ar an gconclúid nach raibh an bonneagar iompair reatha caoithiúil chun idirghníomhú sóisialta a dhéanamh. Tá roinnt mhaith bacainní fisiceacha ann faoi láthair a fhágann gur dheacair é do choisithe rochtain a fháil ar áiseanna pobail, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta nó daoine a bhfuil bugaithe nó pramanna acu. Is fadhbanna a chonacthas sa limistéar staidéir iad easpa nascachta idir spásanna oscailte agus iompar frithshóisialta agus cuireadh san áireamh iad i ndearadh na Scéime beartaithe.

Léiríonn sonraí a bailíodh faoin daonra don Daonáireamh 2022 gur tháinig ardú 7.6% ar an daonra, i gcomparáid leis an líon daoine a taifeadadh i nDaonáireamh 2016. Is lánúin óga agus teaghlaigh óga a bhfuil leanaí acu is mó atá i gceist, agus ciallaíonn sé sin go rannchuideoidh an Scéim bheartaithe go hollmhór leis an mbonneagar iompair, tacóidh sí le forbairt eacnamaíoch, le cúrsaí fostaíochta agus le hidirghníomhú sóisialta amach anseo. Mar gheall ar an míchaoithiúlacht agus ar na hamanna turais níos faide, bíonn claonadh níos mó ag daoine feithiclí príobháideacha a úsáid chun taisteal chuig an obair, an scoil nó an coláiste faoi láthair, seachas iompar poiblí a úsáid. Cabhróidh an Scéim bheartaithe le bonneagar iompair éifeachtach a thógáil agus éascóidh sí saol na ndaoine a thaistealaíonn chun na hoibre, ar an scoil nó ar an gcoláiste, nó a fhaigheann rochtain ar chinn scríbe eile i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear lár na cathrach, ar chúiseanna sóisialta nó eile.

Áirítear leis na tionchair ar an daonra le linn na Céime Tógála agus na Céime Oibriúcháin a ndearnadh measúnú orthu:

- Tionchair indíreacha thaitneamhachta le linn na tógála ar áiseanna pobail agus ar ghnólachtaí tráchtála ó mheascán de thionchair iarmharacha aeir, torainn, tráchta agus amhairc; Tionchair dhíreacha thaitneamhachta ar ghnólachtaí tráchtála a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas gnólachta oibriú go rathúil;
- Fáil talún shealadach agus bhuan ó réadmhaoin chónaitheach, áiseanna pobail agus gnólachtaí tráchtála, lena n-áirítear laghdú ar limistéir gairdíní tosaigh, cabhsaí, spásanna poiblí agus príobháideacha agus páirceáil phríobháideach;
- Athruithe ar inrochtaineacht do choisithe, rothaithe, úsáideoirí bus agus feithiclí príobháideacha ar feadh na Scéime beartaithe agus sa líonra bóithre máguaird mar thoradh ar thrácht tógála, atreoruithe agus bearta bainistíochta tráchta le linn na Céime Tógála agus trácht ghinearálta athdháilte le linn na Céime Oibriúcháin; agus

- Rannchuidiú dearfach le folláine an daonra i ndiaidh Luas a chur i bhfeidhm. Rannchuideoidh an Scéim bheartaithe le hamanna turais a laghdú, iontaofacht iompair a fheabhsú agus nascacht thuaidh-theas idir tús agus deireadh turas. Beidh áiteanna fostaíochta atá cheana ann agus cinn nua níos inrochtana.

Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú nach mbeidh aon tionchar mór diúltach ar aon limistéar pobail ón bhfáil talún ná ar inrochtaineacht le linn na Céime Tógála agus na Céime Oibriúcháin den Scéim bheartaithe. Bheadh an tógáil talún don Scéim bheartaithe sách beag in aon suíomh aonair, ach tarlóidh sí ar thailte tionsclaíocha agus tráchtála atá ann cheana féin, ar thailte taitneamhachta, lena n-áirítear spás glas agus páirceanna imeartha, ar spás bóthair agus i gcarrchlós Stáisiún an Gharda Síochána i bhFionnghlas. Níl aon phlean ann chun réadmhaoine cónaithe a bhfuil daoine ina gcónaí iontu a leagan. Leagfar áis stórála de chuid na Rannóige Páirceanna, trí ghnó atá i bhfeidhm agus foirgneamh atá mar chuid de Stáisiún Gharda Síochána Fhionnghlaise.

Soláthrófar tionchair dhearfacha leis an Scéim bheartaithe, i dtéarmaí inrochtaineacht ar áiseanna pobail agus ar ghnólachtaí tráchtála, do choisithe, rothaithe agus úsáideoirí bus le linn na Céime Oibriúcháin. Tá coinne leis go rachaidh an Scéim bheartaithe chun leasa gnólachtaí a gcónaíonn a n-oibrithe ar feadh na conaire.

Cabhróidh na feabhsúcháin sin le haidhmeanna agus cuspóirí na Scéime beartaithe a bhaint amach trí rogha thaitneamhach eile a chur ar fáil seachas feithiclí príobháideacha a úsáid agus trí aistriú córa iompair ó fheithiclí príobháideacha go dtí siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a chur chun cinn (lena n-áirítear turais ar an LRT agus ar rothar a spreagadh), lena gceadófar toilleadh níos mó ar feadh na conaire chun teacht ar chinn scríbe, cónaithe, pobail agus tráchtála. Beidh roinnt tionchar iarmharach diúltach ann de bharr chineál na húsáide talún sa limistéar staidéir agus an dúshlán a bhaineann le scéim LRT a chur trí limistéar uirbeach, i bhfianaise leithdháileadh seanbhunaithe limistéar cónaitheach agus áiseanna pobail. Is iad pobail Chúirt na bhFiach agus Chúirt San Maighréad na pobail is mó a ndéanfaidh gaireacht don Scéim bheartaithe agus athruithe ar rochtain difear dóibh. Beidh tionchar ag athruithe ar rochtain ar roinnt gnólachtaí atá lonnaithe ar Bhóthar Dhroichead Broome agus ar Bhóthar San Maighréad freisin.

Le linn na tógála, scarfar roinnt páirceanna, spásanna glasa, cosán agus bóithre, cuirfear isteach ar radhairc agus beidh torann ann. Beidh tionchar aige sin ar thaitneamhacht chónaithe agus taitneamhacht ghinearálta na ndaoine áitiúla agus ar an úsáid a bhaineann siad as áiseanna pobail.

Mar chonclúid, fuair an measúnú nach mbeidh ach roinnt tionchar diúltach suntasach gearrthéarmach ar limistéir phobail ón bhfáil talún agus ar inrochtaineacht le linn na Céime Tógála. Cé go ndéanfaidh tógáil bheag talún difear do roinnt tailte tionsclaíocha, tráchtála agus taitneamhachta, cuirfidh an Scéim bheartaithe feabhas mór ar inrochtaineacht do choisithe, rothaithe agus úsáideoirí bus, agus beidh sí chun leasa daoine áitiúla agus gnólachtaí feadh na conaire. Spreagfaidh an Scéim bheartaithe aistriú ó fheithiclí príobháideacha go dtí modhanna taistil níos inbhuanaithe freisin. D’ainneoin roinnt tionchar diúltach iarmharach le linn na tógála, is glantionchar foriomlán a bheidh dearfach go mór do mhuintir Fhionnghlaise a thiocfaidh as na tionchair dhearfacha le linn na Céime Oibriúcháin.

## 10.3 An bhithéagsúlacht

Rinneadh measúnú ar ghnáthóga le staidéar deisce laistigh den Chrios Tionchair (ZoI), agus le suirbhé allamuigh agus próiseas comhairliúcháin ina dhiaidh sin. Le sraith suirbhéanna éiceolaíocha, a rinneadh idir mí an Mhárta 2021 agus Mí na Bealtaine 2024 sa ZoI, tá na sonraí is gá curtha ar fáil chun bonnlíne fhairsing a bhunú ar na láithreáin, gnáthóga, flora agus fauna atá lonnaithe laistigh den Scéim bheartaithe agus in aice léi.

Tá an ZoI don tionscadal bunaithe ar bhreithiúnas ar mhéid dóchúil na dtionchar éiceolaíoch ar phríomhghabhdóirí éiceolaíocha (i.e. suíomhanna, gnáthóga agus speicis ainmnithe faoi chosaint). Beidh sé sin difriúil i gcás na bpríomhghabhdóirí éiceolaíocha éagsúla, ag brath ar a n-íogaireachtaí i leith an athraithe comhshaoil. Tá suirbhé déanta ar gach ceann de na príomhghabhdóirí éiceolaíocha chun tionchair fhéideartha na Scéime beartaithe ar an mbithéagsúlacht a shainaithint agus a mheas. Tá Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Chuí agus Ráiteas Tionchair Natura ar leithligh curtha i dtoll a chéile chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeidh éifeachtaí ar láithreáin Natura 2000 ainmnithe.

Cuimsítear raon leathan gnáthóg i limistéar na Scéime beartaithe, lena n-áirítear tírdhreacha uirbeacha saorga, féarthailte taitneamhachta, cluainte tirime, fearainn pháirce agus crann, coillearnach mheasctha de chrainn leathanduilleacha agus bhruachánacha, seascainn ghiolcach agus luibheanna arda, riasca, fálta sceach, crannteorainneacha agus grágán, chomh maith leis an gCanáil Ríoga agus an Tulcha.

Fuarthas go raibh ocht láithreán Natura 2000 Eorpach ainmnithe, cúig Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta, dhá láithreán Ramsar, láithreán amháin faoi Ordú um Limistéar Taitneamhachta Speisialta agus láithreán UNESCO amháin laistigh de ZoI na Scéime beartaithe. Taifeadadh go raibh raon éagsúil príomhghabhdóirí éiceolaíocha fauna agus flora i láthair laistigh de ZoI na forbartha (cinn ar an liosta Glas, ar an liosta Ómra, speicis Leasa Cháilithigh agus speicis Leasa Caomhantais Speisialta), chomh maith le hocht speiceas ionrach neamhdhúchasacha, a bhfuil cúig cinn díobh liostaithe sa Tríú Sceideal de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (arna leasú), I.R. Uimh. 477/2011.

Mura ndéanfar maolú, is iad na tionchair fhéideartha a bhfuil coinne leo ó thógáil na Scéime beartaithe ar na gnéithe reatha bithéagsúlachta / éiceolaíocha ar an suíomh agus in aice leis ná na cinn a bhaineann le:

- Caillteanas díreach agus scoilteadh gnáthóg;
- Díghrádú fisiceach gnáthóg;
- Cur isteach agus díláithriú speiceas fauna faoi chosaint (infheicthe agus inchloiste);
- Éilliú na líonraí uisce dromchla agus screamhuisce, éilliú aeir (deannach); agus
- Leathadh speiceas ionrach neamhdhúchasach.

Den chuid is mó, díríonn na tionchair fhéideartha oibriúcháin a bhfuil coinne leo ón Scéim bheartaithe ar na gnéithe reatha bithéagsúlachta/éiceolaíocha ar chur isteach agus díláithriú agus gortú féideartha i leith speicis fauna faoi chosaint, e.g. speicis éin amhail an gCadhan agus an eala bhalbh, chomh maith le hainmhithe amhail an madra uisce agus speicis áitiúla ialtóg.

Cé nach féidir tionchair amhail cailleadh sealadach agus scoilteadh gnáthóg a sheachaint de bharr lorg fisiceach na Scéime beartaithe, déanfar an chuid eile de na tionchair fhéideartha a mhaolú trí shraith beart thar a bheith sonrach. Áirítear leis na bearta sin, ach níl siad teoranta do, phleananna bainistíochta maidir le huisce dromchla, screamhuisce, deannach agus speicis ionracha, chomh maith le srianta séasúracha ar ghlanadh fásra agus oibreacha tógála i limistéir éiceolaíocha íogaire. Áirítear leis an CEMP pleananna agus bearta maolaithe dinimiciúla, atá le nuashonrú ag an gConraitheoir ceaptha de réir mar is cuí, atá mar bhonn do chosaintí éiceolaíocha na Céime Oibriúcháin. Ba cheart a thabhairt ar aird nach gcuirfidh aon nuashonruithe ar na bearta maolaithe a dhéanfaidh an Conraitheoir ceaptha isteach ar aon bhearta maolaithe sa CEMP tráth fhoilsithe an TMTT seo, ní dhéanfar nuashonrú ar bhearta ach chun iad a chur in oiriúint do dhálaí láithreán a bheadh ag athrú.

Ní dócha go mbeidh aon éifeachtaí suntasacha iarmharacha ar aon cheann de na láithreáin ainmnithe laistigh den ZoI mar thoradh ar an Scéim bheartaithe. Maidir le flora agus fauna, cinnteofar leis na maolaithe

Tógála agus Oibriúcháin, in éineacht leis an bplean tírdhreacha, go rachaidh na gnáthóga a mbeidh tionchar sealadach/gearrthéarma orthu ar ais go dtí an staid bhunaidh ina raibh siad, nó go mbeidh siad i staid níos fearr i gcásanna áirithe. Nuair a bheidh aga moille na ngnéithe a ndéanfar tírdhreachú orthu thart agus nuair a bheidh na gnáthóga lánaibí agus raon iomlán seirbhísí éiceolaíocha á chur ar fáil acu don fauna áitiúil, beidh tionchar dearfach beag curtha ag an Scéim bheartaithe ar an mbithéagsúlacht ar an láithreán agus in aice láimhe.

Ina theannta sin, déantar measúnú go sonrach ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar láithreáin ainmneacha Eorpacha sa Ráiteas Tionchair Natura, atá mar chuid den iarratas seo freisin. Is é conclúid an NIS, tar éis scrúdú, anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha, lena n-áirítear go háirithe cineál na dtionchar tuartha ón Scéim bheartaithe agus cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeart maolaithe a mholtar, nach mbeidh drochthionchar (díreach nó indíreach) ag an Scéim bheartaithe ar shláine aon láithreáin Eorpaigh mar gheall ar chuspóirí caomhantais an láithreáin, astu féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, agus níl aon amhras eolaíoch réasúnach ann i ndáil leis an gconclúid sin.

## 10.4 Uisce

Áiríodh leis an measúnú ar an timpeallacht hidreolaíoch, staidéar deisce, comhairliúcháin, suirbhéanna allamuigh agus tástáil anailíseach ar uisce chun stádas bonnlíne na ngabhdóirí uisce dromchla a bhunú agus chun tionchair dhóchúla na Scéime beartaithe a fháil amach.

Síneann an Limistéar Staidéir bonnlíne 500m ó theorainn na Scéime beartaithe agus cuimsíonn sé na dobharlaigh go léir is dócha a mbeidh tionchar suntasach ar na gnéithe seo a leanas díobh: hidreolaíocht, hidreamoirfeolaíocht agus cáilíocht an uisce. Áirítear le príomhghnéithe uisce dromchla sa limistéar staidéir Sruth Choill Fhionnghlaise, an Tulcha, Bachelors Stream, an Chanáil Ríoga agus an Bogach Tógtha Comhtháite ag Páirc Ghleann na Tulchann. Tá gach ceann seachas an Bogach Tógtha Comhtháite agus réimeanna uachtaracha Shruth Choill Fhionnghlaise aicmithe faoin gCreat-Treoir Uisce (WFD) (Treoir 2000/60/CE). Maidir le láithreáin ainmnithe, is é an Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe ag an gCanáil Ríoga an t-aon ainmniúchán laistigh den limistéar staidéir. Breithníodh sé láithreán Natura 2000 eile agus cúig Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe eile mar chuid den mheasúnú mar gheall ar nascacht hidreolaíoch le sruth.

Chun an cháilíocht uisce bhonnlíne a chinneadh, rinneadh sampláil ar uisce dromchla agus ar screamhuisce idir mí Eanáir 2022 agus mí Eanáir 2024. Áiríodh leis an gclár monatóireachta cúig shuíomh uisce dromchla agus sé shuíomh monatóireachta screamhuisce. Roghnaíodh na pointí samplála uisce dromchla ag suíomhanna feadh na Tulchann agus na Canálach Ríoga. Nuair a cuireadh na samplaí i gcomparáid leis na rialacháin ábhartha maidir le huisce dromchla, tugadh leibhéil ardaithe ortafosfáite faoi deara sa Tulcha (SWS003 agus SWS004).

Tá measúnú déanta ar chomhlíonadh na Scéime beartaithe le ceanglais an WFD mar chuid den TMTT seo. Cinneadh leis an measúnú nach gcuirfidh an Scéim bheartaithe isteach ar bhaint amach cuspóirí an WFD maidir le ceann ar bith de na dobharlaigh mháguaird, agus go gcomhlíonann an Scéim reachtaíocht chomhshaoil eile. Baintear de thátal as sin go gcomhlíonann an Scéim bheartaithe ceanglais uile an WFD.

Bhíothas ar an eolas gur chuir an Tulcha thar bruach roimhe seo. Chun measúnú a dhéanamh ar thionchar féideartha Dhroichead Pháirc Ghleann na Tulchann ar na réimeanna tuile, rinneadh Measúnacht ar Riosca Tuile a bhaineann go sonrach leis an láithreán. Dearbhaíodh le samhaltú hiodrálach ar an abhainn nach mbeidh ach tionchar fíor-bheag ag an droichead beartaithe ar leibhéil tuile na habhann. Thángthas ar an gconclúid nach bhfuil ardú ábhartha ar an riosca tuile mar gheall ar an Scéim bheartaithe.

Beidh roinnt gníomhaíochtaí tógála ann i rith na Céime Tógála a d’fhéadfadh tionchair a imirt ar uisce dromchla, lena n-áirítear glanadh láithreán, oibreacha créafóige, atreoruithe fóntas, athdhromchlú bóithre, athailíniú acomhal, tógáil na Scéime beartaithe, tógáil struchtúir chun cúrsaí uisce agus an chanáil a thrasnú, leasuithe ar chosáin atá ann cheana féin, tógáil cosán agus rotharbhealaí nua, agus oibreacha feabhsúcháin ar an mBogach Tógtha Comhtháite i bPáirc Ghleann na Tulchann. Tabharfar roinnt ionad tógála agus bóithre tarlaithe isteach go sealadach chun tacú leis an gCéim Tógála.

Maidir le maolú, ullmhaíodh SWMP agus CEMP. Tugann siad sin mionsonraí faoi na bearta rialaithe agus tomhais chun aon drochthionchar suntasach ar thimpeallacht an uisce dromchla a sheachaint, a chosc nó a laghdú le linn na Céime Tógála den Scéim bheartaithe. Áirítear leo sin ceanglas do phlean freagartha maidir le teagmhas comhshaoil, rialú dríodair, stóráil ábhar/breosla a bhainistiú, baisceadh agus úsáid coincréite a bhainistiú, agus feithiclí agus gléasra a bhainistiú. Ní dócha go mbeidh aon tionchair iarmharacha suntasacha ann ó Chéim Tógála na Scéime.

Le linn na Céime Oibriúcháin, luaitear go tionchair dhearfacha a bheidh i bhformhór na dtionchar mar gheall ar an líon córas inbhuanaithe draenála uirbeacha (SuDS) agus gnéithe maolaithe a bheith ann ar fud na scéime. Dearadh na bearta SuDS beartaithe chun aithris a dhéanamh ar dhraenáil nádúrtha. Cuirfidh siad raon buntáistí comhshaoil ar fáil, agus spreagfaidh siad insíothlú, maolú agus cóireáil éighníomhach. Tá bearta maolaithe oibriúcháin leabaithe i ndearadh na Scéime beartaithe. Déanfaidh roinnt gníomhaireachtaí éagsúla cothabháil ar ghnéithe SuDS i gcomhréir lena nósanna imeachta bainistithe faoi seach. Ní theastaíonn aon bhearta maolaithe breise.

Ní dócha go mbeidh aon tionchair iarmharacha suntasacha ar na gabhdóirí uisce dromchla thuasluaite ó Chéim Tógála ná ó Chéim Oibriúcháin na Scéime beartaithe. Táthar ag tuar nach mbeidh ach tionchair fíor-bheag ar láithreáin ainmnithe mar thoradh ar an Scéim bheartaithe.

## 10.5 Talamh agus Ithreacha: Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht

Sa mheasúnú ar thalamh agus ithreacha, breithnítear na tionchair is dócha a bheidh ar thalamh agus ithreacha a bhaineann leis an gCéim Tógála agus leis an gCéim Oibriúcháin den Scéim bheartaithe. Tagraíonn 'talamh' i gcomhthéacs na caibidle seo don ithreach atá ann cheana féin agus do shaintréithe na timpeallachta glactha.

Sa mheasúnú hidreolaíoch, sainaithnítear na tionchair shuntasacha is dócha a bheidh ag na Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin den fhorbairt bheartaithe ar an hidreolaíocht agus déantar measúnú orthu.

Rinneadh staidéir dheisce ar an bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí, imscrúduithe ar an talamh stairiúil agus suirbhéanna allamuigh chun nádúr na timpeallachta bonnlíne glactha a fháil amach.

Is é Gleann na Tulchann an ghné is suntasaí den topagrafaíocht feadh na Scéime beartaithe ar dtús agus ansin téann sí in airde go leanúnach de réir mar a théann an t-ailíniú ó thuaidh. Is féidir cur síos ginearálta a dhéanamh ar dhromchla na talún mar chomhréidh go háitiúil le mion-droimneacht. Tugtar le tuiscint le mapáil Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GIS) ar Dhríodair Cheathartha go bhfuil forshraith tille a tháinig as aolchloch os cionn na geolaíochta buncharraige ar feadh roinnt mhaith den Scéim bheartaithe. Úsáidtear an talamh laistigh den limistéar staidéir d'fhorbairtí uirbeacha den chuid is mó, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta d'úsáid thionsclaíoch, tráchtála, chónaithe agus áineasa.

Tugtar le tuiscint le tacar sonraí Acmhainní Uisce Talún GSI (uiscígh a stórálann/tháirgeann uisce) go bhfuil 'Uiscíoch Buncharraige lena ngabhann Tábhacht Áitiúil' faoin gcuid is mó den Scéim bheartaithe, atá measartha táirgiúil i gcriosanna áitiúla (LI). Tá 'Uiscíoch Lag', a ndéantar cur síos ar mar neamhtháirgiúil go ginearálta seachas i gcriosanna áitiúla, faoi chuid bheag den scéim ag an taobh is faide ó thuaidh den bhealach.

Tá sé luaite i staidéir go meastar gur bheag an baol go dtarlódh sciorradh talún sa limistéar staidéir. Dá réir sin, níor breithníodh an cheist sin i rith an EIA. Le linn an imscrúdaithe talún 2021 - 2022, mar thoradh ar thástáil chomhshaoil a rinneadh ar shamplaí, sainaithníodh miotail throma, Hidreacarbón Peitriliam Iomlán (TPH), Hidreacarbóin Iltimthriallacha Aramatacha (PAH), Défheinil Pholaclóirínithe (PCB), Comhdhúil Orgánach So-Ghalaithe (VOC) agus Comhdhúil Orgánach Sách So-Ghalaithe (SVOC) sna hithreacha. Níor sháraigh na leibhéil a tuairiscíodh an Measúnú de réir Critéir Inaistrithe (GAC) le haghaidh shláinte an duine i gcás Spás Oscailte Poiblí (Páirc). Bunaithe ar na sonraí sin, aicmítear an t-ábhar mar neamhghuaiseach (Aicme U1).

Beidh tionchar ag cur i bhfeidhm na Scéime beartaithe ar thalamh agus ithreacha, go háirithe le linn na Céime Tógála. Áirítear leis na tionchair:

- Caillteanas clúdach ithreach agus riosca níos mó maidir le creimeadh agus balcadh ithreach;
- Ithreacha, geolaíocht agus screamhuisce a d'fhéadfadh a bheith éillithe mar thoradh ar oibreacha créafóige le linn na tógála;
  - I gcás go nochtfaí dramhaíl stairiúil le linn oibreacha créafóige, seans go ngluaisfeadh ábhar a d'fhéadfadh a bheith éillithe trí láisteadh nó uisce dromchla ag rith chun srutha; agus
  - D'fhéadfadh doirteadh breosla nó ceimiceán trí thimpiste ar an láithreán na hithreacha thíos faoi a éilliú.
- Barraíocht ithreach a thagann as oibreacha créafóige. Beidh barraíocht ithreach ann mar thoradh ar oibreacha tochailte, cé nach mbeidh ann ach méid beag, agus beidh tionchar díreach, buan aige sin ar ithreacha agus geolaíocht; agus
- Tá baol ann go ndéanfar teagmháil le talamh éillithe agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ar shláinte an duine agus an chomhshaoil ón tochailt, ó láimhseáil, próiseáil ar an láithreán, iompar agus diúscairt agus aisghabháil taobh amuigh den láithreán.

Cuirfear bearta maolaithe iomchuí i bhfeidhm chun drochthionchair ar an talamh agus ar ithreacha, geolaíocht agus hidreolaíocht a sheachaint le linn na Céime Tógála.

Tá coinne leis nach mbeidh aon tionchair iarmharacha mhóra ón tógáil ar an talamh, na hithreacha, ar an ngeolaíocht agus ar an hidreolaíocht.

Áirítear leis na tionchair a ndearnadh measúnú orthu le linn na Céime Oibriúcháin, na tionchair ar an talamh, na hithreacha, ar an ngeolaíocht agus ar an hidreolaíocht a bhaineann le hathruithe ar an soláthar uisce agus éilliú screamhuisce agus dobharlach.

Le linn na Céime Oibriúcháin den Scéim bheartaithe, ní bhreithnítear aon bhearta maolaithe breise maidir le talamh, ithir, geolaíocht agus hidreolaíocht. Sa chéim seo, is é BIÉ nó an t-údarás áitiúil a dhéanfaidh an bonneagar a chothabháil agus na bearta maolaithe a leagtar amach i gCaibidil 11 (Talamh agus Ithreacha; Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht) den TMTT seo a chur i bhfeidhm chun éilliú talún/ithreach i gcás doirteadh trí thimpiste a sheachaint.

Níor sainaithníodh aon tionchar díreach a bhaineann leis an gCéim Oibriúcháin, áfach. D'fhéadfaí sceitheadh nó doirteadh trí thimpiste ag an síneadh beartaithe ar iosta Hamilton Dhroichead Broome, limistéir pháirceála gluaisteán agus ionaid chothabhála a áireamh le miontionchair indíreacha a bhféadfadh éilliú ithreacha agus screamhuisce a bheith mar thoradh acu. Ós rud é gur chóras iompair leictrithe é an Luas, tá na rioscaí éillithe oibriúcháin cuid mhaith níos ísle ná mar a bheadh i gcás feithiclí iompair arna gcumhachtú le hinnill dócháin inmheánaigh agus breoslaí hidreacarbóin, agus laghdaíonn na bearta maolaithe i ndearadh an riain an t-ábhar imní sin go mór.

Níl aon tionchair iarmharacha suntasacha ar na timpeallachtaí talún, ithreacha agus hidreolaíochta mar thoradh ar an Scéim bheartaithe, ón gCéim Tógála ná ón gCéim Oibriúcháin. Ar anailís a dhéanamh ar na tionchair agus ar na bearta maolaithe, tuartar go laghdófar na tionchair fhéideartha go léir go dtí nach mbeidh ach nádúr neodrach agus méid fíorbheag ag baint leo (le linn na gCéimeanna Tógála agus Oibriúcháin). Dá barr sin, is suntas dobhraite a bheidh ag an tionchar ar na tréithe a sainaithníodh.

## 10.6 Tógáil Talún

Bhain an measúnú ar thógáil talún le taighde deisce agus anailís ar an doiciméadacht atá ann cheana chun cineálacha agus úsáidí réadmhaoine feadh na Scéime beartaithe a ndéanfar tionchar díreach orthu a shainaithint. Rinneadh suirbhéanna agus siúlóidí láithreáin anuas air sin. Sa mheasúnú seo, cuimsítear tionchar na Scéime beartaithe ar limistéir chónaithe, thionsclaíocha, tráchtála, phobail, thaitneamhachta agus phoiblí atá lonnaithe feadh an bhealaigh, agus go háirithe ar na réadmhaoine nach mór a fháil agus/nó a mbeidh tionchar ag an Scéim bheartaithe orthu.

Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú go ndéanann an Scéim bheartaithe difear do 66 úinéir réadmhaoine agus go bhfuil os cionn 340 páirtí leasmhar ann, má chuirtear léas-sealbhóirí agus tionóntaí san áireamh. Áirítear leis na ceapacha ar leith 19 réadmhaoin chónaithe, naoi réadmhaoin thionsclaíocha, 15 réadmhaoin déag thráchtála, 16 úinéir réadmhaoine déag phobail agus ceithre láithreán fholmha a d'fhéadfaí a fhorbairt. Bainfear úsáid as roinnt den tógáil talún shealadach le haghaidh compún foirgníochta, limistéar oibriúcháin crann tógála agus stóráil ábhar.

Baineann na tionchair a thuartar a bheidh ann le linn na Céime Tógála le réadmhaoin a fháil ar bhonn sealadach, réadmhaoin a fháil ar bhonn buan agus struchtúir a leagan. Le linn na Céime Tógála den Scéim bheartaithe, tá 307,411.3m$^2$ de thalamh laistigh de theorainn láithreán na Scéime, lena n-áirítear bóithre poiblí, tá 170,625.5m$^2$ le fáil go sealadach chun freastal a dhéanamh ar chompúin fhoirgníochta agus gníomhaíochtaí tógála (lena n-áirítear oibreacha cumasúcháin, leagan, tochailt, atreoruithe tráchta Stadanna Luas agus Páirceáil & Taisteal a thógáil). Tá 53,490.5m$^2$ le fáil go buan chun freastal a dhéanamh ar an Scéim bheartaithe.

Áirítear leis na Tionchair ó Thógáil Talún:

- Tógáil talún bhuan agus shealadach le húsáid mar chompúin fhoirgníochta, chun rianta/droichid a thógáil, chun fóntais a athlonnú, agus chun áiseanna stórála rothar agus fostáisiúin a sholáthar;
- Laghdú buan ar an achar talún iarmharach;
- Rochtain/bealaí isteach, páirceáil do ghluaisteáin, sconsaí teorann, cruastadanna agus clóis in áitribh thionsclaíocha/thráchtála a chur ar mhalairt slí go sealadach agus go buan.
- Cur isteach sealadach ar chearta slí poiblí agus ar rochtain phríobháideach;
- Laghdú buan agus sealadach ar thalamh cónaithe agus pobail, athlonnú ballaí teorann. Tionchar ar ghairdíní/páirceanna cónaithe agus poiblí;
- Foirgnimh thionsclaíocha agus sconsaí/balla teorann atá ann cheana féin a leagan, foirgnimh stórála i bpáirceanna, tardhroichead do choisithe agus fostáisiúin BSL;
- Tógáil talún bhuan chun an áis Páirceála agus Taistil a thógáil;
- Athlonnú páirceanna imeartha sacair agus CLG agus athruithe orthu;
- Crainn a bhaint agus limistéir thírdhreachaithe a chruthú, lena n-áirítear cosáin agus bealaí rothar; agus
- Bóithre atá ann cheana féin a athrú agus a athailíniú/a chur ar mhalairt slí.

Tá bearta maolaithe chun na tionchair ón tógáil talún shealadach is gá le haghaidh gníomhaíochtaí tógála a íoslaghdú curtha san áireamh sa dearadh. Tá an tógáil talún shealadach is gá le haghaidh gníomhaíochtaí tógála íoslaghdaithe gach áit is féidir agus tá teorainneacha coigeartaithe chun tionchair a sheachaint nó a íoslaghdú a mhéid is féidir.

Agus an tsraith beart sin curtha i bhfeidhm, thángthas ar an gconclúid nach mbeidh aon bhearta breise ag teastáil le linn na Céime Oibriúcháin. De réir an mheasúnaithe, ní bheidh aon éifeachtaí iarmharacha ar réadmhaoin a bhaineann leis an Tógáil Talún le linn na Céime Oibriúcháin.

## 10.7 Cáilíocht Aeir

Bhain an measúnú ar cháilíocht aeir le hathbhreithniú ar na sonraí foilsithe a bhí ar fáil, athbhreithniú ar na treoirlínte is infheidhme, monatóireacht ar cháilíocht aeir ag suíomhanna íogaire feadh na Scéime beartaithe agus áirimh chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair ón gcáilíocht aeir a thuartar a tharlóidh mar thoradh ar an Scéim bheartaithe.

Comhlíonann an cháilíocht aeir reatha feadh na Scéime beartaithe caighdeáin Náisiúnta agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh um cháilíocht aeir.

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála éagsúla tionchar a imirt ar an gcáilíocht aeir mar thoradh ar astaíochtaí deannaigh agus ar an bhféidearthacht núise do ghabhdóirí íogaire sa limistéar staidéir. Is iad na cineálacha gníomhaíochtaí tógála a d'fhéadfadh astaíochtaí deannaigh éalaitheacha a ghiniúint ná leagan, oibreacha créafóige, láimhseáil agus diúscairt ithreach, ábhar cáithníneach gaothshéidte ó stoc-chairn, láimhseáil ábhar tógála scaoilte agus gluaiseacht feithiclí, ar láithreáin agus taobh amuigh díobh. Bíonn éifeacht ag an aimsir ar ghiniúint deannaigh, agus braitheann na rátaí astaíochtaí ar limistéar agus scála na gníomhaíochta ar an láithreán, ar mhéid an ábhair agus ar an méid taise san ábhar. Le linn tréimhsí aimsire tirime agus gaofara, féadfaidh cáithníní éirí san aer agus iad a scaipeadh níos mó ná 100km ón bhfoinse. De bharr scála na tógála sa Scéim bheartaithe, beidh láithreáin i bhfeidhm ar feadh tréimhsí fada agus dá bharr sin, tá measúnú cáilíochtúil déanta ar bhreithniú mionsonraithe ar thionchair fhéideartha deannaigh. Tá bearta cuí chun deannach tógála a mhaolú leagtha amach lena chinntiú go n-íoslaghdófar an núis ó dheannach tógála. Cuirfear bearta cuí i bhfeidhm ar feadh Chéim na Tógála chun deannach tógála a mhaolú.

Ós rud é gur scéim leictrithe í an Scéim bheartaithe, ní bheidh aon astaíochtaí éillithe aeir óna cur i bhfeidhm le meas. Dá bharr sin, ní tionchar suntasach a bheidh sa tionchar díreach ar an gcáilíocht aeir le linn na Céime Oibriúcháin. Le linn na Céime Oibriúcháin, bainfidh an tionchar féideartha is suntasaí ar an gcáilíocht aeir le sreabhadh tráchta athraithe mar gheall ar an áis Páirceála & Taistil ag Bóthar San Maighréad. Tá measúnú déanta ar na tionchair fhéideartha ar an gcáilíocht aeir de bharr shreabhadh tráchta athraithe gar do shuíomhanna gabhdóirí íogaire. Comhlíonfaidh na tiúchain truailleán aeir comhthimpeallacha go léir na caighdeáin maidir le cáilíocht aeir comhthimpeallaigh i gcónaí agus dá barr sin ní theastaíonn aon bhearta maolaithe sonracha don Chéim Oibriúcháin.

Le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe a leagtar amach sa CEMP, beidh éifeachtaí na n-astaíochtaí ó thógáil na Scéime beartaithe neodrach agus meántéarmach agus ní bheidh siad suntasach. Déanfaidh an Conraitheoir soláthar do mhonatóireacht tráthrialta ar an gcáilíocht aeir le linn na tréimhse tógála chun éifeachtacht na mbeart maolaithe a dheimhniú agus déanfar gníomh ceartaitheach más gá.

Agus breithniú á dhéanamh ar na héifeachtaí is dócha a bheidh ag astaíochtaí de bharr sreabhadh tráchta athraithe ar an ngréasán bóithre máguaird, beidh na héifeachtaí dóchúla neodrach agus meántéarmach agus ní bheidh siad suntasach.

## 10.8 Aeráid

Is athrú suntasach ar an ngnáth-aimsir thar thréimhse ama é athrú aeráide. Cé gur feiniméan nádúrtha é athrú aeráide, tá tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí an duine ar an aeráid trí scaoileadh GCT. Bhain an measúnú aeráide le hathbhreithniú ar astaíochtaí bonnlíne GCT, athbhreithniú ar threoirlínte is infheidhme, áirimh tuarthacha chun na hastaíochtaí a thiocfaidh ón Scéim bheartaithe sna Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin a thuar, agus measúnú ar thionchair fhéideartha ar an aeráid. Chomh maith leis sin, rinneadh measúnú ar an Scéim bheartaithe ó thaobh a leochaileacht don athrú aeráide.

Rinneadh measúnú GCT trí uirlis ríofa carbóin BIÉ a úsáid. Úsáidtear an uirlis sin chun measúnú a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin saolré le haghaidh tionscadail bhonneagair bóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim. Tá breithniú déanta freisin ar athruithe féideartha ar na hastaíochtaí GCT a bhaineann le hathruithe ar mhéideanna tráchta ar na bóithre laistigh den limistéar staidéir de bharr na Céime Oibriúcháin.

Le linn na Céime Tógála, baineann na tionchair fhéideartha leis an gcarbón corpraithe a úsáidfear chun an Scéim bheartaithe a thógáil, astaíochtaí GCT corpraithe a eascróidh as gníomhaíochtaí glanta talún, carbón corpraithe ó ábhair agus iompar, agus táirgeadh dramhaíola.

Is 54,430.2 $tCO_{2eq}$ an méid iomlán carbóin a mheastar a ghinfear le linn na Céime Tógála, agus tá maoluithe éagsúla curtha leis na gníomhaíochtaí beartaithe sa Chéim Tógála. Úsáideadh buiséid charbóin na hÉireann chun comhthéacs a thabhairt don mhéid astaíochtaí GCT a thiocfaidh as Céim Tógála na Scéime beartaithe. Chun comhthéacs a thabhairt d'astaíochtaí iomlána na Céime Tógála, is é sin 54,430.2 $tCO_{2eq}$, i gcomparáid leis an 3ú Buiséad Carbóin (2031-2035), is é sin 151 Mt $CO_{2eq}$, is éard a bheidh sa mhéid astaíochtaí GCT ($tCO_{2eq}$) de bharr na Céime Tógála den Scéim bheartaithe ná 0.036% d'astaíochtaí an bhuiséid carbóin.

Le linn na Céime Oibriúcháin, beidh dhá fhoinse shuntasacha astaíochtaí GCT ann; an chéad fhoinse ná na ceanglais chumhachta oibriúcháin chun Stáisiún Dhroichead Broome, Stadanna, an áis Páirceála & Taistil agus an córas cumhachta a oibriú, agus an dara foinse ná astaíochtaí a bhaineann le trácht ar bhóithre. Trí shraith painéal grianfhótavoltach (PV) a shuiteáil ar dhíon na háise Páirceála & Taistil, is ionann an leictreachas a ghinfear agus coigilteas thart ar 96 $tCO_{2eq}$ in aghaidh na bliana nó 5,760 $tCO_{2eq}$ le linn shaolré an tionscadail. Is éard a bheidh sa mhéid astaíochtaí GCT de bharr na Céime Oibriúcháin den Scéim bheartaithe, má thugtar comhthéacs don astaíocht bhliantúil mheasta, i gcomparáid leis an 3ú Buiséad Carbóin (2031 – 2035), is é sin 151 Mt $CO_{2eq}$, ná 8,802.8 $tCO_{2eq}$ in aghaidh na bliana, nó 0.029% d'astaíochtaí an bhuiséid carbóin.

Is tionchar fadtéarmach agus dearfach é an tionchar a thuartar a bheidh ar an aeráid de bharr an laghdú foriomlán ar astaíochtaí GCT ó thrácht ar na bóithre le linn oibriú na scéime.

Rinneadh bearta maolaithe a ionchorprú sa dearadh tógála atá dírithe ar an gcarbón corpraithe a bhaineann leis an gCéim Tógála den Scéim bheartaithe a laghdú. Áirítear ar na bearta sin athúsáid ábhar agus ithreach a oiread agus is féidir; conairí crainn atá ann cheana a chothabháil nuair is féidir chun glanadh crann a íoslaghdú; coincréit a ionchorprú le slag gránaithe as foirnéis soinneáin talún ag 25% nó 50% (GGBS) chun an lorg carbóin a laghdú, úsáid sócmhainní neamh-choincréite amhail raon féir chun an gá atá le coincréit a íoslaghdú.

Soláthraíonn an Scéim bheartaithe iompar poiblí inbhuanaithe a laghdaíonn úsáid carranna príobháideacha go suntasach agus dá bhrí sin, laghdaíonn sí iompar ar bhóithre agus astaíochtaí feithiclí. Is rannchuidiú suntasach é seo i dtreo na sprice náisiúnta de 500,000 turas breise trí shiúl na gcos, rothaíocht agus iompar poiblí in aghaidh an lae faoi 2030, mar a leagtar amach mar sprioc in PGA24 agus ailíníonn an Scéim bheartaithe le cuspóirí PGA24 agus tacaíonn sí leo.

Bunaithe ar an anailís a rinneadh, táthar den tuairim go mbaineann an Scéim bheartaithe cuspóirí an tionscadail amach maidir le tacú le seirbhís iompair phoiblí atá éifeachtúil, ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide de a sheachadadh, a thacaíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach. Soláthróidh an Scéim bheartaithe méadú de 1.3 milliún turas iompair phoiblí ísealcharbóin in

aghaidh na bliana sa bhliain tosaigh 2035 agus méadú breise de 13% in 2050. Táthar den tuairim go gcuirfidh an Scéim bheartaithe go mór leis an laghdú ar astaíochtaí carbóin.

## 10.9 Torann agus Creathadh

Bhain an measúnú torainn agus creathaidh le hathbhreithniú ar shonraí torainn bunlíne foilsithe atá ar fáil, críochnú na monatóireachta torainn agus creathaidh bunlíne chun na leibhéil chúlra reatha a bhunú, agus measúnú mionsonraithe tionchair torainn agus creathaidh a bhaineann leis na Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin.

Chinn na suirbhéanna bunlíne gurb é trácht ar bhóithre an phríomhfhoinse torainn laistigh den limistéar staidéir faoi láthair le hionchur beag ó fhoinsí áitiúla uirbeacha agus fo-uirbeacha amhail gluaiseachtaí coisithe agus gníomhaíochtaí tráchtála. Tá leibhéil torainn ardaithe le feiceáil go háirithe ag Bóthar San Maighréad agus ar acomhal Bhóthar Dhroichead Broome/Bhóthar Bhaile Uí Bhogáin.

Níl aon fhoinsí suntasacha creathaidh sa timpeallacht mháguaird. Rinne trácht ar bhóithre, mar aon leis na gluaiseachtaí traenacha ó am go chéile ar na ráillí thíos, na huasleibhéil creathaidh a thaifeadadh, áfach, is beag an creathadh a bhí ann.

Áiríodh leis na tionchair a ndearnadh measúnú orthu don Chéim Tógála agus giniúint torainn agus creathaidh ó atreoruithe fóntais, scartálacha, oibreacha créafóige, oibreacha príomhstruchtúir agus oibreacha bóthair / ráille. Rinneadh measúnú freisin ar bhealaí tráchta tógála mar chuid den mheasúnú.

I rith na Céime Tógála, cuirfear bearta maolaithe iomchuí i bhfeidhm, lena n-áirítear gléasra níos ciúine a roghnú, machnamh a dhéanamh ar na huaireanta oibre tógála, úsáid chuí a bhaint as fálta fuaimiúla nó scáileáin nuair is gá, agus monatóireacht a dhéanamh ar chreathadh ag gabhdóirí íogaire aitheanta, i gcás inar féidir le hoibreacha beartaithe a bheith ag na luachanna teorann creathaidh nó iad a shárú.

Tar éis na bearta maolaithe sin a chur i bhfeidhm, táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar suntasach iarmharach torainn ná creathaidh ann, mar thoradh ar Chéim Tógála na Scéime beartaithe. Mar sin féin, tá roinnt gníomhaíochtaí tógála ann ina mbeidh tionchair shuntasacha ann mar thoradh orthu, tionchair a d'fhéadfadh a bheith measartha ar feadh tréimhsí gearra nuair a bheidh oibreacha díreach in aice le háitribh íogaire (e.g. Ionad Cúraim Leanaí San Eiléana).

Baineann na tionchair a ndearnadh measúnú orthu le linn na Céime Oibriúcháin le cúrsaíocht oibríocht LRVanna, gníomhaíochtaí oibríochta agus cothabhála, páirceáil carranna, torann gléasra agus tráchta ag an tsaoráid Páirceála & Taistil agus athruithe ar leibhéil torainn tráchta bóthair feadh na Scéime beartaithe mar thoradh ar athruithe tuartha ar ghluaiseacht tráchta sa ghréasán bóithre máguaird.

Tá maolú torainn ag Ionad Cúraim Leanaí San Eiléana ag teastáil chun an torann aeriompartha a laghdú ag an suíomh sin. Tá cóireáil teorann soladach nua le suiteáil, le hairde íosta de 2.25m, ag tairiscint maolú fuaime oiriúnach. Tógfar an chóireáil teorann ó ábhar dlúth oiriúnach cosúil le saoirseacht nó fálú adhmaid soladach, ag tairiscint maolú fuaime oiriúnach.

Tar éis na bearta maolaithe sin a chur i bhfeidhm, táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar suntasach iarmharach torainn ná creathaidh ann, mar thoradh ar Chéim Oibriúcháin na Scéime beartaithe.

## 10.10 Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach agus Cur isteach

Baineann Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach (EMC) le cumas feistí leictreacha (maighnéadach) éagsúla feidhmiú i gceart nuair a bhíonn siad faoi réir leibhéil ardaithe cuir isteach leictreamaighnéadaí (EMI) agus srutha fáin. Ginfidh an Scéim atá beartaithe trí chineál réimse leictreacha agus maighnéadacha ar a dtugtar; Réimsí Srutha Dhírigh (SD) (arna nginiúint ag cumhacht traenach); Réimsí Srutha Ailtéarnaigh (SA) (arna nginiúint ag an leictreachas a bhaintear as an Eangach Leictreachais); agus Réimsí Radaimhinicíochta (RF) (arna nginiúint ag córais raidió).

Tugadh faoi shuirbhé deisce ardleibhéil tosaigh chun cabhrú leis na 'príomhshuíomhanna' féideartha agus na láithreacha ina raibh tomhais bhunlíne EMI le déanamh a aithint. Tar éis suirbhé deisce agus bunaithe ar a dtorthaí, rinneadh réamhshuirbhé chun suíomhanna tomhais oiriúnacha agus aon ghuaiseacha a bhaineann leis na tomhais a aithint.

Tá sé beartaithe fostáisiún ag an tsaoráid Páirceála & Taistil a chur leis chun stáisiúin luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar. Meastar nach mbeidh astaíochtaí ón bhfostáisiún ag an tsaoráid Páirceála & Taistil suntasach. Tá tomhais astaíochtaí radaithe déanta chun an timpeallacht bhunlíne leictreamaighnéadach, ina bhfuil ar an Scéim bheartaithe oibriú inti, a chinneadh. Go ginearálta, tá na leibhéil chúlra faoi bhun na línte teorann. Rinneadh tomhais freisin do na leibhéil réimse leictreacha agus maighnéadacha 50Hz atá comhthreomhar leis na línte lastuas 100kV agus fúthu ina rithfidh an LRT nua. Thug na torthaí le fios go bhfuil na leibhéil comhlíontach le teorainneacha nochta do dhaoine. Tháinig suirbhéanna maidir le friotachas na hithreach a rinneadh ag na láithreacha fostáisiúin nua ar an gconclúid go raibh na luachanna friotaíochta íseal, rud a chiallaíonn go bhfuil an suíomh atá beartaithe don fhostáisiún oiriúnach chun córas Talmhúcháin a dhearadh agus a shuiteáil d'fhostáisiún cumhachta tarraingthe.

I measc na ngabhdóirí is íogaire ar EMI feadh ailíniú na Scéime beartaithe, tá saoráidí taighde (ollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal), institiúidí eolaíochta, ionaid leighis, agus ospidéil.

Ní dócha go dtarlóidh aon tionchar ó na peirspictíochtaí EMI, Réimsí Leictreamaighnéadacha (EMF) ná srutha fáin i rith Chéim Tógála na Scéime beartaithe. Beidh tábhacht na dtionchar ó astaíochtaí leictreamaighnéadacha agus ó shruth fáin ar ghabhdóirí íogaire a sainaithníodh éagsúil ó 'dhobhraite' go 'beag' agus beidh cáilíocht na n-éifeachtaí neodrach. Dá bhrí sin, níl aon bhearta maolaithe sonracha ag teastáil i rith thógáil an tionscadail atá beartaithe. Is dócha go mbeidh athrú ar an timpeallacht bhunlíne Leictreamaighnéadach ó astaíochtaí RF de threalamh cumarsáide ar an láthair nó astaíochtaí AC ó ghineadóirí cumhachta áitiúla suntasach, agus beidh an t-athrú ann ar fad le linn na Céime Tógála. Mar sin féin, beidh an fad ama a mhairfidh na héifeachtaí sin meántéarmach.

I rith na Céime Oibriúcháin, áirítear ar na tionchair astaíochtaí neamhbhuan arna nginiúint ag córas LRT a d'fhéadfadh a bheith ina riosca d'oibriú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh in aice láimhe. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sruthanna fáin feadh an ailínithe tionchar a imirt ar phíopaí fóntais faoi thalamh agus / nó cáblaí mura maolaítear iad. Is féidir le suiteálacha móra leictreacha a bheith ina chúis le hiomlaoidí voltais ar an soláthar poiblí a bhíonn ina chúis le caochaíl nuair nach ndéantar maolú mar is ceart.

I measc na mbeart cuí maolaithe tá córas bailitheora srutha fáin a úsáid, feabhas a chur ar an gciorcad fillte (seoltacht ard sna ráillí) agus an ciorcad fillte a aonrú ón talamh (friotaíocht iarnróid go talamh). Cuidíonn úsáid rian leac le cuid de na bearta seo a éascú, e.g. an tsraith is airde de chruach threisithe na leac a thrasnascadh, cuidíonn sé le seoltacht na gciorcad fillte a fheabhsú.

Nuair a bheidh sé i bhfeidhm, déanfar faireachán ar an gcóras talmhúcháin agus ar na sruthanna fáin lena chinntiú go mbraitear go leordhóthanach lochtanna féideartha sna bearta maolaithe nó díghrádú le himeacht ama.

Le linn na Céime Tógála, ní bheidh aon tionchair iarmharacha fágtha. Le linn na Céime Oibriúcháin, tar éis bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, laghdófar na tionchair iarmharacha. Beidh gá le bearta maolaithe leanúnacha chun an sruth fáin a íoslaghdú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gcóras cumhachta. Beidh gá freisin le monatóireacht thréimhsiúil a dhéanamh ar struchtúir agus ar phíopaí faoi thalamh in aice láimhe chun athruithe féideartha sa timpeallacht srutha fáin a léiriú.

## 10.11 Sócmhainní Ábhartha: Bonneagar agus Fóntais

Breithníodh an measúnú ar shócmhainní ábhartha (bonneagar agus fóntais) i dtéarmaí:

- Tarchur gáis agus córas píopaí dáilte;
- Príomhphíopaí uisce inólta;
- Séaraigh chumhdaithe nó chomhcheangailte;
- Séaraigh uisce dromchla;
- Líonraí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais (cáblaí faoi thalamh agus línte lastuas); agus
- Teileachumarsáid snáthoptaice.

Tiomsaíodh faisnéis ar bhonneagar agus ar fhóntais mhóra feadh an ailínithe atá beartaithe chun a suíomh agus a bhfeidhm a thuiscint chun aon chaismirtí leis na hoibreacha buana agus sealadacha a theastaíonn don Scéim bheartaithe a sheachaint.

Ansin rinneadh measúnú ar na fóntais agus ar an mbonneagar i dtéarmaí íogaireacht gach ceann acu maidir le cur isteach agus an cur isteach tuartha. Áiríodh sa mheasúnú seo athbhreithniú deascbhunaithe ar na sócmhainní ábhartha seo. Iarradh faisnéis fóntais atá ann cheana ó eagraíochtaí agus ó sholáthraithe seirbhíse ábhartha agus rinneadh imscrúduithe fóntais.

Cinneadh leis an bhfaisnéis a bailíodh go bhfuil formhór an bhonneagair agus na bhfóntas atá ann cheana in éineacht leis an Scéim bheartaithe, nó ag trasnú na Scéime beartaithe, faoi thalamh. Is cáblaí lastuas iad an bonneagar agus na fóntais eile feadh an bhealaigh. I measc na bhfóntas atá ann cheana laistigh de shuíomh na Scéime beartaithe, tá:

- ESBN leis an dá chineál seirbhíse, tarchur agus dáileadh;
- Líonraí Gáis Éireann leis an dá chineál seirbhíse, tarchur agus dáileadh;
- Uisce Éireann le seirbhísí uisce inólta agus línte séarachais;
- Údaráis Áitiúla (DCC / FCC) le Líonraí Séarachais Uisce Dromchla agus seirbhísí Comharthaí Tráchta; agus
- Teileachumarsáid le seirbhísí éagsúla cosúil le Virginia Media, Eir, BT agus eile.

I measc na bpríomhghnéithe tógála ar dócha go mbeidh tionchair fhéideartha acu ar shócmhainní ábhartha, beidh:

- Stadanna, ráillí, fostáisiúin, oibreacha bóthair coimhdeacha agus limistéir phábháilte;
- Struchtúir;
- Saoráid Páirceála & Taistil;
- Oibreacha créafóige;
- Fóntais a atreorú ina mbeidh comhéadain le hoibreacha na Scéime beartaithe (i.e. gás, leictreachas, príomhphíopaí uisce, séaraigh fuíolluisce, bonneagar cumarsáide, bonneagar iarnróid); agus
- Compúin Fhoirgníochta (e.g. Droichead Broome).
    - Beidh leictreachas ag teastáil ó na compúin Fhoirgníochta chun saoráidí oifige agus folláine sealadacha a chumhachtú agus le haghaidh soilsiú sealadach a cheanglófar a sholáthar trí nasc leis an líonra eangaí nó le gineadóir.
    - Beidh soláthar uisce ag teastáil ó na compúin Fhoirgníochta le haghaidh áiseanna folláine, chomh maith le haghaidh sochtadh deannaigh.
    - Beidh rith chun srutha fuíolluisce agus uisce dromchla ag teastáil ó na compúin Fhoirgníochta, a bheidh ag teastáil le bheith ceangailte leis na séaraigh chumhdaithe áitiúla nó leis na tancaeir ar an láthair.
    - Beidh rochtain teileachumarsáide de dhíth ar na compúin Fhoirgníochta.

Dearadh an Scéim bheartaithe chun an tionchar ar bhonneagar fóntais a íoslaghdú. Áirítear leis sin idirghníomhaíochtaí le mórbhonneagar fóntais a sheachaint, nuair is féidir. I gcás ina bhfuil comhéadain le bonneagar fóntais atá ann cheana féin, déanfar iad sin a chosaint ina n-ionaid nó a atreorú de réir mar is gá chun cur isteach fadtéarmach ar sheirbhísí a chosc. Cuireadh atreoruithe agus athruithe ar shuíomh nó

leagan amach aon bhonneagair fóntais san áireamh i ndearadh foriomlán na Scéime beartaithe agus rinneadh comhaontú i bprionsabal leis na soláthraithe fóntais le linn comhairliúchán.

Sa chás go dteastaíonn atreoruithe agus nach féidir cur isteach ar sheirbhís na réadmhaoine mórthimpeall a sheachaint, déanfar é seo a phleanáil agus tabharfar fógra roimh ré do na húinéirí maoine go léir dá ndéanfar difear. Glacfar gach réamhchúram is féidir chun cur isteach gan choinne ar aon seirbhísí le linn Chéim na Tógála a sheachaint.

Tá na hoibreacha fóntais atá beartaithe bunaithe ar thaifid atá ar fáil, agus ar réamh-imscrúduithe ar láithreáin. Sula gcuirfear tús le hoibreacha tochailte, tabharfar faoi shuirbhéanna deimhnithe áitiúla chun na torthaí agus measúnuithe réamhthógála a rinneadh agus a thuairiscítear sa TMTT seo a fhíorú. I gcás ina bhfuil gá le hoibreacha laistigh agus timpeall ar bhonneagar fóntais aitheanta, cuirfear réamhchúraimí i bhfeidhm chun an bonneagar a chosaint ó dhamáiste amhail comharthaí rabhaidh agus marcanna a thaispeánann suíomh an bhonneagair fóntais, teicnící sábháilte tochailte i gcóngar na bhfóntas aitheanta, agus i gcúinsí áirithe, leithlisiú ar an gcuid den bhonneagar le linn oibreacha sa gharchomharsanacht.

Le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe atá beartaithe beidh tionchar iarmharach idir mheasartha agus bheag ar shócmhainní ábhartha (bonneagar agus fóntais) mar thoradh ar thógáil na Scéime beartaithe.

I measc na bpríomheilimintí oibríochtúla ar dócha go mbeidh tionchar féideartha acu ar na fóntais beidh:

- An ceanglas maidir le gníomhaíochtaí cothabhála nó atreoraithe fóntais sa todhchaí; agus
- An ceanglas maidir le naisc leictreachais le haghaidh soilsiú sráide nua, comharthaíocht acomhail nó córais faisnéise eile.

Ní bheidh aon tionchar suntasach ag an gCéim Oibriúcháin ar bhonneagar fóntais. Mar gheall ar na bearta atá san áireamh i ndearadh na Scéime beartaithe agus toisc nach bhfuil mórán tionchair tuartha le linn na Céime Oibriúcháin, níl aon ghá le bearta maolaithe sonracha.

## 10.12 Sócmhainní Ábhartha: Trácht agus Iompar

Tá na tionchair tráchta agus iompair miondealaithe sna topaicí measúnaithe seo a leanas do na Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin araon:

Na measúnuithe cáilíochtúla:

- Bonneagar Coisithe: Na hathruithe ar cháilíocht an bhonneagair do choisithe mar thoradh ar an Scéim bheartaithe;
- Bonneagar Rothaíochta: Na hathruithe ar cháilíocht an bhonneagair do choisithe mar thoradh ar an Scéim bheartaithe;
- Seirbhísí Bus: Na hathruithe ar ródú na seirbhísí bus mar thoradh ar an Scéim bheartaithe.

Na measúnuithe cainníochtúla, a rinneadh trí úsáid a bhaint as uirlisí samhaltaithe tráchta agus iompair:

- Gluaiseacht Daoine: Tá measúnú déanta chun an tionchar féideartha a bheidh ag an Scéim bheartaithe ar an líon daoine réamh-mheasta (de réir modha – Siúl, Rothaíocht, Bus agus Trácht Ginearálta) a bheidh ag bogadh feadh na Scéime beartaithe le linn na Céime Oibriúcháin amháin a chinneadh;
- Táscairí Feidhmíochta don Iompar Poiblí: Na hathruithe ar na hamanna taistil agus bordála iompair phoiblí réamh-mheasta mar thoradh ar an Scéim bheartaithe; agus
- Trácht Ginearálta: Na tionchair dhíreacha agus indíreacha ar thrácht ginearálta mar thoradh ar an Scéim bheartaithe ar an ngréasán bóithre mórthimpeall.

Chuir taighde deascbhunaithe mar aon le sonraí suirbhé allamuigh a bailíodh bonnlíne fhaisnéise ar fáil maidir le trácht agus iompar. Is é iompar príobháideach le carranna den chuid is mó atá san iompar agus sa chomaitéireacht a dhéantar feadh na Scéime beartaithe. Tá easpa bonneagair rialaithe ann do choisithe, agus táthar ag súil go roinnfidh rothaithe lánaí tráchta sa dá threo. Níl aon lánaí bus ag feidhmiú feadh an bhealaigh seo faoi láthair. Go ginearálta, is carrbhealaí aonair iad na bóithre le lána amháin ag taisteal i ngach treo.

Beidh tionchar ag na hoibreacha tógála a dhéanfar don Scéim bheartaithe ar ghníomhaíochtaí laethúla daoine. I measc cuid de na tionchair is dóichí tá:

- Bonneagar do Choisithe:
- Bonneagar do rothaithe – lánaí rothaíochta a dhúnadh;
- Seirbhísí Bus – athruithe ar ródú na seirbhísí bus nó athlonnú sealadach ar roinnt stadanna bus;
- D'fhéadfadh cur isteach sealadach nó athruithe a dhéanamh ar na spásanna páirceála agus rochtain ar áitribh feadh na mbóithre atá faoi oibreacha; agus
- Dúnfar lánaí go sealadach ag roinnt láithreacha le tionchar dá bharr ar an trácht reatha.

Le haghaidh Chéim na Tógála, beidh socruithe sealadacha bainistíochta tráchta i bhfeidhm chun riachtanais chéimnithe na Scéime beartaithe a chur san áireamh a chinnteoidh tógáil shábháilte agus a íoslaghdóidh an tionchar ar thrácht ar úsáideoirí gan inneall (NMUanna) feadh bhealach na Scéime beartaithe agus sreabhadh gach modh iompair á chothabháil nuair is indéanta. Cuirfear na socruithe bainistíochta tráchta seo chun feidhme mar atá leagtha amach sa CTMP a ullmhaítear mar chuid den TMTT seo. Cuirfear bearta chun an tionchar a bhaineann le Céim na Tógála a íoslaghdú chun feidhme mar atá leagtha amach sa CEMP a ullmhaítear mar chuid den TMTT seo.

Baintear de thátal as an measúnú go mbeidh an tionchar diúltach, measartha agus sealadach le linn Chéim na Tógála, agus le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe atá beartaithe, ní bheidh an tionchar suntasach ar thrácht agus ar iompar.

Le linn na Céime Oibriúcháin, tiocfaidh laghdú suntasach ar amanna turais do chónaitheoirí an cheantair mar thoradh ar an Scéim bheartaithe agus tacóidh sé le méadú ar úsáid iompair phoiblí. Sa bhliain tosaigh 2035, soláthróidh an Scéim bheartaithe méadú 1.3 milliún turas iompair phoiblí ísealcharbóin in aghaidh na bliana. Is ionann é seo agus méadú 11% ar thurais iompair phoiblí mar gheall ar sheachadadh na Scéime beartaithe. Ar an iomlán, tiocfaidh méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn trí mhodhanna inbhuanaithe

(Iompar Poiblí, Siúl, Rothaíocht) le seachadadh na Scéime beartaithe. Cinnteoidh sé seirbhís iompair phoiblí iontaofa a thabharfaidh amanna turais 30 nóiméad ó Bhaile Shéarlais go Coláiste na Tríonóide.

Tá measúnú déanta ar na laghduithe ar shreabhadh ginearálta tráchta agus tá tionchar dearfach acu ar an gcomhshaol. Léiríonn torthaí an mheasúnaithe go bhfuil an cumas den chuid is mó ag an ngréasán bóithre mórthimpeall freastal ar an trácht ginearálta athdháilte mar thoradh ar an Scéim bheartaithe.

Léiríodh sa mheasúnú tionchar dearfach, suntasach go han-suntasach agus fadtéarmach ar shiúlóid, rothaíocht, iompar poiblí agus gluaiseachtaí daoine le linn na Céime Oibriúcháin.

Tar éis na bearta maolaithe a bheith curtha i bhfeidhm, beidh raon tionchar iarmharach do-airithe agus beag diúltach laistigh den limistéar staidéir mar thoradh ar Chéimeanna Tógála agus Oibriúcháin na Scéime beartaithe. Níl aon tionchar diúltach iarmharach measartha nó suntasach tuartha tar éis bearta maolaithe cuí a chur i bhfeidhm.

## 10.13 Sócmhainní Ábhartha: Bainistíocht Acmhainní agus Dramhaíola

Áiríodh sa mheasúnú dramhaíola agus acmhainní seo sainaithint na gcineálacha dramhaíola a d'fhéadfaí a ghiniúint leis an Scéim bheartaithe, chomh maith leis an bhféidearthacht ábhar a athúsáid. Fuair an measúnú seo treoir ó staidéar deisce lena n-áirítear sainaithint na gcineálacha dramhaíola a d'fhéadfaí a ghiniúint leis an Scéim bheartaithe, athbhreithniú ar áiseanna bainistíochta dramhaíola atá ann cheana agus atá beartaithe chomh maith le hathúsáid féideartha ábhar.

Ina theannta sin, tá prionsabail um bainistiú dramhaíola agus acmhainní inbhuanaithe ionchorpraithe i ndearadh na Scéime beartaithe agus cuirfear na prionsabail seo i bhfeidhm freisin ar aon dul leis an tSamhail Ordlathais Dramhaíola ar fud na Céime Tógála agus Oibriúcháin. Cinnteoidh sé seo go ndéanfar giniúint dramhaíola a íoslaghdú.

I measc na bpríomheilimintí tógála ar dócha go mbeidh tionchar féideartha acu ar dhramhaíl agus acmhainní beidh glanadh láithreáin agus scartáil foirgneamh agus struchtúr lena n-áirítear an droichead coisithe ag Seachbhóthar Fhionnghlaise. Aithníodh gur dramhaíl támh agus neamhghuaiseach ar nós coincréit, brící, miotail agus gloine go príomha a bheidh sa dramhaíl tógála agus scartála agus ábhar tochailte a ghinfidh an Scéim bheartaithe. Tá sé tuartha freisin, áfach, go bhféadfaí méideanna beaga dramhaíola guaisí a aithint, lena n-áirítear aispeist, ithreacha biotúmanacha, ceimiceáin, agus dramhthrealamh leictreach agus leictreonach.

Táthar ag tuar go dtiocfaidh méideanna móra ithreach, cloiche agus talaimh réitithe as oibreacha créafóige agus as tochailt éadomhain. Tá gach barrithir atá bainte (tochailte) ceaptha a athúsáid. Aicmeofar nach mór 58 % de thoirt iomlán an ábhair thochailte mar dhramhaíl faoi Airteagal 27 barrachas neamhchomhlíontach agus áireofar ann támh, neamhghuaiseach agus guaiseach.

Aithnítear gur measartha agus gearrthéarmach an tionchar a mheastar a bheidh ag dramhaíl scartála, tochailte agus tógála le linn Chéim na Tógála, roimh mhaolú.

Cuirfear raon beart maolaithe i bhfeidhm chun tionchair dhiúltacha ar dhramhaíl agus acmhainní a sheachaint nó a laghdú le linn Chéim na Tógála, lena n-áirítear diúscairt dramhaíola a íoslaghdú. Lorgófar deiseanna chun ábhar, fotháirgí agus dramhaíl a athúsáid le linn Chéim na Tógála den Scéim bheartaithe. Déanfar é seo a bhainistiú trí Chéim na Tógála tríd an bPlean Tógála agus Scartála Acmhainne agus Bainistíochta Dramhaíola a chur i bhfeidhm.

Is iad na príomhthionchair fhéideartha ar dhramhaíl agus acmhainní le linn na Céime Oibriúcháin ná dramhaíl a ghinfear ó dhramhaíl sholadach chathrach ag iosta Hamilton Dhroichead Broome, stadanna agus oifigí Luas, gníomhaíochtaí cothabhála agus Dramhaíl ó Threalamh Leictreach agus Leictreonach agus ó fhearais. Táthar ag tuar nach mbeidh tionchar tuartha na n-acmhainní agus na bainistíochta dramhaíola agus acmhainní ag stáisiúin agus le linn cothabhála suntasach i gcomhthéacs na Scéime beartaithe le linn na Céime Oibriúcháin.

Mar thoradh ar na bearta maolaithe agus rialaithe a cuireadh i bhfeidhm, táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar suntasach iarmharach ar dhramhaíl agus acmhainní le linn na Céime Tógála agus Oibriúcháin den Scéim bheartaithe.

## 10.14 Oidhreacht Chultúrtha

Tugann measúnuithe oidhreachta cultúrtha aghaidh ar chaomhnú agus ar thuiscint ar shrianta na hoidhreachta cultúrtha. Baineann an próiseas seo le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadal ar na srianta sin, ag cur síos ar bhearta chun oidhreacht chultúrtha a chosaint le linn forbartha.

Bhí an measúnú seo bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí, comhairliúchán le comhlachtaí ábhartha, iniúchtaí allamuigh, imscrúduithe seandálaíochta, lena n-áirítear monatóireacht ar oibreacha ionracha, tástáil spriocdhírithe, suirbhé spágála ar an gCanáil Ríoga agus ar Abhainn na Tulcha agus suirbhéanna riochta ar dhroichead Broome, agus Droichead Choill Fhionnghlaise.

Tá athbhreithniú déanta ar eolas cúlra oidhreachta cultúrtha ó aimsir na réamhstaire go dtí an lá atá inniu ann chun bonnlíne iomlán srianta a bheith ann. Bhí éagsúlacht sna srianta oidhreachta cultúrtha a aithníodh laistigh den limistéar staidéir idir Ardtábhacht go Tábhacht Neodrach. Aithníodh na srianta oidhreachta cultúrtha seo a leanas:

- Ceithre shrian déag oidhreachta cultúrtha lena mbaineann Ardtábhacht lena n-áirítear cosaintí baile, baile stairiúil, imfhálú mainistreach, tithe, toibreacha, droichid, canáil, etc.;
- Ceithre shrian déag oidhreachta cultúrtha a bhfuil tábhacht mheánach leo lena n-áirítear trí Réimse Acmhainne Seandálaíochta, limistéir chaomhantais, struchtúir iarnróid, foirgneamh reiligiúnach, cuimhneacháin, dealbh amháin, etc.;
- Ceithre shrian déag oidhreachta cultúrtha lena mbaineann tábhacht Íseal lena n-áirítear struchtúir iarnróid, cuaillí LRT arna n-athúsáid mar chuaillí solais, cairéal amháin gan aon iarsmaí dromchla, agus teorainn bhaile fearainn leibhéalta amháin i limistéar nach gcuirfí isteach air;
- Sainaithníodh deich srian oidhreachta cultúrtha lena mbaineann tábhacht An-Íseal i gceantair suaite/athraithe laistigh den limistéar staidéir. Ina measc seo tá seacht láithreán foirgneamh, láithreán amháin tobair, agus ceithre Limistéar a bhfuil Poitéinseal Seandálaíochta iontu; agus
- Sainaithníodh cúig shrian déag oidhreachta cultúrtha leibhéalta a bhfuil tábhacht Neodrach leo i gceantair an-suaite/athraithe laistigh den limistéar staidéir. Ina measc seo tá teorainneacha bailte fearainn, cairéal, dhá láithreán foirgneamh, agus gné dhiméine amháin.

D'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ann le linn Chéim na Tógála den Scéim bheartaithe mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

- Suaitheadh talún de bharr oibreacha créafóige agus tochailtí;
- Scartáil pháirteach, bhuan as a dtagann caillteanas fisiciúil iomlán/páirteach nó scaradh srianta;
- Srianadh, amhail dealbha agus cuimhneacháin, a bhaint go sealadach, go gearrthéarmach nó go meántéarmach, le linn na tógála agus iad a athsholáthar sa suíomh céanna nó in aice láimhe ar chríochnú na n-oibreacha;
- Creathadh talamh-iompartha le linn gníomhaíochtaí tógála; agus
- Gníomhaíochtaí tógála in aice láimhe.

Ullmhófar bearta maolaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad le haghaidh na dtionchar aitheanta tuartha ar shrianta oidhreachta cultúrtha. Beidh sé mar aidhm acu aon srianta oidhreachta cultúrtha a mbeidh tionchar ag forbairt na Scéime beartaithe orthu a chaomhnú ina n-áit bhunaidh. Áirítear ar na bearta maolaithe atá molta soláthar agus maoiniú d'oibreacha riachtanacha monatóireachta, iniúchta agus tochailte seandálaíochta a bheidh ag teastáil roimh an tógáil agus lena linn. Beidh cosaint ag an gcuid de struchtúir an droichid in aice leis na hoibreacha ó chlárlaigh agus comharthaí le linn na n-oibreacha ar fad chun cosc a chur ar thionchar gléasra agus innealra.

Ní tharlóidh aon tionchar díreach ar shrianta oidhreachta cultúrtha le linn na Céime Oibriúcháin. Beidh tionchair indíreacha le linn na Céime Oibriúcháin den Scéim bheartaithe buan agus d'fhéadfadh tionchair amhairc ar shrianta a bheith san áireamh leo.

Meastar nach mbeidh na tionchair iarmharacha tar éis an mhaolaithe a bheith curtha i bhfeidhm le linn Chéim na Tógála, meastar nach mbeidh siad suntasach. Aithníodh tionchair iarmharacha indíreacha Beaga

go Measartha don Chéim Oibriúcháin mar thoradh ar thógáil na Canálach Ríoga agus Tardhroichead Iarnróid.

## 10.15 Taitneamhacht Tírdhreacha agus Amhairc

Tá an measúnú tírdhreacha agus súl bunaithe ar bhailiú agus ar chomhthiomsú sonraí bunaithe ar staidéir deisce tosaigh, arna dtacú ag siúlóidí láithreáin agus arna dtreisiú ag athbhreithnithe sainiúla go háitiúil feadh chonair na forbartha beartaithe. Bhain an suirbhé freisin le roghnú agus le hullmhú Fótamontáisí fíoraithe den Scéim bheartaithe, a chuirtear i láthair in Imleabhar 5 den TMTT seo.

Tá deich Limistéar Áitiúla Nádúir Tírdhreacha (LLCA) sainmhínithe agus measúnú déanta ag Foireann Luas orthu. Léiríonn na LLCAnna seo na hathruithe ar scála áitiúil ar fhásra agus ar an timpeallacht thógtha agus láithreacht gnéithe íogaireachta tírdhreacha. Is tírdhreacha sainithe iad na gnéithe íogaireachta tírdhreacha (lena n-áirítear áilleacht, oidhreacht chultúrtha agus éiceolaíoch), limistéir spáis oscailte a bhfuil luach orthu, fásra agus sruthchúrsaí, a thugann carachtar tírdhreacha foriomlán do gach ceantar trí chéile.

Rinne Cranneolaí cáilithe Suirbhé Crann agus d'ullmhaigh sé Measúnú Tionchair Crannadóireachta agus Plean Cosanta Crann. Léiríodh sa mheasúnú go bhfuil gá le 178 crann aonair a bhaint as 1,037 crann aonair san iomlán a ndearnadh suirbhé orthu, chun an Scéim bheartaithe a éascú. Ina theannta sin, bainfear roinnt crann beag (163) freisin atá faoi thrastomhas 75mm i méid stoic chun tógáil na Scéime beartaithe a éascú.

Téann ailíniú na Scéime beartaithe trí spásanna glasa oscailte, páirceanna éagsúla agus feadh bóithre le meascán radharc ar limistéir chónaithe agus tráchtála. Beidh na rianta beartaithe íseal go dtí an talamh, rud a chiallaíonn gurb iad na LRVanna iad féin, na Stadanna, agus na córais teagmhála lastuas (OCS) na príomhrudaí a chuirfidh isteach go fisiúil ar dhuine. Rinneadh measúnú ar ghnéithe oidhreachta cultúrtha atá os cionn na talún i dtéarmaí tionchair tírdhreacha agus taitneamhachtaí amhairc.

Áireofar ar na príomhthionchair tírdhreacha agus amhairc féideartha le linn Chéim na Tógála:

- Cur in úsáid agus bunú an tsuímh, fálú agus clárlach na gcompún foirgníochta agus na limistéar oibreacha - lena n-áirítear laistigh de limistéir / gairdíní príobháideacha;
- Scartáil láithreáin, lena n-áirítear baint teorainneacha, colbhaí, ciumhaiseanna, dromchlaí, limistéar tírdhreacha, crann, agus plandaí – lena n-áirítear sconsaí teorann, ballaí, agus plandaí laistigh de limistéir / gairdíní príobháideacha;
- Gníomhaíocht láithreáin agus suaitheadh amhairc ó oibreacha tógála ginearálta agus oibriú innealra tógála laistigh den láithreán agus ag na compúin fhoirgníochta;
- Oibreacha tógála lena mbaineann atreorú na seirbhísí agus na bhfóntas reatha faoi thalamh / os cionn talún, soláthar seirbhísí agus fóntas nua, gnéithe agus naisc draenála, etc.;
- Gníomhaíocht láithreáin agus oibreacha tógála a bhaineann le tógáil carrbhealaí nua, colbhaí, cosáin agus rotharbhealaí, stadanna bus agus comharthaí, athchóiriú teorainneacha / soláthar teorainneacha nua agus oibreacha athchóirithe tírdhreacha / soláthar tírdhreacha nua, etc.; agus
- Limistéir oibreacha agus na gcompún foirgníochta a dhíchoimisiúnú.

Bhí éagsúlacht sa raon íogaireachta gabhdóirí sna LLCAnna ó íseal go hard. Le linn Chéim na Tógála, meastar go mbeidh na gabhdóirí a bhfuil ardíogaireacht ag baint leo lonnaithe laistigh de LLCA na Canálach Ríoga agus de Pháirc Ghleann na Tulcha. Beidh an tionchar ar na carachtair thírdhreacha agus ar na taitneamhachtaí amhairc seo idir measartha agus suntasach, sealadach agus diúltach. Tá íogaireacht mheánach ag LLCA Pháirc Fhearnáin, Bóthar Chnocán an Tobair, agus LLCA Pháirc Uí Mhaoilíosa, agus meastar na tionchair a bheith beag, sealadach agus diúltach. Déantar measúnú ar na LLCAnna eile go léir mar íogaireacht íseal, agus beidh tábhacht na n-éifeachtaí do-airithe go beag, sealadach agus diúltach. Beidh na tionchair ó thorthaí an mheasúnaithe LLCA sealadach mar gheall ar ghníomhaíochtaí tógála gearrthéarmacha.

Cuirfear bearta cuí i bhfeidhm chun tionchair dhiúltacha tírdhreacha agus amhairc a sheachaint nó a laghdú le linn Chéim na Tógála, lena n-áirítear a chinntiú go gcosnófar crainn agus fásra atá le coinneáil, laistigh den limistéar oibreacha agus in aice leis. Cloífidh oibreacha a theastaíonn laistigh de limistéar cosanta fréamhacha na gcrann atá le coinneáil modheolaíocht crannadóireachta a bheidh sainiúil don tionscadal le haghaidh oibreacha dá leithéid.

Nuair a bheidh Céim na Tógála críochnaithe agus an Scéim bheartaithe i bhfeidhm, meastar go mbeidh an tionchar foriomlán ar charachtair an tírdhreacha agus ar thaitneamhachtaí amhairc sa chéim seo dearfach agus buan. Fanfaidh íogaireacht cheantar LLCA na Canálach Ríoga agus limistéar saintréithe Pháirc Ghleann na Tulchann ard mar gheall ar thabhairt isteach 'eilimint nó gné nua neamhthréithiúil a d'fhágfadh athrú iomlán ar charachtar agus ar cháilíocht an tírdhreacha'. Mar sin féin, beidh tionchar dearfach ag athrú ar cháilíocht an tírdhreacha.

Tar éis bearta maolaithe a chur i bhfeidhm agus a bhunú, measúnaíodh an tírdhreach, an bailedhreach, an sráid-dreach agus / nó na gabhdóirí amhairc mar thionchair dhiúltacha iarmharacha iar-mhaolaithe lena mbaineann tábhacht mheasartha nó níos mó. Beidh laghdú ar mhéid agus ar dhéine na Scéime beartaithe in LLCA na Canálach Ríoga agus LLCA Pháirc Ghleann na Tulcha. Beidh an tionchar iarmharach don dá réimse seo measartha, diúltach agus buan. Ar an iomlán, meastar go bhfuil tionchar iarmharach na Scéime beartaithe ar shaintréithe an tírdhreacha agus ar thaitneamhachtaí amhairc Dearfach agus Buan.

## 10.16 Rioscaí a bhaineann le Mórthionóiscí agus Tubaistí

Breithníodh sa mheasúnú seo na tionchair dhiúltacha shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag an Scéim bheartaithe ar an gcomhshaol, mar thoradh ar a leochaileacht i leith rioscaí mórthionóiscí agus / nó tubaistí le linn Chéim na Tógála agus na Céime Oibriúcháin.

An measúnú riosca:

- Mórthionóiscí aitheanta agus / nó tubaistí (i.e. teagmhais neamhphleanáilte) a bhféadfadh an Scéim bheartaithe a bheith i mbaol dóibh; agus
- Rinneadh measúnú ar thionchair agus ar iarmhairtí dóchúla na n-eachtraí sin maidir leis na gabhdóirí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a bhféadfadh tionchar a bheith orthu.

Forbraíodh clár de na rioscaí féideartha neamhphleanáilte go léir agus na tionchair ionchasacha ghaolmhara do Chéimeanna Tógála agus Oibriúcháin na Scéime atá beartaithe. Ghlac an clár seo leis an gcás ba mheasa, sula gcuirfí aon bhearta maolaithe nó pleananna éigeandála i bhfeidhm chun an dóchúlacht agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon mhórthionóiscí agus/nó tubaistí a laghdú.

Déantar rioscaí a rátáil tríd an rátáil dóchúlachta (an dóchúlacht go dtarlóidh riosca a théann ó thar a bheith neamhdhóchúil go dtí an-dóchúil) a iolrú leis an rátáil iarmhairtí (leibhéal na n-iarmhairtí dá dtarlódh mórthionóisc nó mórthubaiste, a théann ó bheag go tubaisteach). Tugann sé seo scór riosca íseal, meánach nó ard. Ní shásaíonn scóir lena ngabhann riosca íseal an sainmhíniú ar mhórthionóisc nó mórthubaiste agus mheasfaí scóir lena ngabhann ardriosca a bheith ina riosca ard agus do-ghlactha d'fhorbairt na Scéime beartaithe agus chaithfí eisiamh a áirithiú ina dhearadh. Theastódh leibhéal maolaithe ó scóir mheánriosca a laghdódh leibhéal an tionchair.

Maidir le Céim na Tógála, bhí roinnt rioscaí a measadh a bheith íseal agus nár breithníodh a thuilleadh. Níor sainaithníodh aon rioscaí arda, agus aithníodh na rioscaí meánleibhéil seo a leanas do Chéim na Tógála:

- Tionchar ar bhonneagar ríthábhachtach mar gheall ar oibreacha tógála lena n-áirítear lonnaíocht;
- Mórthionóisc tráchta bóthair mar gheall ar mhéadú ar thrácht agus ar fheithiclí earraí troma;
- Imeacht scaoilte suntasach nó úscaíl fhadtéarmach truailleán isteach i sruthchúrsa mar gheall ar oibriú thar nó in aice le sruthchúrsaí (m.sh. an Chanáil Ríoga agus an Tulcha); agus
- Titim / Damáiste do struchtúir;

Comhlíonann an Scéim bheartaithe caighdeáin deartha ábhartha, lena n-áirítear bearta chun an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhais riosca a laghdú. Mar sin, dearadh struchtúir chun an baol titime a sheachaint, a thuartar mar imeachtaí riosca 'Meánach'. Tá córais draenála deartha chun freastal ar imeachtaí báistí méadaithe. Chomh maith leis sin, dearadh an Scéim bheartaithe ag cur Rialachán 15 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2013 (I.R. Uimh. 291/2013) (arna leasú) san áireamh.

Cuirfear bearta maolaithe cuí i bhfeidhm le linn Chéim na Tógála. A luaithe a chuirtear na bearta maolaithe seo i bhfeidhm, níl aon teagmhais aitheanta nó mórthionóiscí nó tubaistí / teagmhais riosca fós ann a chruthaíonn leibhéal riosca a mbeadh tionchair shuntasacha nó éifeachtaí comhshaoil mar thoradh orthu.

Maidir leis an gCéim Oibriúcháin, bhí roinnt rioscaí a measadh a bheith íseal agus nár breithníodh a thuilleadh. Níor sainaithníodh aon rioscaí arda, agus aithníodh na rioscaí meánleibhéil seo a leanas don Chéim Oibriúcháin:

- Imbhuailtí feithiclí le coisithe, rothaithe agus úsáideoirí eile bóithre
- Díráilliú Luas Fhionnghlaise;
- Dóiteán agus/nó pléascadh, díobháil atá díreach nó indíreach;
- Galar tógálach; agus
- Imeacht hidreolaíoch – báisteach throm agus fhada ag dul isteach i stadanna agus tailte agus sruthchúrsaí in aice láimhe.

D'fhéadfadh tionchar suntasach sa Scéim bheartaithe a bheith ag gabháil le rioscaí suntasacha a bhaineann le galair thógálacha ar nós COVID-19. Le linn na Céime Oibriúcháin, i gcás na rioscaí leochaileacha sin nach féidir eisiamh a áirithiú ina ndearadh go hiomlán, beidh pleananna éigeandála ar fáil chun déileáil leis an bhfreagairt ar éigeandáil chun suntas aon tionchair a íoslaghdú.

Tríd is tríd, is féidir a mheas go ndéanfar an riosca go mbeidh tionchar ó ghalair thógálacha a bhainistiú chomh híseal agus is féidir le réasún. Mar thoradh air sin, meastar nach mbeidh aon tionchar comhshaoil suntasach dóchúil ag eascairt as leochaileacht na Scéime atá beartaithe i leith Mórthionóiscí agus Tubaistí Nádúrtha.

## 10.17 Idirghníomhaíochtaí idir na Gnéithe Comhshaoil Éagsúla

Déantar cur síos sa roinn seo ar idirchaidrimh i measc éifeachtaí comhshaoil na scéime beartaithe. Féadfaidh idirghníomhú tionchar tarlú nuair a thagann dhá chineál nó níos mó tionchar comhshaoil a bhaineann le forbairt bheartaithe chun cinn ag láthair ar leith nó nuair a ghníomhaíonn siad ar acmhainn chomhshaoil. Is é cuspóir foriomlán an mheasúnaithe seo ná an t-idirghníomhú i measc na bhfachtóirí comhshaoil go léir a shainaithint, tuairisc a thabhairt orthu agus iad a mheasúnú. Tugann cuid de na EIAnna laistigh den TMTT seo aghaidh ar idirghníomhaíochtaí tionchair sna caibidlí ábhartha cheana féin. Trí athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna seo, cinnteoidh measúnuithe idirghníomhaíochta cibé an bhfuil gá le maolú breise nach mbeadh aitheanta sna limistéir staidéir aonair murach sin.

Is gnách go dtaispeántar idirghníomhaíochtaí réimsí ábhar staidéir MTT ar bhonn amhairc i dtábla maitríse a shainaithníonn idirghníomhaíochtaí féideartha ar dócha go dtarlóidh siad idir na disciplíní éagsúla.

Is féidir achoimre ar na hidirghníomhaíochtaí ginearálta a fháil i Tábla 10-1. Cuireadh san áireamh sa mheasúnú Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin na Scéime atá beartaithe.

**Tábla 10-1: Maitrís Idirghníomhaíochtaí Comhshaoil**

| Maitrís Idirchaidrimh – Eilimintí Comhshaoil | Sláinte an Duine | | Daonra | | An bhithéagsúlacht | | Uisce | | Tailte agus Ithreacha | | Tógáil Talún | | Cáilíocht Aeir | | Aeráid | | Torann agus Creathadh | | Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach agus Cur isteach | | Bonneagar agus Fóntais | | Trácht agus Iompar | | Bainistíocht Acmhainní agus Dramhaíola | | Oidhreacht Chultúrtha | | Taitneamhacht Tírdhreacha agus Amhairc | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. | Con. | Op. |
| Sláinte an Duine | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Daonra | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| An bhithéagsúlacht | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Uisce | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Tailte agus Ithreacha | ✓ | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Tógáil Talún | | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cáilíocht Aeir | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aeráid | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ | ✓ | | | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Torann agus Creathadh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach agus Cur isteach | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bonneagar agus Fóntais | | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | |
| Trácht agus Iompar | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | | | | | | | | |
| Bainistíocht Acmhainní agus Dramhaíola | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ | | | | ✓ | ✓ | | | | | ✓ | | | | | | | | | |
| Oidhreacht Chultúrtha | | | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ | | ✓ | | | | | | ✓ | | | | ✓ | | | | | | | | | |
| Taitneamhacht Tírdhreacha agus Amhairc | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | | | | | ✓ | ✓ | | |

Nótaí: Ba chóir an mhaitrís seo a léamh anuas, ag tosú le gach topaic a aithnítear trasna an bhairr. ✓ - Léiríonn sé idirghníomhaíochtaí suntasacha idir topaicí. Léirítear le cealla bána nach bhfuil aon idirghníomhaíochtaí nó nach bhfuil ann ach idirghníomhaíochtaí laga. Con. = Céim na Tógála. Op. = Céim Oibriúcháin.

## 10.18 Tionchair Charnacha

Tagann éifeachtaí carnacha as go leor éifeachtaí beaga nó suntasacha, lena n-áirítear éifeachtaí a bhíonn ag tionscadail eile, chun éifeachtaí níos mó agus níos suntasaí a chruthú. Is féidir tionchar carnach breise a chruthú mar gheall ar athruithe incriminteacha a cruthaíodh le tionscadail eile san am a chuaigh thart, san am i láthair nó tionscadail atá intuartha go réasúnta in éineacht leis an Scéim bheartaithe. Seachas forbairtí atá ann cheana féin agus / nó forbairtí ceadaithe chomh maith le forbairtí sa phróiseas réamhphleanála, déanann an TMTT seo breithniú ar leithdháiltí talún den phlean forbartha a mhéid is féidir.

Tá taighde déanta chun liosta fada forbairtí eile a d'fhéadfadh forluí leis an Scéim bheartaithe a aithint, agus é mar aidhm aige na tionchair charnacha a chinneadh. I measc na staidéar deascbhunaithe a rinneadh bhí staidéar ar iarratais phleanála, doiciméid an phlean forbartha, creataí forbartha, agus foinsí eile a bhí ar fáil. Ina theannta sin, tá measúnú déanta ar aon iarratais phleanála atá ceadaithe agus fós infheidhmithe mar aon le haon fhorbairtí móra eile atá i gcéimeanna an iarratais réamhphleanála agus an réamhdhearaidh chun na tionchair charnacha leis an Scéim bheartaithe a shainiú. Rinneadh an cuardach is déanaí le haghaidh forbairtí a breithníodh sa TMTT seo an 30 Meitheamh 2024.

Breathnaíodh ar na foinsí seo a leanas agus forbairtí ábhartha eile á n-aithint chun tionchair charnacha a mheasúnú:

- Suíomh Gréasáin an Bhoird Phleanála – le haghaidh sonraí ar Fhorbairtí Straitéiseacha Bonneagair (SIDanna) agus Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta (SHDanna);
- Suíomhanna gréasáin na nÚdarás Áitiúil agus na pleananna forbartha do Chathair Bhaile Átha Cliath agus Fhine Gall – le haghaidh sonraí ar leithdháiltí agus limistéir le haghaidh athnuachana;
- Bunachar Sonraí Náisiúnta d'Iarratais Phleanála – le haghaidh liosta in-íoslódáilte d'iarratais phleanála a sheoltar ó Údaráis Áitiúla;
- Tionscadail atá á bpleanáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair (soláthraítear sonraí ar shuíomh Gréasáin an NTA) mar chuid de thionscadail agus de chláir mhóra iompair eile de réir na Straitéise Iompair don GDA 2022 – 2042;
- Tionscadal Éireann 2040, a chomhcheanglaíonn an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Creat Náisiúnta Pleanála. (gov.ie – Tionscadal Éireann 2040 (http://www.gov.ie) agus a léarscáil idirghníomhach);
- Suíomh Gréasáin Bhonneagar Iompair Éireann – chun mórthionscadail agus cláir iompair a aithint (cosúil le Bóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí);
- An Tairseach EIA á chothabháil ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil – iarratais ar thoiliú forbartha in éineacht le TMTT;
- Suíomh Gréasáin Uisce Éireann, a bhfuil leathanach ar a thionscadail ar áireamh ann (https://www.water.ie/projects/); agus
- Láithreán gréasáin Iarnród Éireann, a chuimsíonn na Tionscadail Dart+.

Rinneadh measúnú ar 402 'forbairt eile' agus rinneadh scagadh ar 43 san iomlán maidir le tionchair charnacha a bhaineann le gach ábhar comhshaoil. Rinneadh an measúnú ar thionchair na Scéime beartaithe go carnach le gach forbairt eile agus ar bhonn péire, go háirithe maidir le 'moil', áit a bhfuil forbairtí iolracha cóngarach do bhealach na Scéime atá beartaithe. Maidir le gnéithe Sláinte Daonna, Bithéagsúlachta, agus Talún agus Ithreacha, rinneadh scagadh ar na 43 forbairt go léir toisc go raibh sé socraithe nach mbeadh aon tionchar carnach suntasach dóchúil acu mar gheall ar a bhfad, a scála agus a gcineál. Baineadh de thátal as an measúnú go mbeidh na bearta maolaithe atá san áireamh cheana féin don Scéim bheartaithe oiriúnach agus leordhóthanach chun tionchair charnacha a mhaolú.

Áiríonn an measúnú meascán mionsonraithe de mheastóireachtaí tionscadail aonair chomh maith le hanailís mol, a scrúdaíonn tionscadail ina n-aonar agus mar fhorbhreathnú iomlán. Cinntíonn an cur chuige cuimsitheach measúnaithe seo go ndéantar tionchair charnacha na n-ilfhorbairtí agus na Scéime beartaithe a mheas le chéile. Roghnaíodh Droichead Broome, Sráidbhaile Fhionnghlaise, agus Baile Shéarlais mar mhoil chun tionchar carnach na bhforbairtí a mheas mar gheall ar a dtábhacht straitéiseach agus a bhfeidhmiúlachtaí éagsúla. Seachnófar nó laghdóidh cur i bhfeidhm na mbeart seo tromlach na dtionchar carnach féideartha aitheanta go leibhéal inghlactha cé is moite díobh seo a leanas:

- Tógáil Talún le linn na Céime Tógála agus Oibriúcháin;

- Trácht agus Iompar le linn Chéim na Tógála;
- Oidhreacht Chultúrtha le linn na Céime Oibriúcháin; agus
- Tírdhreach agus Amharc le linn Chéim na Tógála.

Is leor bearta maolaithe caighdeánacha arna gcur i bhfeidhm le forbairtí eile agus iad siúd atá san áireamh sa dearadh chun tionchar carnach a laghdú. Níl aon bhearta maolaithe sonracha breise ag teastáil le haghaidh tionchar carnach.

Toisc gur doiciméid dhinimiciúla an CEMP agus an CTMP araon, áiritheoidh an Conraitheoir ceaptha go bhfanfaidh sé cothrom le dáta ar feadh na tréimhse tógála. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an CEMP a athrú le linn shaolré na tréimhse tógála chun torthaí monatóireachta, athruithe reachtacha, torthaí na gcomhairliúchán tríú páirtí etc. a chur san áireamh. Féadfar aguisíní breise a chur leis an CEMP chun freastal ar thorthaí monatóireachta, ceadanna, etc. Mar sin féin, ní dhéanfaidh an bhailchríoch agus an nuashonrú a dhéanfaidh an Conraitheoir a cheapfar ar an CEMP difear do stóinseacht agus leordhóthanacht na faisnéise a chuirtear i láthair anseo agus a bhfuiltear ag brath uirthi sa TMTT seo.

Forluíonn mórthionscadail iompair eile ar nós BusConnects Dublin agus DART+ West leis an Scéim bheartaithe. Tá na bearta maolaithe a theastaíonn leagtha amach sa TMTT seo agus cuirfear i bhfeidhm iad mar chuid de thógáil agus d'oibriú na Scéime beartaithe. Tá gá le comhordú agus comhtháthú idir na tionscadail seo lena chinntiú go ndéantar bearta maolaithe a dhéileálann le tionchair charnacha a bhainistiú i gceart.

Tar éis bearta maolaithe a chur i bhfeidhm seachnófar nó laghdófar aon tionchar carnach diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann, mar sin meastar nach bhfuil aon tionchar iarmharach Suntasach. Ina theannta sin, beidh roinnt tionchair iarmharacha dearfacha ag an Scéim bheartaithe le linn a hoibríochta i gcomhar le forbairtí iompair eile. Is iad na hiarmhairtí carnacha iarmharacha suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an Scéim bheartaithe ná seirbhísí iompair phoiblí a fheabhsú, cáilíocht an aeir a fheabhsú, an poitéinseal d'aistriú modha ó fheithiclí príobháideacha go hiompar poiblí agus éifeachtaí fadtéarmacha dearfacha do ghnóthaí mar gheall ar athfhorbairt an cheantair.

# SECTION 11: CAD A THARLÓIDH ANOIS?

Tá sé i gceist go mbeidh an Scéim bheartaithe i bhfeidhm in 2035 (an bhliain tosaigh).

Féadfar cóip den dréacht-Ordú Iarnróid agus den doiciméadacht lena n-áirítear an TMTT agus an Ráiteas Tionchair Natura a iniúchadh saor in aisce le linn uaireanta oscailte poiblí ón 22 Samhain 2024 go dtí an 20 Eanáir 2025 sna háiteanna seo a leanas:

- Oifigí an Bhoird Phleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902;
- Oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí Cathartha, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F;
- Oifigí Chomhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, An Phríomhshráid, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath, K67 X8Y2;
- Oifigí Bhonneagar Iompair Éireann ag Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, D08 DK10;
- Oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair ag Teach Mhargadh an Fhéir, Margadh an Fhéir, Baile Átha Cliath 7, D07 CF98 (9.15r.n. – 4i.n. Dé Luain go hAoine)

Is féidir cóipeanna den doiciméadacht, nó sleachta as, a ghabhann leis an iarratas ar an Ordú Iarnróid a cheannach ach táille a íoc nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann leis an gcóip nó an sliocht sin a dhéanamh ó:

- Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, D08 DK10, Éire.

Féadfar iarratais cheannaigh den sórt sin a sheoladh chuig Bonneagar Iompair Éireann, Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, D08 DK10 nó info@luasfinglas.ie trí ghlaoch ar Shaorghlao 1800 666 888.

Is féidir an feidhmchlár a fheiceáil / a íoslódáil ar / ón suíomh gréasáin seo a leanas freisin: www.luasfinglasro.ie ón 15 Samhain 2024.

Ní féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur faoi bhráid an Bhoird i scríbhinn ach ón 22 Samhain 2024 go dtí an 20 Eanáir 2025.

Faoi réir RO a dheonú, beidh gá le próiseas soláthair phoiblí chun Conraitheoir(í) a roghnú chun an dearadh a chur i gcrích agus chun an Scéim bheartaithe a thógáil. Nuair a bheidh an Conraitheoir roghnaithe, cuirfear tús leis an bpróiseas tógála, agus tógfaidh sé thart ar 3.5 bliain an Scéim bheartaithe a thógáil.




**Fíor 11-1: Treochlár Luas Fhionnghlaise**